Beirt Déiseaċ

PB1419
.O414B4

S. Ó. h-Ailpín



THE PADRAIC UA CASAIDE
MEMORIAL COLLECTION

Pádraig Ua Caraide,
583 Sráid Meaḋonaċ,
Lowell, Mass.
an cúigeaḋ lá fiċeaḋ
de Lúġnasa, 1923.

Beirt Ḋéiseaċ

mar atá:

Sceul nua-ċeapṫa, agus Trí Sceulta arna dtiontóḋ ó ṫeangṫaċa eile.

Seán Ó Cuirrín

do scríoḃ.

Ḟoillsiġṫeoirí:
Cuallaċt Oideaċais na h-Éireann,
i mBaile Áṫa Cliaṫ.

PB 1419
O 414 B4

BOSTON COLLEGE LIBRARY
CHESTNUT HILL, MASS.

231164

Clár.

Leaṫ.				Uġdar.
1	...	Beirt Ḋéiseaċ	...	S. Ó Cuirrín.
35	...	Rip Ḃan Ḃuincil	...	Washington Irving.
59	...	An Deoruiḋeaċt Ḟada		Count Leo Tolstoi.
77	...	Croḃ an Indiaiġ	...	Lorimer Stoddard.
94	...	Aḋḃar Cleaċtta Scríoḃta agus Aṫ-innste.		
103	...	Gluais agus Foclóir		

Beirt Déiseach.

I.

Bhí an chuideachta go léir 'na suidhe timcheall an bhúird, fir meadhon-aois a bhfurmhór, scoth-aois mhaith ag triúr nó ceathrar aca, agus aoinne amháin ar a bhfuair gur dhícheall dó ó n-a dheallramh an tríocha beith slánuighthe fós aige. Ba ghiorra do ghruaim ná do ghreann an fheuchaint a bhí in aghaidh gach aoinne aca, acht ca bhfios nár threise aca cúrsaí gruama ná cúrsaí grinn an oidhche sin. D'eirigh an fear cinn bhúird—scriosaire cruaidh chnámhamhail a raibh deallramh dána tomanta air, bhuail an bórd go mí-fhoidhneach le cúl a dhuirn dhúnta ag fógairt ciúnais, agus ní túisce bhuail ná stad an cogar comhráidh. Labhair sé go mall mursanta agus níor dhóigh leat nach aníos as bharaille bhí an guth ag teacht.

"A chuideachta chóir," ar sé sin, "mar is eol do chách agaibh, sidí comhdháil chinn-bhliadhna "Cumann Sírthe na Síorruidheachta," agus de bhrígh gur ghabhamair orrainn geasa nach ionshárughthe agus ceangal nach ionscaoilte, caithfimíd claoidhe go cruinn ceart le "Cáin agus Reacht" an Chumainn chumasaigh foirleathain seo agus ár mbás nó ár mbeatha do chur ar chrannaibh cinneamhna mar is dleaghthach dúinn i gcomhnuidhe i gcomhaireamh na h-oidhche seo gach bliadhain. Anté a mbeidh sé de rath air cead d'fhághail ón **Árd-Iodhal, Crom,** tré chinneadh na gcinneamhan, a anam do shaoradh ó charcar chumhang na colna agus eitilt leis ar thóir seilbh síor-aoibhneas

na síorruiḋeaċta, beiḋ sé de ṡólás aige go bḟagaiḋ sé a ċuid is a ċnuasaċ abḟus d'ḟágaint le h-uḋaċt ag an gCumann, ċum é ḋul i dtairbe dá ċom-ḃráiṫre sa ċreideaṁ so ar fuaid an doṁain ċeaṫair-áird. Seaḋ, tosnuiġmís anois in ainm **Ċruim.**

Ṫarraing sé ċuige bosca caol duḃ a raiḃ fioġair den mbás tarraingṫe ar a ċliaṫán; ṡuaiṫ sé agus luaisc sé go maiṫ é, annsan ḃain sé an clár de agus leag sé ar an mbórd é.

"Tosaċ tomṫa ag Aoḋaire an Ċumainn, d'réir riaġail an Reaċta," arsa sé, agus ṫom sé a spág láiṁe go h-uilinn síos ann. Ṫóg sé aníos dísle ċearnógaċ a raiḃ uiṁir éigin ar aon taoḃ aṁáin di, agus leag sé os a ċoṁair amaċ ar an mbórd í agus taoḃ na h-uiṁreaċ síos di.

"An dara tomaḋ ag an Reaċtaire," arsa sé, ag feuċaint i leiṫ an ḟir a ḃí ar a ḋeis. Ḋein an Reaċtaire mar a ḋein an t-Aoḋaire roiṁe.

"Tomaḋ do ċáċ anois d'réir úird a dtiodal is a gcéim," ar sé sin.

Ṫom gaċ fear den ċuideaċtain a láiṁ síos ann ar dteaċt dá uain, agus leagaidís na dísli, taoḃ caoċ anáirde, os a gcoṁair gan feuċaint orra, go dtáinig uain an ḟir ḋeireanaiġ. Fear óg lúbaċ leaṫan-ġuailneaċ é sin a raiḃ feusóg ruaḋ-ḋonn air a ḃí go cíorṫa cóir, carn-folt casta ar ċoṁ-ḋaṫ léi ar ṁullaċ a ḃaiṫis, agus uaisleaċt agus oirḋearcas éigin 'na ċeannaċa ná raiḃ in aon duine eile dá raiḃ i láṫair. Ṫáinig stad ann nuair a ṫáinig a uain ċum tomṫa.

"Ṫoicim! a ḟir óig," arsa'n t-Aoḋaire, "bíonn deireanaċ áḋṁaraċ, ca bḟios naċ duit a ḃeaḋ an t-aoiḃneas so indán." Ċuaiḋ an searḃas go smior a ċnáṁ sa ḃfear óg, agus ṫom sé mar a ḋein cáċ.

“Tosaċ iompuiġṫe don Aoḋaire,” arsa'n fear cinn ḃúird arís, ag iompóḋ taoḃ na h-uiṁreaċ dá ḋísle anáirde. D'iompuiġ gaċ aoinne aca a ḋísle d'réir úird a ṫomṫa. Ḃí neaṁní cló-ḃuailte go doiṁin duḃ ar ḋísle an ḟir óig.

Ba léir a bḟuascailt ón imṡníoṁ in aġaiḋ ċáiċ agus d'iontuiġeadar go léir a súile ar an bḟear óg. Mara raiḃ áṫas le feiscint 'na ġnúis sin ní raiḃ ná buaiḋreaṁ, ḃí sé díreaċ mar a ḃeaḋ dealḃ ṡnoiġte ṁarmair.

“Moċean méid t'áiḋ anoċt, a Ṫaiḋg Uí Ċearḃaill,” arsa'n t-Aoḋaire: “is follus tré ṫuitim na dísle gur tú is annsa eadrainn leis an **Árd-Ioḋal, Crom,** bíoḋ gur tú is ísle céim sa Ċumann so. Cuir ċúgat an scian so anois agus go n-eiriġe do ṫurus go geal leat go Tír na h-Óige is na Glóire.”

Ṫóg Taḋg Ó Cearḃaill an scian a ṡíneaḋ ċuige agus ní raiḃ toċt ná toċtán 'na ġlór ag gaḃáilt buiḋeaċais leis an Aoḋaire i dtaoḃ a ḋeaġ-ṁéinne. Ċroṫ gaċ aoinne den ċuideaċtain láṁ go lúṫġáireaċ leis diaiḋ ar ndiaiḋ, agus ṫugadar an dorus amaċ orra féin. D'airiġ sé na dóirse á ndaingniú ón taoḃ amuiġ agus annsan coiscéim riġin riaġalda an dóirseora ar páil an ċlóis.

D'ḟeuċ sé ar an scian agus láiṁsiġ sé go h-aireaċ í. Ḃí rinn uirre a leigfeaḋ dealg. Ḃain sé ar éigin le barr a ṁéire í agus d'eiriġ braon fola. Ċuaiḋ critir go croiḋe ann ar bḟeiscint na fola ḋó. Cionnus a ġeoḃaḋ sé an scian san do ṡáṫaḋ go crois a dornċuir 'na ċaḃail agus fuil a ċroiḋe do ṫabairt ag brúċtaḋ amaċ 'na caisí teo tréana ṫar ċombar a ċléiḃe? Ṫáinig foiréigin fuaṫa agus dásaċt dearḃ-ġráine air. Ċuiṁniġ sé ar an gcráin a raiḃ sé ag feuċaint uirre dá **ṁarḃaḋ** fadó sa ḃaile—gaċ ball dá conablaċ

ag crioṫ is ag rince d'réir mar a ḃí a cuisleanna go léir ag tál na fola amaċ go taoiḋeaċ taoscaċ.

Bás d'imirt air féin! Ṫáinig sceul Ṁicil Seanċuiḋe ċum a ċuiṁne. Ba ṁaiṫ ba ċuiṁin leis anois an oiḋċe ġaoṫṁar ġeiṁriḋ úd a raḃadar go léir bailiġṫe timċeall na teine sa ḃaile, agus Micil ag giorrú na h-oiḋċe dóiḃ le n-a cuid eaċtraí agus imṫeaċta. Ċrom sé ag deunaṁ aiṫrise ar Ṁicil i gan fios dó féin: ". . . . . . . oiḋċe fuar fiaḋain b'eaḋ í, dála na hoiḋċe anoċt tar-a bfacabair riaṁ. Ḃailiġ meiṫeal ṁaiṫ ṁór againn le ċéile agus ṫugamar linn ráinne agus piocóidí agus sluaisde, agus ċromamar ag oscailt na h-uaiġe. Ní raiḃ de ṡolus againn aċt snab beag coinnle agus d'ḟan sé ar lasaḋ annsúd fá'n radaḋ gaoiṫe anoir-aduaiḋ gur leagaḋ an ċoṁra leasmuiġ de ġeata na roilige: Ċuaiḋ an snab in eug ar an nómat san agus leig na mairḃ a ḃí sa roiliġ trí gárṫa gáirdeaċais—ċionn úr ḃeannuiġṫe na cille do ċosaint ar ṫruailliú an ṁarḃáin a ṫoiġ bás Iúdáis dó féin.

Dar leis gur airiġ sé na gárṫa san 'na ċluasa anois agus d'eiriġ gaċ fionna fuilt a ḃí ar a ċeann 'na ċolg-ṡeasaṁ agus ṡ id fuar-allus amaċ tréd. Ḃain sé fioġair na croise ar a eudan, rud nár ḋein sé le deiċ mbliaḋna éigin roiṁe sin. Caḋé an mac mallaċtain a ṡéid faoi, creideaṁ glan-ionraic a ṡinsir Ġaeḋeal do ṡeunaḋ agus breun-iodaltras luċt aḋarṫa Ċruim do ċleaċtaḋ? Ceiméireá an tsaiḋḃris agus an tsaoġail, nár eiriġe an t-áḋ leo! Ḃí saiḋḃreas agus subaċas aige dá mb'áil leis fuireaċ i bfeiġil a aṫar i ndúṫaiġ Déise. Aċt nior ḟan; ṁeall aer agus scléip an tsaoġail ṫar lear i gcéin é, agus ṫug sé caiṫeaṁ ṫar aois ar a aṫair boċt. Ċuaiḋ a ḋear-

ḃráṫair 'na ḋiaiḋ le ragairne agus carrḃas gur ċuir sé a ṁuintir le déirc agus gur ċuir sé a aṫair san uaiġ. Nár ḋeas an urraim í sin don aṫair a ṫóg go deáṫ-raṁail deaġ-ṡomplaċ iad!

Oċ! nár ḃfada ón a ċéile féile croiḋe Gaeḋeal agus gangaid luċt áitreaḃṫa na h-áite euraċtaṁla so 'nar ṫug a ċosa é! Nuair a ḃí sé á ḟáscaḋ agus caise ag teaċt 'na ċrios le gorta, ċuaiḋ sé i muinġin an ḃalḃ-ioḋail, Crom, agus d'ḟuar gráḋ an Ḟír-Ḋia 'na ċroiḋe d'réir mar a ċonnaic sé maoin agus acfuinn ag fás aige féin. Cadé an solás ḋó an saiḋḃreas ar fad anois nuair a ḃeaḋ sé go léir 'na ḋiaiḋ agus damaint ṡíorruiḋe ag fuireaċ ṫall leis?

Ṫáinig neul ann ag cuiṁneaṁ ar an dallaḋ intinne a ċuireaḋ air, agus ċonnaic sé anois go raḃaḋ t'réis cluain ċalaoiseaċ d'imirt air d'ḟonn teaċt ar a ċuid saiḋḃris. Ċaiṫ sé an scian uaiḋ ar an talaṁ. Ba leor leis a raiḃ de ṡárú deunta aige in aġaiḋ Dé gan an ċoir ċlaon ṁalluiġṫe seo do ḃeiṫ ar a anam. Cadé an beann a ḃí aige ar na geasa a ġaiḃ sé air féin?—grian agus gaoṫ do ṫaḃairt i gcoruiḋeaċt agus i slánaḋ go ndeunfaḋ sé réir Ċruim go h-uṁal macánta! geallaṁaintí páganaċa iad san ná raiḃ sé de ḋualgas ar Ċríosduiḋe Ċatoilceaċ iad do ċoṁlíonaḋ.

D'ḟeuċ sé timċeall ar fuaid an tseomra ag lorg poll euluiġṫe. Níor ḋaingne Bastille Ṗáras na Fraingce ná an tiġ; ní raiḃ dul isteaċ ná amaċ ann aċt tréd an dorus agus ḃí coṁla ḋaingean ḋaraiġe, a raiḃ troiġ ar tiġeaċt inte, mar stacán i mbeul na beárnan san roiṁe. Nár ċuma ḋó é! Ní ḃeaḋ in eulóḋ aċt cáirde lae nó míosa nó bliaḋna, an ċuid is mó ḋe, ón mbás, agus ba ṗeannaid ḃáis gan faoiseaṁ gan fuascailt ḋó é an ċuid eile dá ṡaoġal 'na ḋiaiḋ

san. Ná faca sé ċeana é, fear a ḃí sa ṗonc ċeudna a raiḃ sé féin anois, agus a ṫug a ċosa glan leis go dúṫaiġ i gcéin. I gcionn ráiṫe 'na ḋiaiḋ san, ḃí sé ṫar n-ais 'na ċime aca, agus d'imriġeaḋ bás Ċruim gan truaġ gan taise air.

Bás Ċruim! Go gcosnuiġe Rí na ngrást é féin air, agus go maiṫe Dia 'na ṫrócaire dó nár ḋíol truaiġe leis an uair úd an fear boċt san ag fulang pianta a ṗrugadóireaċta aḃfus! É i gcuibreaċ an Ríġ-ċeangail sa Ḃróin-bearg aca agus iad lán ċoigtigis á ṗriocaḋ ingaċ órlaċ dá ċorp le bioráin ḃioraċa agus ag gaḃáilt go h-eudtrom le cleití ṫar ḃuinn a ċos air, bolaiṫe breuna á gcur fá n-a ṡróin, agus ceud cráḋnas eile naċ iad á n-imirt air, gur ḋéistean leis ḃeiṫ á ríoṁ anois. Níor scuireaḋ dá ċráḋ gur ṫáinig táṁ-neulta fanntais agus dí-ċuiṁne i gcaḃair air. Ar éigin a sciobaḋ ón mbás é agus annsan scaoileaḋ leis amaċ fá'n saoġal 'na amadán ṁeaṫta gan meaḃair gan moṫú gan misneaċ, agus fear scine á leanṁaint ar nós a scáile féin agus ag bagairt sáṫaḋ agus ropaḋ air gur ġaiḃ geilteaċas mire é agus gur ċuaiḋ sé i muinġin bás le báḋaḋ.

Ó! Dia idir é féin agus cráḋnas den tsórt san! Rug sé ar an scian le fioċ buile. Dar ḃríġ a nirt agus a ċlisteaċta go scaoilfeaḋ sé an braon deiḋeanaċ a ḃí 'na ċorp á ċosaint féin ar luċt a ġéar-ċráiḋte, agus ná beaḋ fáġail ag lán an tiġe aca ar ḃreiṫ beo air! Ḃraiṫ sé feiḋm deiċeanḃair ag teaċt ann féin leis an linn sin. Seo ar fuaid an tiġe leis ag beartú na scine agus á ċleaċtaḋ féin ar ċlisteaċt ċoṁraic. Ṫugaḋ sé foġa agus amus iomrollaċ fásna poill beaga a ḃí feaḋ'n falla, dómus gurḃ iad súile a naṁad iad. Foġa dá dtug sé d'aimsiġ sé poll díoḃ

go glan díreaċ agus le praib na súl ḃí an ḃeárna ar oscailt os a ċomair sa ḃfalla. Níor ġeit uamain aċt ġeit áṫais a ḃaineaḋ as. Ċaiṫ sé uaiḋ an scian agus léim sé isteaċ sa mbeárnain. Lean sé an ċonair roiṁe, ag láṁacán leis cois an ḟalla agus an dorċadas duḃ ag deunaṁ foiréigin ar raḋarc a ṡúl. Ṫimċeall ceud slat a ċuaiḋ sé nuair a ḃuail sé a ċois i gcoinne cloiċe agus baineaḋ barr-ṫuisle as. Ṫáinig sé anuas ar a ḃeul is ar' aġaiḋ ar staiġre cloiċe. Anáirde an staiġre leis gur ḃuail sé a ċeann suas i gcoinne leac ṁór ṁarmair. Ṡíl sé ná raiḃ dul a ṫuille aige agus ṫáinig straiḋn agus neul buile ann. Ċrom sé a ċeann agus ċuir sé a ṡlinneáin leaṫan-láidre leis an lic agus le feiḋm na h-iarraċta ċuir sé de anáirde í. Leac fuiliġṫe beul uaiġe b'eaḋ í, mar ḋ'eaḋ, agus cá dtiocfaḋ sé amaċ ná istiġ i lár roilige. Ċuiṁnig sé ar sceul Ṁicil Seanċuiḋe arís, aċt ṫug sé buiḋeaċas le Dia an iarraċt so gur beo beaṫaḋaċ a ḃí sé ag eiriġe aníos as an uaiġ agus naċ aṁlaiḋ ḃíoḋ ag iomċar a ṁairḃ as, ar eagla é ċur buaḋairt suain ar luċt coṁnuiḋṫe úr na cille.

II.

Ḃí ceannuiḋe 'na ċoṁnuiḋe ar ċalaḋ-port Luimniġe. Sean-ċaptaen b'eaḋ é a raiḃ an ċuid b'ḟearr dá ṡaoġal caiṫṫe ar an ḃfarraige aige, agus ċuir sé faoi 'na ċaṫair ḋúṫċais ċum fuineaḋ foġṁair a ṡaoġail do ċaiṫeaṁ ann fá ṡóġ is fá ṡuaiṁneas i ḃfarraḋ a ṁná agus a ṁacaoiṁ ingine. Ḃí bun-cúl maiṫ airgid i dtaisce aige i gcionn a ċaogad bliaḋain ar muir agus ċeannuiġ sé siopa a mbíoḋ seolta agus teuda agus gaċ

treallaṁ eile trágḋála á nḋíol aige ann. Ḃí caḃlaċ beag aige féin, a cúig nó a sé d'áṫraiġe seoil, a ḃíoḋ ag síor-ṫrágḋáil dó idir ċoṁgar agus céin. Ḃaḋ ḋóiġ leat ar an ḃfear macánta le feuċaint air, ná raiḃ pingin ruaḋ aige, é ċóṁ gaeḋlaċ geal-ġáiriteaċ, gan eiriġe-anáirde ná raillsí galántaċta ná goiṫí uaisleaċta ann. B'ḟéidir gurbé muileann an tsaoġail a ḃí t'réis íoċán na diṫċéille do ċáiṫeaḋ glan as a ċeann, nó b'ḟéidir gur aṁlaiḋ nár ḋual cine ḋó gaigiḋeaċt ġalánta. "Ó! ar son Dia, a ḃean, saor sinn ar na geáitsí sin," adeireaḋ sé le n-a ṁúirnín mná, nuair a ḃíoḋ sí ag iarraiḋ é ċur ar a leas, dar léi; "Dé cúis a gceilfinn-se ar an saoġal gur mac mic d'iascaire Ḃuiḋe Luimniġe me? An de ċionn Dia a ḃronnaḋ acfuinn orm ṫar ar ġaiḃ dem ṡinsear roṁam go mbeinn ag coimeád rúin ar ċéird agus sliġe-beaṫa m'aṫar, ar eagla a ċasta liom?" Agus sciobaḋ sé as a dorn an sean-pleiḋc hata a ṡíleaḋ sí a ċaiṫeaṁ 'sa teine.

Ḃí an ḃean ḃoċt cráiḋte ceusta aige agus ḃíoḋ sí ag deunaṁ leaṫ-scéil dó leis an gcuideaċtain uasail a mbíoḋ sí ag congḃáil coṁluadair leo. "Muileann an tsaoġail atá t'réis saoḃaḋ agus scaipeaḋ do ċur ar an uaisleaċt ba ḋual do gaċ glúin dá ṡinsear," adeireaḋ sí. An ḃean ḃoċt! Iad súd ag gáire 'na gcliaḃ ag cuiṁneaṁ ar an ngeinealaċ bréige a ḃí sí ag éileaṁ di féin agus dá tufalaisc fir. Aċt ní baoġal go leigidís orra léi gurḃ' aiṫnid dóiḃ oiṫreaċt an tsíolraiġ ó'r ċinn sí—ceannuiḋṫe seiċe is cnáṁ is clúiṁ. Sé an t-airgead an duine.

Meaḋḃ dob'ainm don inġin agus níor ṁisde a ráḋ ná gur ṫuill sí Plúr Ḃan Luimniġe do ġairm di. Ḃí meidir is scléip-sult inte i dteannta greantaċt

clóiḋ agus maise gnaoi, agus is mó ógánaċ uasal a ḃí meirḃ tláṫ le gráḋ ḋi. Aċt is ró-ḃeag an ḃeann a ḃí ag Meiḋḃ orra; in aiṁḋeoin oileaṁna a máṫar, ḃí dúṫċas a h-aṫar inte ċoṁ treun beagnaċ agus a ḃí sé san aṫair féin.

“Millfiḋ tú orm mac-imleisean mo ṡúl,” adeireaḋ an Sean-Ċaptaen, nuair a ċíoḋ sé an ṁáṫair ag cros a scléipe agus a gáire ġil Ġaeḋealaiġ ar Ṁeiḋḃ.

“Go maiṫiḋ Dia ḋuit é, a ṁic iascaire na n-eascún,” adeireaḋ sise á freagairt, “ná cuirfeaḋ cosc ná srian leis an saoḃ-ḋúṫċas a ṫugaḋ uait, agus ba ṁaiṫ an díol ar ḃanḋúnaiḋe oitir mar tú, Dia a ḃronnaḋ geanncóg ġearrċaile gan áird gan maise air in áit scoṫ ban n-Éireann.”

Ba ḋéirc le Meiḋḃ an cáirde beag san ón oileaṁaint nár ṫaitneaṁ léi, agus ċromaḋ sí á ngríosaḋ ċum a ċéile; aċt, ċum a ceart do ṫaḃairt ḋi, ní uireasba urraime ná gráḋa dá túismiġṫeoirí a sporraḋ í ċum aiġneas d'aḋaint eatorra, aċt neart scléipe agus grinn ḃeiṫ go doiṁin do-ċlaoiḋte inte. Scléipeaċ gaeḋealaċ 'na ḋála féin ab'fearr le n-a h-aṫair í, galánta gallda mar í féin ba ṁeaḃair leis an ṁáṫair í ḋeunaṁ.

Ċuaiḋ Meaḋḃ lá amaċ ar marcuiḋeaċt ar a capaillín glas, mar ba ḃeus aici. Tráṫnóna broṫallaċ Saṁraiḋ b'eaḋ é, agus ċongḃuiġ sí casán na h-aḃann ċum fionnfuaras feoiṫne an ċuain do ḃeiṫ aici. Ċuir sí roinnt mílte idir í agus an ċaṫair gur ṫáiniġ sí go dtí tráiġ ġainṁe. Ḃí gasra leanḃ ag sugraḋ ar an tráiġ agus stad sí ag feuċaint orra. Ḃí gleo agus greann an doṁain aca, iad ag rúscaḋ cnapáin ġainṁe agus geon gáire aca a ḃoḋraḋ baile. Ba ġeal le n-a croiḋe óg aeraċ iad go ḃfaca sí aḋḃar a suilt—fear

boċt nárḃ'ḟiú pingin na giobail euḋaiġ a ḃí air, é lom leicte leaṫan-ġuailneaċ, feusóg ruaḋ-ḋonn scáiṫteaċ air agus moṫall mór gruaige gan cíoraḋ gan slámaḋ ar a ċeann. Ḃuail truaġ 'na croiḋe ḋó í, nuair a ċonnaic sí á ċiapaḋ é ag an ngasra geafar gan tuisgint gan taise, agus a ḟusaċt ḋó goin galainn do ḋeunaṁ ḋíoḃ dá n-eireoċaḋ a ċoċal. Ġreaḋ sí an capaillín le n-a sáile agus ṫiomáin sí ar ċos-anáirde 'na dtreo. Ṫeiċeadar róimpe agus d'ḟágadar an giobaċán aici. Is amlaiḋ ḃí sé siúd ná é caiṫte ar a leaṫ-ṡliasaid agus bas leis ṫar a aġaiḋ aige agus é ar crioṫ le fallsaor eagla agus le scáṫ. Níor ċorruiġ sé, aċt é ag éiġeaṁ go truaiġ, gur ċuir sí caint air.

“ Eiriġ, a ḋuine ċóir,” ar sí, “ ní baoġal duit feasta, tá siad imṫiġṫe.”

D'eiriġ sé agus d'ḟeuċ sé ṫimċeall air do gaċ taoḃ agus scannraḋ 'na ḋá ṡúil. B'ḟollus air go bfaca sé gorta agus géirleanṁaint, agus ba léir di, in aiṁḋeoin an druċ a ḃí anois air, go bfaca se lá ní b'ḟearr aige féin agus nárḃ'ḟear déirce é mar a ṡíl sí ar dtúis.

“ Cad is ainm duit ? ” ar sí sin leis arís.

“ Ní—ní feadar me cia hé me,” ar sé sin, “ ná ca-cad as dam ; bain ciotrainn éigin dam d'ḟág meaṫta gan meaḃair gan cuiṁne gan éifeaċt me.”

Ṡáiḋ sé a laḋaraċa loma isteaċ 'na ṁoṫall garḃ gruaige agus baḋ ḋóiġ leat ón riastraḋ ḃí ag teaċt ar a ċeannaċa gur ag géilleaḋ do pian éigin millteaċ a ḃí sé. B'eaḋ leis, aċt níor pian ċolna í aċt pian aigne, ag iarraiḋ breiṫ ar a cuiṁne. Nuair a ḋéineaḋ sé tréan-iarraċt meuduiġeaḋ ar an bpian aige agus ṡaiṁluiġṫí ḋó go bfeiceaḋ sé na mílte roṫ ag casaḋ i luas na gaoiṫe san aer os a ċoṁair agus scriosaṁnaċ

cnáṁaṁail d'ḟear ag eiriġe amaċ ċuige ós na roṫa agus claiḋeaṁ geur scine á ḃeartú 'na ḋeis aige. D'ḟuiliġeaḋ an fear boċt a ṡúile le n-a ḃais agus ḋruideaḋ sé cúpla coiscéim siar i nḋiaiḋ a ċúil. Ḃí focail éigin á ráḋ agus á n-aṫráḋ aige—líne d'aṁrán éigin, agus ṫeipeaḋ glan air gaċ aon iarraċt cur leis na focail sin.

"Ní feadar an mbeaḋ an ċuid eile den ċeaṫraṁain seo agat," arsa sé le Meiḋḃ. "Mar seo ġaḃann sé: 'ná castar sealaḋ 'na gcoṁair . . .' Dá ḃfaġainn Éire 'na fóda caola air ní ḟeudfainn cuiṁneaṁ ar focal eile ḋe, agus tá rud éigin á ṫeasbáint dam gur ann aṫá eoċair mo ċuiṁne iaḋta."

Dubairt Meaḋḃ na focail cúpla uair aċt ní ḃfaġaḋ sí dul níos sia ar an aṁrán agus b'éigin di a adṁáil nár airiġ sí riaṁ é. "Ná bí ag boḋraḋ do ċinn leis mar aṁrán," ar sí: "téan ort liom-sa aḃaile agus taḃarfaiḋ toġa an aireaċais do ṡláinte agus do ċuiṁne tar n-ais ċuġat."

Ní raiḃ aon ṁaiṫ di ḃeiṫ leis; níor ċuir sé aon t-suim 'na ċuireaḋ, aċt rangbáil éigin gan ḃríġ ar siuḃal aige agus é go bog is go cruaiḋ ag iarraiḋ greim d'ḟáġail ar lúib éigin de ṡlaḃra a ċuiṁne. Ba ṁiṫid di ḃeiṫ ag cuiṁneaṁ ar ċasaḋ aḃaile, mar ḃí sé ag tarraingt ar am té, agus is go trom-ċroiḋeaċ d'ḟógair sí ar an gcapaillín gluaiseaċt. D'ḟeuċ sí 'na diaiḋ tar a gualainn uair nó ḋó agus ċonnaic sí an gioblaċán 'na ṡeasaṁ sa ṗaiste ceudna ar an tráiġ.

Ag gaḃáilt isteaċ beul na caṫraċ di d'ḟeuċ sí 'na diaiḋ arís agus cad a ḃeaḋ ná an fear boċt ag sodar go duanaoiseaċ dian tar iontóḋ an ḃóṫair ar a lorg. Níor leig sí uirre go ḃfaca sí é, ar eagla go dtiocfaḋ stad ann. Nuair a ṫúirling sí ag tairsiġ an doruis

aici féin bhí sé le n-a h-ais. Mheall sí isteach léi é agus chuir sí a choimirce ar na seirbhísigh chum cóir bhídh agus eudaigh agus mar sin do chur air.

Aidhe! a dhuine m'anama, dóbair go dtiocfadh an liath-bhuidhe ar a máthair nuair a chuala sí cad a bhí deunta ag Meidhbh, agus muna mbeadh an t-athair a mholadh gníomh déirce na h-inghne agus an beirt aca a chur 'na coinne go daingean dáiríribh, le conairt agus daoscar-shluagh an bhaile a tuitfeadh fear na dí-chuimhne.

Is gairid a bhí Seán Ó Mearbhaill—b'shin í leas-ainm a bhaist na seirbhísigh air—, is gairid a bhí sé ar aoigheacht i dtigh an Chaptaein gur tháinig a mhalairt de chrot is de ghné air. Bhíodh go maith leis agus bhí an biadh buacach á theasbáint féin ar a chreatalach lom dearóil. Níorbh'é an duine ceudna bhí ann ar aon chor nuair a bhí an fheusóg ruadh-dhonn scáitheach cíortha go sleamhain slíobtha aige agus an mothall mór mongach slíogtha siar go snasta ar a chúl agus culaidh bhreágh nua ón mbróig go dtí an bóna anáirde air. Ba dheas córach an buachaill é féin chum feuchaint air, an seasamh díreach maordha a bhí faoi, na guailne leathna crochta a bhí aige, agus an aghaidh uasal ghreanta a bhí air mar a bheadh ar dheilbh shnoighte marmair. Acht ní raibh aon áird ag teacht ar a chuimhne dá fheabhas é togha an aireachais a bhí sé d'fhághail. Ní feiceadh sé acht na rotha diabhail sin ag casadh agus fear caol-árd na scine ag bagairt buan-oidhidh air, nuair a chuireadh sé chum mearbhall measctha a mheabhrach do réidhteach. Ní theigheadh lagadh air acht ag síor-rádh an ramhán amhráin sin, mar bhí sé á thaidhbhreamh dó gur ann a bhí rún agus leigheas a mhearbhaill.

Chuir an Sean-Chaptaen an-shuim ar fad ann, agus bhí dí-chuimhne an fhir bhoicht ag dul chom mór san chum cnuic air go mbíodh sé ag iarraidh féith na filidheachta ná

raiḃ ann, do ċur ag obair ar an raṁán, ag tnúṫ go dtiocfaḋ sé de ċiotrainn ar rud éigin a mbeaḋ máṫair ġaoil aige leis an aṁrán ḃunaiḋ. “Ó'se, deacair is diṫ air mar sceul!” adeireaḋ sé le binib, nuair a ḃíoḋ an ḟiliḋeaċt ag dul sa ṁuileann air, “naċ grásta Dé tarraingeoċaiḋ sé mearḃall agus meascaḋ inċinne orm féin.” Agus annsan ṫagaḋ raċt gáire gaeḋealaiġ air nuair d'aṫ-léiġeaḋ sé dó féin an ċeaṫraṁa ráiḋeaċ a ḃíoḋ ceapṫa aige. Mar seo a ġaḃaḋ sé :

“Monuar! mo ċuma géar! Oċón!
Ná feolṫar fealad im ċoṁair,
An ḃean d'ḟág meaṫṫa me
Is ar diṫ mo ṁearḃaill
Go ḃfaġainn mo ċuiṁne ón-a póig.”

Ní ċuirfeaḋ an saoġal 'na luiġe air naċ bean ba ċinn-tsiocair leis an mearḃall.

Ḃí bean an tiġe féin ag cur roinnt suime sa ḃfear óg. Ḃ'ḟollus di anois nár ṁac bacaiġ ná geocaiġ é mar a ṡíl sí ar dtúis. Ca ḃfios di naċ de ṁuintir ṁaiṫ é a raiḃ cuid is caḃair aca agus go mbeaḋ spré nár ġann ag dul dó, pé lá breáġ a ċasfaḋ Dia a ċuiṁne air? Raġaḋ sí ar a leaḃar go raiḃ braon uasal ann ó ṫaoḃ éigin, agus níor ḃean í a ċaiṫfeaḋ an uaisleaċt ṫar a gualainn. Mar sin, níor ċros sí ar a h-ingin cuid-reaṁ a ḃeiṫ aici leis; ní aṁáin nár ċros aċt ḃ'ḟuar léi a ḃídís le n-a ċéile, agus ḃíoḋ sí ag caiṫeaṁ leaṫ-ḟocail leo gaċ aon ċaoi dá ḃfuair sí. Ḃí Meaḋḃ ró-léir di, leiġeaḋ sí ṫóirsṫe, go h-ainḃfiosaċ mar d'eaḋ, gaċ aon tagairt a ḋéintí do ċúrsaí gráḋa. Pé'ca san de, ní raiḃ fios a h-aigne go ró-ċruinn aici

féin. Ḃí bogaḋ agus corruiġe beag éigin 'na croiḋe ná feadar sí ciaca truaġ nó gráḋ é, aċt uaireanta ṫagaḋ fuaṫ agus gráin aici ar an ḃfear mar ġeall ar a aiteas is a ṁeaṫtaċt. Níor ṫógṫa ar ċailín aeraċ anamaṁail mar í leisce ḃeiṫ uirre dul fa ċuing pósta le fear meaṫta agus gan aon deiṁniú aici go n-imteoċaḋ a ṁearḃall de go bás.

Ḃí an saoġal ar a toil ag Seán Ó Mearḃaill i dtiġ an Ċaptaein, aċt ní ró-ṡásta leis féin a ḃí sé. B'ḟéidir gurḃé an mearḃall meaḃraċ fa ndear an corr-ṡuan a ḃí á ċreim: nó, b'ḟéidir gurḃ 'ḟear é a ṫaiṫiġ an obair ón' óige agus nár réiḋiġ an díoṁaointeas agus an t-seascaireaċt leis; nó, b'ḟéidir fós gurḃí an uaiḃreaċt agus an neaṁ-spleaḋċas a ḃí fa ċeilt ann ná ceadóċaḋ dó aoiġeaċt in aisce do ġlacaḋ agus gan é ar a ċumus an ċoṁair do ḋíol. Aċt pé rud fa ndear an mí-ṡuaiṁneas, ḃagair sé bóṫar a ḃogaḋ maran leigfí dó a ḃeart do ṫuilleaṁ. B'éigin don Ċaptaen géilleaḋ agus ṫug sé maoirseaċt do Ṡeán ar ḟollaṁú agus líonaḋ las ta n-áṫraiġe. Ṫug sé leis ċum na h-oibre é ċum é ḃriseaḋ isteaċ ar an gcéird, aċt níorḃ'ḟada go ḃfaca sé gur múineaḋ céirde don ċeardúiḋe aige é, agus b'ḟuiris a ḟeiscint gur ṫug Seán tréiṁse ṁaiṫ dá ṡaoġal le máirneulaċt.

Ḃí beirt ḟear ag an Ċaptaen i ḃfeiġil an tsiopa, maor agus cléireaċ. Conablaċ teugarṫa toirteaṁail b'eaḋ an maor, agus é go mustaraċ preiceallaċ doiċeallaċ. Ḃí an maor amaċ 's amaċ ann agus ní iarrfaḋ sé d'aoiḃneas aċt ḃeiṫ ag síor-imirt a smaċta ar ḋaoine laga; teann le truaġ agus taise le tréan ba ċleaċtaḋ dó, mar b'ḟada ó misneaċ d'réir méid cuirp ann é. Níor scaoil sé caoi riaṁ ṫairis gan ḃeiṫ ag gaḃáilt do Ṡeán Ó Mearḃaill agus

muna mbeaḋ an Captaen á tárrtáil, b'an-aoiḃinn beaṫa dó aige. Aḃac beag mí-ċreutaṁail b'eaḋ an cléireaċ, aċt má b'aḃaċ d'réir méid é b'ḟataċ d'réir misniġ é agus ní ṁaiṫfeaḋ sé peig ná bonn do Ṁaor na bPreiceall, mar a ḃaist sé fein air.

Ḃí an-ṁuinntearas idir Ṡeumaisín Aḃac agus Seán Ó Ṁearḃaill agus ḃídís i gcoṁnuiḋe i gcuideaċtain a ċéile, ag bádóireaċt is ag gáiḃéireaċt. Raġaḋ Seumaisín tar forus acfuinn a nirt is a ċlisteaċta i ngráḋ an gaisce ba léir dó in Seán d'ḟeiscint as, mar, dála an Ċaptaein, ba ċás caṫaċ leis fear scuabaċ breáġ d'ḟeiscint ar ḋíṫ a misniġ. agus ċreid sé gur i gclaoiḋe na meattaċta ḃí aṫ-ḃreiṫ na cuiṁne. Léimeaḋ sé i ndiaiḋ a ċinn isteaċ san aḃainn gan bróg ná bóna do scaoileaḋ agus annsan leigeaḋ sé air ḃeiṫ á ḃáḋaḋ. Ṫeiġeaḋ Seán de ṡiḋe-reaṫa go dtí bruaċ an ċalaiḋ cúpla uair agus ṡuġaḋ sé siar arís mar a ḋeunfaḋ madra meatta; i ndeireaḋ d'eiriġeaḋ sé de ḃionóig ó áit na mbonn, ḋá ráṁainn siar ón mbruaċ agus teiġeaḋ sé de ḃuillí ḃailc-ḃéimneaċa snáiṁ i gcaḃair ar an aḃac. Leigeaḋ an t-aḃac dó é ṡaoraḋ ón mbáḋaḋ bréige.

Ṫáiniġ fear go tiġ an Ċaptaein lá. Taistealaiḋe doruġa is dúḃan andeas ó ḋúṫaiġ Déise b'eaḋ é, agus Suiḃne na nDúḃan a ṫugtaí air; aċt ní hé a ġnó taistealaiḋeaċta a ṡeolaḋ ċoṁ minic an treo so é, aċt gnó dob' annsa leis ná é .i. gráḋ na h-inġne agus suirġe le spré. Maidir le Meiḋḃ, b'é dálta cailín "Ṁinic a Ṫig" aici é; ṁaiṫfeaḋ sí dó a anaṁaċt dá dtiocfaḋ sé, aċt cuiṁneaṁ ar ċeangal go h-eug leis—Á—ú! Ḃí Suiḃne na nDúḃan 'na ṡeasaṁ sa siopa ag caint le bean an Ċaptaein nuair a ḃuail Seán Ó Mearḃaill isteaċ. D'ait léi sin dé ċúis é ḃeiṫ ag

cur na súl tré Ṡeán agus b'ḟada léi ḃí sí ag coimeád rún ar a fiosruiġeaċt gur imṫiġ Seán arís.

"An aṁlaiḋ go mb'aiṫnid duit an fear san amaċ?" arsa sí leis.

"Ní feadar," ar sé sin, ag caint tré n-a ṁarnaḋ, "agus tá sé á taiḋḃreaṁ dam go ḃfaca ċeana é. Ní'l aon ċasna ann aċt Taḋg óg Ó Cearḃaill ó Ḟearantas Ċearḃaill i nDúṫaiġ Déiseaċ. Aċt cad a ṫabarfaḋ inso é? Tá bliaḋanta ann ó d'imṫiġ sé leis ón' aṫair amaċ go oirṫear Aifrice agus deirtear gur leis méid na h-Éireann de réim talṁan anois ann. Níor ṗráinn dó an imirċe, mar ḃí cíos deisceart Déise ar fad ag teaċt isteaċ go tiġ a aṫar. Ḃí dearḃráṫair ní b'óige ná é a ċuaiḋ le reaic ragairne gur ól sé an sop as an sraṫair agus ní'l tásc na tuairisc air sin."

"Nár ċruinn an iarraċt uaim í?" arsa bean an Ċaptaein ar ball le n-a fear, "d'aiṫin me an uaisleaċt fá n-a ceallṫar dí-ċuiṁne."

"Cad atá anois ort?" arsa'n Captaen go searḃ, mar ċuireaḋ tagairt don uaisleaċt deargus fiacal air i gcoṁnuiḋe.

"Seán Ó Mearḃaill seo ar aoiġeaċt againn atáim a luaḋ," arsa sí. "Ní hí sin a ainm ar aon ċor aċt Taḋg Ó Cearḃaill, de ṁaiṫe mór-uaisle ó gCearḃall ó ḋeisceart Déise. Tá fear a dionġḃála ag Meiḋḃ ann."

"Leig dam a ḃean," arsa'n Captaen, "níor ċás orm-sa gurbé Pilib Ó Fiarṡúill de ċóbaiġ tincéirí ó ċeiṫre árda na h-Éireann é."

Ḃí an ḃean ḃoċt ciapṫa ceusta ag an tufalaisc oitir sin aici, agus ċonnaic sí gur ċleaṁnas gan deunaṁ é dámbaḋ ag braiṫ ar ċabair a fir a ḃeaḋ sé. Raġaḋ sí féin féin 'na ḃun gan spleáḋċas dó. D'fóg-

air sí té ar ṁaiṫe gan maoin agus gaigí gan gustal na caṫraċ ag a tiġ tuaiṫe i gcoṁair a leiṫéid sin de ṫráṫnóna. Níor ṫáinig aċt ar ṁeall cíocras soġlaistí nó gráḋ na h-ingne díoḃ, aċt cár ċuma léi nuair a ṁeall Seumaisín Aḃac leis Seán Ó Mearḃaill.

Ḃíodar go meiḋreaċ measc nuair a ḃí an fíon so-ólta ag eiriġe 'sa ċeann aca. Ḃí an Captaen ar a ċompórd ceart aċt go raiḃ sé a ṫaċtaḋ, mar aduḃairt sé féin, ag an "súgán agus ama" a ṫeann a ċuaċaire mná air. Nuair d'eiriġ an fíon sa ċeann ag Seán, níorḃé an fear ceudna ar aon ċor é, d'imṫiġ sé ó ṡmaċt agus ó ṡrian air féin. Tamall ag gáire ḋó agus tamall ag gol agus tamall eile ag iarraiḋ póg do ḃaint de Ṁeiḋḃ. Ċuir sé fuaṫ fíona agus suilt ar an gcuideaċtain uasail agus ar ḃean an tiġe go mór ṁór, aċt ḃí clab siar go dtí n-a gcluasa ar an gCaptaen, ar Ṡeumaisín Aḃac agus ar Ṁeiḋḃ. Toċt gruama dá dtáing ar Ṡeán, ní ḃfaġaḋ sé a ṡláinte ná a anáil istiġ; ḃí na roṫa diaṁra san ag casaḋ níos mire milltiġe ná riaṁ os a ċoṁair, agus iad á ṁeallaḋ is á ṫarraingt i dtreo an doruis. D'iarr sé ar Ṡeumaisín é ṫionlacaḋ amaċ. Ḃí gáirdín ar aġaiḋ an tiġe agus tuir agus duis órnáideaċa ag fás ṫall is aḃfus ann. Ċonnaic sé na roṫa draoiḋeaċta ag casaḋ istiġ i gceann desna tuir os a ċoṁair amaċ agus scriosaṁnaċ na scine ag eiriġe amaċ ós na roṫa, mar a ḋéineaḋ go minic ċeana. Ní hí a scáil ná a sprid a ḃí ann an iarraċt so, má seaḋ, aċt é 'na ċló marṫanaċ daonda. Ḃí sé ag deunaṁ gaċ ndíreaċ air go h-innealta éadtrom agus a scian ġéar ar tarraingt aige. Deineaḋ stalca de Ṡeán le scannraḋ agus lean a cosa d'ionad a mbonn. Ḃí scriosaṁnaċ na scine ag teaċt de ḃionóig sa mullaċ air, mar a ḃeaḋ leoṁan ar laoġ,

nuair a léim Seumaisín ar a scáṫ agus ġaiḃ sé an buille ċuige féin i ḃformna na gualann clé. Ṫáiniġ a lúṫ ċum Ṡeáin agus ḋein sé an dorus 'na raon maḋma meaṫ-laoiċ.

Ḃí an tiġ in aon iúra-iára aṁáin i gceann nómaite: Seumaisín 'na ċró-liġe ar ṡúsa agus an fuil ag brúċtaḋ as an gcreuċt ḋoiṁin, gaċ aoinne ag toḃaċ leiġis is ag ráḋ "Cuir so is súḋ leis."

"Cuir cré buiḋe leis, ó 'sé is riġne!" arsa'n Captaen go borb searḃasaċ. "As mo ṡliġe liḃ nó dar fiaḋ . . . . . . !"

Ba toil le Dia nár ċríoċnuiġ sé an abairt, mar is ró-ḃeag a loiscfeaḋ ar luċt leaṫ-ṁeisce agus ba leor a raiḃ dortta d'fuil an oiḋċe sin. Ċuaiḋ sé ar a ġlúine agus ċuir sé arta na pola.

Ṫug Meaḋḃ súil ar Ṡeán a ġoin go h-ae é. Noċtaḋ rún a h-aigne ḋó san feuċaint—"ceangal le meatlaoċ a ḋein sciat-ċosanta d'aingciseoir lagaḃaic—Á-ú!" Rioṫ sé amaċ as an tiġ. Dar ḃriġ a ṡean-ġaisce go mbainfeaḋ sé díol go daor de scriosaṁnaċ na scine in éiric na gona! Ṫug sé aġaiḋ ar an abainn agus é ag cur grean agus gainiṁ siar uaiḋ le ruaṫar a reaṫa. D'airiġ sé torann cos 'na ḋiaiḋ agus seo misneaċ agus meattaċt ag breiṫ bárr ar a ċéile 'na ċroiḋe. Níor leor leis boḋar-uisce breun na Sionnainne mar taca le na ḋrom ag gríosaḋ a nirt is ag aḋaint a ṁisniġ. Ċaiṫfeaḋ sé an farraige ċoiṁiġteaċ d'feiscint ar gaċ taoḃ de. Lean sé 'na réim ruaṫraċ síos cois abann go ráiniġ bolaḋ an tsáile a ṡrón. Ḃí clár mór carraige ar a ċlé ná raiḃ fuiliġṫe ar faḋ fós ag an taoiḋe tuille. Léim sé an sannta ḃí idir é agus an ċarraig. Ḃí scriosaṁnaċ na scine go dian dlúṫ ar a sála, aċt ḃí sé bog beann air anois, d'airiġ sé molaḋ agus cáineaḋ

laeiġ ar Ċoinċulainn i dtorann na dtonn. Ḃí sé i gcaḃail a léine ag coṁrac le n-a naṁaid i nóimeat na n-uaire. An ceud foġa, ċuir sé an scian ag rince as a ġlaic ar úrlár ċruaiḋ ċuiriceaċ na carraige; an dara foġa, ċuaiḋ sé de ṡiḋe sanntaċ faoi agus ḃain sé tuairt ṫrom ṫraoċta as a ċorp anuas ar splinc ċloiċe; ṫug tonn treun na taoide tuille an treas foġa fa n-a ċonablaċ, ṡúiġ sí léi ṫar n-ais ṫar ċliaṫán na carraige é síos i gcraos na farraige.

Níor ḃada an rí-rá a ḃí i dtiġ an Ċaptaein ó ċiana gur léim Seán ṫar tairsiġ ċuca isteaċ. Ḃí sé i dtáiniste do Ċoinċulainn nuair a léimeaḋ sé ṫar tairsiġ ríġ-ṫeaġlaiġ Ċonċoḃair tar éis a ḋeargruaṫair, agus muna mbeaḋ folcaḋ fionnḟuarṫa na farraige ḃeiṫ fagṫa 'gá ċorp, ba ġáḋ an tomaḋ sa dabaċ uisce oiḋreata do ṁúċaḋ a ḃruṫ caṫa ann. Ḃí a léine 'na liobar, a ġruaig mar ṁoṫar coille, riastraḋ ar a ḋreaċ agus faġairt 'na súile. Scaip na fuar-ġaigí in aiṫġiorra gaċa conaire tré ḟuinneoga agus tré ḋóirse. Rug sé ḃarróg ar Ṁeiḋḃ agus ḃain teora póg le foiréigin di. B'éigin di maiteaṁ dó aċt níor leor leis san, ḃain sé geallaṁaint pósta ḋi. Annsan ṫáiniġ stuaim ann, aċt ar ball nuair d'ḟuar an ḟuil ċorruiġṫe ann, ḃuail gruaim agus doġrainn agus doilġeas an dúnṁarḃṫa é. Neul níor ċodail sé an oiḋċe sin, in aiṁḋeoin asbolóid an Ċaptaein, aċt sluaġ na farraige ag eiriġe ċuige i dtaiḋḃreaṁ na súl n-oscailte go lá.

Ḃí sé 'na ġeilt críoċnuiġṫe lá'rna ḃáireaċ gur stuamuiġ nuaḋaċt ṁaidne an Ċaptaein é. Mar seo a ḃí. Árṫaċ leis an gCaptaen a ḃí ag cur ċum farraige go dúṫaiġ in imgcéin agus ċuaiḋ an Captaen síos go dtí an calaḋ-port le tosaċ tráiġṫe. D'innseaḋ dó

go ḃfuaraḋ fear báiḋte ag teaċt aníos leis an taoide ṫuille tamaillín roiṁe sin. Ċuaiḋ sé síos sa ċabán ċum é d'feiscint agus connaic sé go raiḃ aiṫint an anama ar éigin ann. Ċuarduiġ sé a ṗócaí feuċaint a mbeaḋ aon ċoṁarṫaí-sóirt ag gabáil leis. Fuair sé peictiúir i bpóca leis, ċuir sé ċuige go mear é agus annsan ċuir sé cogar i gcluais Ċaptaen an árṫaiġ. B'fada leis a ċosa go raiḃ sé ṫar n-ais le n-a sceul, mar ḃí fios aige an tré-na-ċéile a ḃí ar Ṡeán agus rud eile, ḃí muiniġin láidir aige go raiḃ leiġeas a ṁearḃaill aige sa ṗeictiúir. Peictiúir de Ṡeán b'eaḋ é gan dearmad ar doṁan agus ḃí na focail "**Reus Mortis Cromi Maximi**" scríoḃṫa fa n-a ḃun. Ní raiḃ an leiġeas a ṡíleaḋ ann, is aṁlaiḋ meuduiġ ar a ṁearḃall ag Seán ag iarraiḋ bríġ na ḃfocal do ṫabairt leis. Glaoḋaḋ ar Ṁeiḋḃ ċum an aḋḃ do réiḋteaċ, aċt níor ḋein a tiontóḋ .i. "**Bíoḋḃa Báis Ċruim Ṁóir**," aon soiléirsiú ar an sceul. Ba ċuma é nuair a ḃí an ṁaiṫ eile deunta, mar ṫáinig stuaim agus stuidéar in Seán, nuair d'innis an Captaen ḋó go raiḃ moṫú an anama 'na naṁaid agus go mbeaḋ sé 'na lán-neart arís nuair a ḃuailfeaḋ an t-árṫaċ port in imgcéin.

Ḃí an-ḋeiṫneas ar ḃean an Ċaptaein leis an bpósaḋ. Ca ḃfios di cadé an nóimeat a gcasfaí a ċuiṁne ar Ṡeán agus b'féidir é teaċt ar ṁalairt aigne dá riṫfeaḋ sé leis go rabaḋ ag iarraiḋ baoġal d'ḟáġail air? Ḃeaḋ leaḋḃ is breall uirre annsan. Ar eagla na h-eagla, ambaiste, ṫarraingeoċaḋ sí an líon, dála gur ṫarraing; ṡocruiġ sí go mbeaḋ an pósaḋ ann coigtiġeas ón lá san. Ní duḃairt Meaḋḃ seaḋ ná ní h-eaḋ, ḃí sí sásta mí-ṡásta; níor ġáḃ an sceul do ċur fá ḃráġaid Ṡeáin; maidir leis an gCaptaen, nuair

d'iarraḋ a ċongnaṁ, sé duḃairt sé ná, an cíoraḋ beiṫ ar anté a ṡláim.

Ḃuail Suiḃne na nDúḃan an tsliġe—ar ċuairt a ċéirde, mar ḋ'eaḋ. Ṫáinig sciaṫáin air nuair d'airiġ sé an sceul, aċt níor sciaṫáin áṫais iad. Ḃean—agus spré imṫiġṫe uaiḋ! D'eitil sé as an tiġ 'na Ṡuiḃne Geilt agus ġaiḃ sé coṁgar gaċ conaire go dúṫaiġ Déise. Dar Fiaḋ! go n-imreoċaḋ sé cor in aġaiḋ caim agus cluain in aġaiḋ clisteaċta! Fuair sé seolaḋ príoṁ-luċt dliġe i Mombasa ó túrnae a ḃí muinteardá aige. Ba ċruinn an toṁas uaiḋ é, ranguiġ gurb iad a ḃí i mbun ceart agus ain-ċeart do ṗléiḋe do Ṫaḋg Ó Cearḃaill. Ḃí sceul ṫar n-ais go luaṫ aige: "Go raiḃ an Taḋg Ó Cearḃaill a luaiḋ sé ag taḃairt a ċuairt gáiḃéireaċta ar fuaid an domain; ná cuirfidís ṫairis, ó'n aiṫne a ḃí aca air, cleas dí-ċuiṁne mar sin do ṫarraingt air féin; má ba ar díṫ a ċuiṁne dáiríre dó, gur maiṫ a ḃeaḋ roinnt a ċoda leis tuillte ag pé bruingeal a ġeoḃaḋ leis, ag tnúṫ le é ċur ar a leas; go raiḃ sceula aca uaiḋ ó príoṁ-ċaṫair na h-Éigipte trí ráiṫe ó ṡoin agus gur ġeall sé scríoḃaḋ arís ċuca i gcionn na bliaḋna." Ḃí buaiḋte glan ar Ṡuiḃne na nDúḃan, ṫréig an sprionluiṫeaċt é agus ċuir sé leiġeas a ḃróin ar Ḃacchus.

Níorḃé an taistealaiḋe an t-aon duine aṁáin a ḃí scólta loiscṫe. Ní raiḃ gaige gan gustal i gcaṫair Luimniġe ná raiḃ a ṡúil aige ar Meiḋḃ agus ar a h-acfuinn. Ná raiḃ saġas aṁras ag Maor na bPreiceall féin gur leis a ṫuitfeaḋ an áit agus an inġean? Ċuaiḋ sé sin ar reaic ragairne leis, aċt de ḃriġ nár' ċleaċt gan cleaċtaḋ aige diúgaḋ na diġe, níorḃ'acfuinn dó dul ṫar bog-ṁeisce, agus ba ṁeudú in áit múċta ar a ḃrón san. Ní leoṁfaḋ sé feasta

barr méire baint leis an gcliaṁain a ḃí le beiṫ isteaċ, agus ba ṁeasa an tsúil a ṫugaḋ sé anois ar Ṡeán ná éileaṁ seilḃe ó ḃáille.

Ṫáinig lá an ṗósta agus ḃí gaċ aoinne ag guiḋe subaċais is sonais do Ṁeiḋḃ Ní Ċonnaill agus dá fear, Taḋg Ó Cearḃaill (b'ṡiní a ainm anois), agus a rún ag breugnú a ráiḋte béil. Ḃí cuireaḋ coitċianta ag saiḋḃir is daiḋḃir teaċt ag caiṫeaṁ na bainise. Níor ṫáinig desna h-uaisle an iarraċt so aċt luċt cíocrais soġlaistí aṁáin. Ḃí an Captaen ag taoscaḋ grinn as agus ag taoscaḋ fíona isteaċ, "ċum follaṁas an ġrinn do líonaḋ," mar a ṫugaḋ sé mar leaṫ-sceul dá ṁnaoi nuair a bíoḋ sí ag cros an trom-ṫaoscaḋ diġe air.

"Óhó!" adeireaḋ sé, "naċ le Seán (ní ṫabarfaḋ sé Taḋg air) a ḃí an t-áḋ, an scafaire scuabaċ a fuair sé ċum seasaṁ leis, agus, dar ndóiġ, cia ba ċuiḃe mar ṗrap pósta aige ná cuaille a ċosanta." Agus ċaiṫfeaḋ sé an tsúil cliaṫánaċ ar Ṡeumaisín Abac le linn na cainte ḋeunaṁ dó.

Ḃí Seumaisín sleaṁain slán arís ón ngoin agus ḃí sé in iúl ar an ngreann d'ḟreagairt. "Tá do ḋaoṫain de ṗrap agat-sa led scrogall," adeireaḋ sé, agus ċaiṫeaḋ sé an tsúil tar n-ais ar an mbóna árd a ḃí ag taċtaḋ an Ċaptaein; "dála an tsean-asail nuair a ġeiḃeann blas an ċoirce, rig a leas súgán teann á ċoiṁeaḋ air."

Ġáireaḋ an ċuideaċta go léir agus an Captaen leo go dtí ná bíoḋ gáire a tuille ann.

Ċoṁ luaṫ is ṫáinig an maidean d'imṫiġ an lánaṁa nua-ṗósta leo ag caiṫeaṁ mí na meala. Ar Ġleann Meala, i bḟearantas Ċearḃaill, i nDéise Muṁan 'seaḋ ṫugadar a n-aġaiḋ. Ḃean an Ċaptaein a ṡocruiġ san

dála gaċ aon ruḋ eile, mar ḃí sé ag rioṫ léi go daingean go dtiocfaḋ a ċuiṁne ċum Ṫaiḋg (ní ṫaḃarfaḋ sí Seán anois air) 'na ḋúṫaiġ féin. Ḃí breall uirre, níor ṁeascaḋ cuiṁne riaṁ go dtí anois é. "Sé do ḃeaṫa, a Ṫaiḋg Uí Ċearḃaill," agus, "go n-eiriġe t-aisimirċe is do ṗósaḋ leat, a Ṫaiḋg Uí Ċearḃaill" ag gaċ aoinne. Ḃí Seán boċt á ċeusaḋ, níor aiṫin sé aoinne aca, níor aiṫin ná é féin anois. Ḃí na roṫa diaṁra agus fear na scine ag eiriġe ċuige 'na ċoḋlaḋ agus 'na ḋúiseaċt. Ṫeiċ sé as an áit agus d'ḟág sé idir ḃean is bagáistí 'na ḋiaiḋ. Ḃí sé ṫar n-ais i Luimniġ anurṫar i ndiaiḋ a ṗósta, agus ṫáinig Meaḋḃ amanaṫar go cráiḋte croiḋe-ḃriste.

"Ḃeart gan leiġeas foiḋne is fearr air," arsa'n Capṫaen go cásṁar le Meiḋḃ, agus, "ċíor tú mar a ṡláim tú," arsa së go crosta le n-a ṁnaoi, nuair a ċrom sí ag aṫnasc air.

III.

Cuiṁne naoi lá na n-iongntas a ḃí ar an bpósaḋ ráideaċ agus annsan ṫáinig stuamú agus suaiṁneas ar ṁuintir an Ċaptaein. Ní raiḃ aon loċt le fáġail ar Ṡeán (ní ṫugtaí Taḋg a ṫuille air) mar ḟear-ċéile. Ḃí sé go cneasta ceannsa le n-a ṁúirnín dilis mná, agus ḃí an-stuideár ar fad t'réis teaċt ann. Ḃí an cuidreaṁ caradais a ḃí aige le Seumaisín ag meudú is ag neartú ón oiḋċe úd a ċuaiḋ Seumaisín idir é agus an bás. Aċt ní raiḃ maiṫeaṁnas ná muintearas le fáġail ó Ṁaor na bPreiceall, ḃí na preicealla ag fás go h-uċt air sin le binib urċóide ċum an ċliaṁain-isteaċ.

Ḃí Seán i bḟeiġil a ġnó ar an gcalaḋ maidean breáġ i ndeireaḋ an Ḟoġṁair. Ag cur lasta i gcaḃail luinge ḃíoḋ, agus ḃí a leaḃar agus a ṗeannluaiḋe 'na láiṁ aige. Stad sé den scríoḃaḋ go h-obann agus ċuir sé cluas air féin. Ḃí an guṫ láidir ceolṁar ag teaċt ċuige ar leoiṫne ḃuig na maidne ón luing-gaile a ḃí díreaċ t'réis port do ḃualaḋ fiċe ráṁan síos uaṫa. Ċrom sé ag ráḋ na bfocal fá n-a anáil i ndiaiḋ an aṁránuiḋe :

"Fó na dtearmainn deónaċ tarraingid
Fóirne dalla gan súile,
'S is leor do ḃacaiġ gan treóir go tapaiḋ
'Na ḋóid gan bata go siuḃalaid;
Ní'l stróinse dealḃ ón Ċóḃ go Caiseal
Ná fós i bḞearantas Ḋubgáin,
Ná seoltar sealad 'na gcoṁair i dtiġ
ṫabairne,
Ar ṫórraṁ an ḃaraille ḋiúgaḋ."

Stad an t-aṁránuiḋe. Ċuaiḋ Seán ṫar na focail arís leis féin agus é ag marnaḋ ar gaċ aon ḟocal díoḃ. D'eiriġ na roṫa diaṁra agus fear na scine os a ċoṁair san aer, luas na roṫ ag maolú is ag mallú in áit a ċéile, gur ċuaiḋ idir roṫa is fear is scian as agus gur fágaḋ a ċuiṁne leaṫta ansúd aige os coṁair súl a aigne.

Ḃíoḋg sé, léim sé, liúiġ sé. Ċuaiḋ sé de ġlan-léim lúṫṁair ṫar bórd amaċ, anuas ar ċloċa cruaḋa an ċalaiḋ-ṗuirt agus síos leis gaċ ndíreaċ d'iarraċt ar an áit ó dtáinig an guṫ. Ḃí máirneulaċ mór leaṫan-ġuailneaċ ag cúideáil téide istiġ ar ḃórd na luinge agus dein Seán ceann ar aġaiḋ air. Rug sé ar láiṁ ar

an máirneulaċ agus is ró-ḃeag nár ċuir sé ar a ġlúine é leis an ḃfáscaḋ fáilte fíor-áṫais a ḃain sé aiste. “Sé do ḃeaṫa is do ṡláinte ċugainn a Ṫaiḋg Ṁic Cuṁaill,” arsa sé.

Níor aiṫin Taḋg Mac Cuṁaill cia a ḃí aige go cionn ábfaḋ anonn. “An é Seán Ó Duḃġaill atá agam ann?” arsa sé i nDeireaḋ.

“Sé ċeana,” arsa Seán, “agus naċ fada isteaċ ionat a ḃí an aiṫne.”

B'é iarraċt Ṫaiḋg ċum fáscṫa anois é agus níor ṁeasa do Ṡeán greim ḃís ġabann ná greim duirn a ḋuine ṁuinteарḋa.

“Innsint t'eaċtra ar fuaid flaiṫeas niṁe ort, a Ṡeáin ġil Uí Ḋuḃġaill,” arsa Taḋg, “mar is ann a ṡíl do ċáirde tú ḃeiṫ leis an ḟaid seo aimsire.”

Ṁuiḋ a ġean gáire ar Ṡeán. “Níor ró-iomrollaċ ar fad an tuairim uaṫa é,” arsa sé; “ní rabas ḟaid leis na Flaiṫis, ionnuiġ me fúm i Limbó—Limbó dorċa na dí-ċuiṁne. Suiḋmís síos go raġaḋ ṫar m'imṫeaċta go grod leat.”

Ṡuiḋeadar agus tosnuiġ Seán.

“Is cuiṁin leat, is dóċa, oiḋċe an ḃaraille ḋiúġaḋ sa tiġ tábairne i mBeira. Nár tú an fear ciallṁar an oiḋċe sin, ná raġfá ṫar cuimse agus an ċuideaċta go léir á gcaoċaḋ féin le dearg-ṁeisce? Ḋein gráin ḋearg den mbáiḋ ḃí agam leat roiṁe sin, nuair a ḋoirt tú os coṁair mo ḋá ṡúil an corn leanna ḃí mé ag toḃaċ ort. D'imṫiġ me as an tiġ amaċ le confaḋ meisce agus le cuṫaċ feirge agus ḃí me ag gearraḋ m'fiacla agus ag aṁrán le fóirneart ag gaḃáilt go corraċ ciréipeaċ síos an tsráid dam. ‘Tórraṁ an ḃaraille’ an t-aṁrán a ḃí ar siubal agam agus ‘ná castar sealad 'na gcoṁair . . . .’ ḃí ag teaċt as mo

ḃeul nuair a ḃuail an scriosaṁnaċ mór cnáṁaṁail im ċoṁair féin, agus claiḋeaṁ scine ar tarraingt 'na ḋeis aige. Reoiḋ na focail ar mo ḃeul agus reoiḋ me féin d'ionad na mbonn. Ḃ'ḟuiris dó bráiġe do ḋeunaṁ díom, dála gur ḋein go luaṫ léir. Ḃí ceangal na gcúig gcaol tabarṫa aige orm i nóimeat na h-uaire agus folaċaḋ ar mo ṡúile. Ḃ'ḟollus dam 'na ḋiaiḋ san go rabaḋ am ḃreiṫ ar aisdear fada farraige agus nuair a baineaḋ an folaċaḋ díom, ḃí me gabṫa go faon aca ar ċnáṁ mo ċúil ar ċóir éigin pianṫa a ḃí ag cur saiġead péine go h-ae istiġ ionam. Ḃí scrios-aṁnaċ na scine os mo ċionn agus ceaṫrar deisciobal diabail ag coṁar leis ag sáṫaḋ biorán ionam, ag gabáilt go h-eudtrom le cleití ṫar leaṫar mo ḃonn, agus ag imirt ceud cráḋnas eile orm gur déistean liom a luaḋ. Ḃí fear tuairgín ag tabairt fás-ḃuille fam eudan agus b'ṡiné ceusaḋ ba ṁeasa liom: leig sé leis an mbuille i ndeireaḋ agus ċuir san ó ṗian me.

"Nuair a ṫáiniġ me ċuġam féin arís, cá mbeinn ná caiṫṫe ag bun crainn daraiġe, ar oileán uaigneaċ i lár na mara. Ḃí an t-anam ionam aċt sin a raiḃ, ḃí me im ġeilt meaṫṫa gan meaḃair gan éifeaċt. Ḃog na focail a reoiḋ ar mo ḃeul roiṁe sin, 'ná castar sealaḋ 'na gcoṁair . . .,' adeirinn, aċt dá ḃfaġainn Éire gan pléiḋe gan roint air, ní ḟeudfainn cur rómpa ná leo, gur ḟuascail tusa ar m'aḋḃ dam ó ċiana."

Ḃí Taḋg Mac Cuṁaill ar a ṁarnaḋ feaḋ na h-aimsire seo agus ba ḋóiġ leat air ná raiḃ sé ag tabairt aon ċluais don sceul. Ḃioḋg sé nuair a stad Seán den innsint. Ḃí moṫú éigin ní ba láidre ná caradas ag corruiġe 'na ċroiḋe ċum an fir seo. Labair sé.

"Bain díot an bréig-rioċt go ndeunfad deiṁin dem aṁras," arsa sé.

Baineaḋ geit a ḋóṫain as Ṡeán agus is go h-áṫleasc a ḋein sé rud air. Ṫóg sé an sosúr agus an rásúr a ṡíneaḋ ċuige, agus ċuaiḋ sé síos sa ċabán i ndiaiḋ agus in agaiḋ a ċos. Ċas sé i gceann tamaillín agus raġaḋ sé ó aiṫint ar a ṁáṫair féin, nuair a ḃí sé scriosta bearrṫa.

D'ḟeuċ Taḋg Mac Cuṁaill go cruinn geur idir an dá ṡúil air. I gceann ċúiġ nómataí labair sé. "Tá tú agam," arsa sé, "ní hé do ṁalairt atá ann, a Ṡeáin uí Ċearbaill, ó Ḟearantas Ċearbaill, i nDúṫaiġ Déise."

Ṫáinig iongantas agus allṫaċt os cionn a ċéile ar Ṡeán. Annsan ḃraiṫ sé mar a ḃeaḋ téiġeaṁ bráṫarḋa ag teaċt 'na ċuid fola leis an ḃfear so a ḃí t'réis dul fa n-a ḃréig-rioċt air. Ṫáinig a úrlaḃra ċuige.

"Duit-se an ḃréig-rioċt do ḃaint díot anois," arsa sé, "go ndeunfad-sa donn-dearḃ dem ḋeiṁin."

"Rud a ċur orm a ḃainfiḋ an ḃréig-rioċt díom, a ṁeasair a ráḋ," arsa Taḋg Mac Cuṁaill, ag tarraingt feusóg ḋonn-ruaḋ ḃréige as a ṗóca agus á gaḃáilt fa n-a ċorrán.

"Taḋg ó Cearḃaill, Ó Ḟearantas . . . . . !"

Níor ċríoċnuiġ Seán, léim an ḃeirt dearḃráṫar ċum a ċéile agus rugadar a ngreim barróige go daingean do-scaoilte. Ní fios caṫoin a ḃogfaidís an ġreim sin, muna mbeaḋ gur labair an ṗearróid a ḃí sa ċás taoiḃ leo. Ṫáinig an rosc raiṁáin 'na ṡruṫ as a ḃeul:

"Dar Crom cam cromṫa an air! beirt Ġaeḋeal, beirt Déiseaċ, beirt dearḃráṫar, Seán Ó Cearḃaill agus Taḋg Ó Cearḃaill, ó Ḟearantas Ċearḃaill, i

nDéise an áiġ ; a dteaċt le céile 'sé baḋ ṁéinn liom sar a bḟaġa me bás."

Ḃog an beirt dearḃráṫar dá céile agus ċromadar ag gáire. "Tar slán, a ṗeata pearróide," arsa Taḋg, "naċ maiṫ a ċoimeád tú cuiṁne ar rún agus mian cléiḃe do ṁaiġistir. Déin é ṁalartú anois ar an rosc so:

'Ceuḋ molaḋ go hárd le Ríġ na ngrást ngeal! beirt Ġaeḋeal, beirt Ḋéiseaċ, dearḃráiṫreaċa, Taḋg feusógaċ agus Seán beárrṫa, d'ḟágadar Déise is aḃfad i gcéin leo fasna h-árda ; casaḋ le céile iad fá ṁalairt bréig-rioċt, is níorḃ'aiṫnid dá céile Taḋg ná Seán so ; arna dtéarnaṁ ṫar n-ais go h-Éirinn, is ar mbualaḋ le céile dóiḃ in euġmais a mbréig-rioċt, 'seaḋ b'aiṫnid dá céile iad, is ba ṁór é a n-áṫas. Sin críoċ lem ráiḋte agus me go sásta.' "

B'éigin dóiḃ teiċeaḋ suas go tosaċ na luinge sar a mbeidís boḋar ag an bpearróid ag cleaċtaḋ an ruisc. D'ḟág an tagairt don mbaile Seán fá ṗuḋar, agus ċaiṫ sé é féin ar a ġlúine i bḟiaḋnuise a ḋear-ḃráṫar. "Maiṫ ḋam mo ċionnta," a Ṫaiḋg," arsa sé go doilġeasaċ déaraċ ; "ċuir me t'aṫair san uaiġ agus scaip me an oiḋreaċt ba ḋual duit-se id ṡinsear cloinne."

"Eiriġ is bíoḋ ciall agat, a Ṡeáin ó," arsa Taḋg ; "ní damsa maiṫeaṁ duit, má luaṫuiġ tú bás ár n-aṫar ḋil araon. B'ḟuiris goilleaṁaint ar ċeann corraċ agus cad d'ḟág corraċ croiḋe-ḃriste é aċt m'imirċe-se. Maidir lem oiḋreaċt do scaipeaḋ orm, is ainnis liom, mar is aṁlaiḋ is mór liom aḃfuil agam mar atá, agus rud eile, tá cúiteaṁ deunta agat liom fá ṁíle, 'sa méid atáir t'réis gaḃáilt tréd dem ḋeasca."

Annsan d'innis sé a eaċtraí agus a imṫeaċta i gcéin

do Ṡeán mar atáid arna n-aiṫris ċeana againn sa ċeud ċaibidil, agus is annsan a tuig Seán fúinniméad a páise féin.

"Mo dearmad," arsa Seán, "níor ċuir me deireaḋ lem eaċtrai féin duit. Ní cuiṁin liom fós cionnus d'euluiġ me ó'n oileán uaigneaċ san, aċt táiniġ me as go h-Éirinn ar ċuma nó ar ċleas. Ṫuit me isteaċ le dream deáṫraṁail inso i Luimniġ agus pósaḋ le bean óg an tiġe me, mar riqt sé leo gur me Taḋg óg, de ċine uasal ó gCearḃall, ó ḋúṫaiġ Déise. Aċt fan leat, bainfead-sa preab asta anois agus bainfiḋ me suncum as ċaḃail an ċonablaiġ maoir a ċeus agus ċiap me, nuair a ċonnaic sé lag meatta me."

"Ná bí ró-ḋaor ar an gcailín," arsa Taḋg, "maran fuaid ar ṁí-scéiṁ í nó aṁas ar ċrostaċt. Má tá máṫair céile ann, is uirre is mó a luiġfinn; agus más luċt mór-acfuinne iad abair go bfuil tarraingt ar ṁílte agat, mar dliġe cine Ċearḃaill fóirṫint agus ní boċt daṁ-sa, buiḋeaċas le Dia."

"Ní baoġal don ċailín, a Ṫaiḋg; ní fuaid ná caile buiḋe ċrón í, aċt stuaire ṁánla ṡuairc, a mb'aḋḃar easnaṁ suain don ngaige is mó meas air féin í tuitim amaċ leis. Tá an ṁáṫair céile ann agus fág fúm í d'aimsiú sa mball is so-ġointe ḋi. Ní ċuirfinn tarat an tairisgint féile agus má ċruaḋann orm, glacfaḋ an ċaḃair go fonnṁar beannaċtaċ. Seaḋ, bí ad léiriú féin i gcóir oiḋċe aoiḃnis, ḟaid a ḃeaḋ-sa ar iarraiḋ uait."

Nuair a buail Seán isteaċ i siopa an Ċaptaein, an deaṁan duine d'aiṫin é. Ċuir Seumaisín Aḃac "Dia 's Muire ḋuit" air go beusaċ, agus ṡíl Maor na bPreiceall stróḋ ċur air nuair a ċonnaic sé ag tabairt fa'n staiġre é, aċt ṁaoluiġ sé nuair d'aiṫin sé

guṫ Ṡeáin ann. Ḃí an Captaen, a ḃean agus Meaḋḃ istiġ sa seomra-suiḋte, an Captaen ag léiġeaṁ páipéir na maidne, an ḃean ag feuċaint uirre féin sa sgáṫán agus Meaḋḃ ag cnotáil. Ḃí drom gaċ aoinne aca iompuiġṫe leis an dorus agus sí bean an Ċaptaein is túisce ċonnaic an fear an-aiṫniḋ ag teaċt taoḃ ṫiar di sa sgáṫán. Ḃaineaḋ geit aisti, mar ṡíl sí gur ġaduiḋe ḃí ċuca, aċt ḃí Seán roiṁré leis an liúiġ a ċonnaic sé ag bagairt.

"Ní baoġal díḃ," arsa sé, "mise Seán Ó Mearḃaill.

D'ḟeuċ an Captaen amaċ ṫar a speuclairí air.

"Is tú, más tú," ar sé sin, ag cuimilt a ṡúl, d'iarraiḋ na sclimpíní, a ṡíl sé ḃeiṫ orra, a ḃaint díoḃ. "Aċt is mór de ṁearḃall t'aiṫne orrainn, mar ḃreug-nuiġeann ár súile a ndearḃuiġid ár gcluasa."

"Nárḃ'ḟearr ar aon ḟocal iad idir ṡúile is cluasa," arsa Seán, ag gabáilt feusóg ḃréige Ṫaiḋg fa n-a ġiall.

"Sé Seán Ó Mearḃaill gan aon agó é," arsa bean an Ċaptaein.

"Sé agus ní hé," arsa Seán. "B'é Seán Ó Mearḃaill é le linn a ṁearḃaill, aċt ní hé feasta é, ó ċas Dia a ċuiṁne air. Sé Taḋg Ó ——."

Ḃain bean an Ċaptaein an tsloinne as a ḃeul. "Cearḃaill!" arsa sí, agus sgiaṫáin uirre.

"Míorḃaill," arsa Seán. "Taḋg Ó Míorḃaill, de ṡíolraċ córdaí agus cnáib a ċasaḋ."

"Aililiú!" arsa bean an Ċaptaein, agus ṫuit na sciaṫáin di.

"Níor ċás orm gur tú Diarmuid Ó Duḃṡúill, de ċine bailiġṫe breun-ṡeiċí is clúiṁ," arsa'n Captaen. "Tá do ḋóṫain de ċliaṁain-isteaċ ionat do ṁac mic iascaire Ḃuiḋe Luiṁniġe.

Ṫug noċtaḋ an ḋá ġeinealaiġ an ḃean anuas go trom ar an dtolg, agus leig sí a h-osna eugcaointe.

"Más tú Taḋg Ó Míorḃaill, mar adeirir," arsa Meaḋḃ, "mise ḃean Uí Ṁíorḃaill."

"Tair slán, a Ṁeaḋḃ," arsa'n Captaen, "míorḃail gan aṁras tú."

"Tair-se slán leis, a Ċaptaein," arsa Seán, "agus nárḃ easlán teaċt do ṁáṫair mo ċéile leis é; is leor liom an éiric atá agam aisti, agus scéiṫfead mo rún. Ní me Seán Ó Mearḃaill, ná fós Taḋg Ó Míorḃaill, ná ní me Diarmuid ó Duḃṡúill seo ná h-iarrfá-sa a ṁalairt, a Ċaptaein an oiniġ, ná ní me Taḋg Ó Cearḃaill seo a dtugais-se dó taiṫneaṁ, a ṁáṫair céile mo ċléiḃe, aċt maran me is me is giorra gaol dó .i. mac aon aṫar leis, Seán Ó Cearḃaill an ragairne, uair dá raḃas, aċt Seán Ó Cearḃaill na céille feasta arís, 'mb'áil le Dia me slán."

"Ní faca an seomra-suiḋte ceudna maidin ná tráṫ eile i dtáiniste don ṁaidin sin le lúṫġáir is le h-áṫas. Nuair d'imṫiġ meisce an áṫais díoḃ go léir, ċuaiḋ Seán ṫar a imṫeaċta leo, agus annsan d'eiriġ sé de léim 'na ṡeasaṁ.

"Níorḃ'fear troda riaṁ me," ar sé sin, "go gcuirfí orm, agus an rud a ġeall me don bpreic-leaċán maoir seo agaiḃ, pé lá breáġ ba toil le Dia cuiṁne is cróḋaċt a ċasaḋ orm, ġeoḃaiḋ sé anois go fonnṁar fial é."

Ṡíl an ḃantraċt é ċosc, aċt ba ṡnáṁ in aġaiḋ easa dóiḃ ḃeiṫ ag iarraiḋ mian a ṡúl do ċeilt ar an gCaptaen. Ċuir sé sin an glas ar an dorus ón taoḃ amuiġ agus i ndiaiḋ a ċinn iseaḋ ċuir sé an staiġre síos de, le méid a ḋeiṫnis go láṫair an ċoṁraic. Ḃí sé díreaċ in am, ċonnaic sé dorn Ṡeáin ag deunaṁ gaċ

nDíreaċ ar ṡróin ṁóir ṁéiṫ an ṁaoir agus na caisí fola ag sciúrdaḋ amaċ.

“Mo ġraiḋn t'aimsiú, a Ṡeáin Uí Ċearḃaill,” arsa sé.

“Moċean múscailt do ġaisce ionat, a Ṡeáin Uí Ṁearḃaill!” arsa Seumaisín anuas ó ḃarr an dréimre, mar ar ṫeiċ sé ón troid. “Críoċ-ḃuille na ciotóige dó anois.”

Ḋein Seán rud ar Ṡeumaisín. Ṫóg sé an maor den talaṁ le greadóig fa'n ngiall agus ċuir sé 'na ṡuiḋe amuiġ sa ċarn deandgair a ḃí bailiġṫe ag fear scuabṫa na sráide é. Ní baoġal go raiḃ aon éileaṁ ag Maor na bPreiceall feasta arís ar ċos leis do ċur ṫar tairsiġ siopa an Ċaptaein.

Ḃí ceol, spórt is aoiḃneas i dtiġ an Ċaptaein an oiḋċe sin. Níor ṁuinġineaċ leis an gCaptaen toġa na cuideaċtan d'ḟágaint fa n-a ṁnaoi an iarraċt so; ċuaiḋ sé féin agus Meaḋḃ 'na ḃun, agus ḃailiġeadar ċuca na gaolta agus na cáirde a raiḃ fuaṫ an tiġe curṫa orra roiṁe sin. Níor dearṁadaḋ a ċur dé ġeasa agus de ṫrom-ualaċ ar Ṡeumaisín Aḃac a ṡéid-searc do ṁeallaḋ leis agus ba ṁaiṫ an ṁaise ag Seumaisín é, ṫug sé leis aḃac mná ba luġa ná é féin.

Fé raiḃ deireaḋ le caiṫeaṁ na cóisire seo a cuireaḋ ar aṫ-ló, ḃí pósaḋ agus cóisir eile fógarṫa. Taḋg Ó Cearḃaill a ḃí ċum aḋḃar aoiḃnis d'ḟreastal an iarraċt so; ḃí céile toġṫa aige as an gcuideaċtain ṡéiṁ sin, Meaḋḃ eile ar ṁaise aċt Saḋḃ a h-ainm —— Saḋḃ Ní Ċonaill, inġean dearḃráṫar don Ċaptaen.

Deineaḋ an pósaḋ san leis, agus caiṫeaḋ an ċóisir go subaċ sultṁar. Annsan d'imṫiġ an lánaṁa nua-pósta leo ar ṁí na meala ó ḋeas go dúṫaiġ Déise, agus ċuaiḋ Seán agus Meaḋḃ 'na ḃfoċair ċum mí na

meala do ṫabairt in áit mí an domblais ar ċuireadar crann air scaṫam roiṁe sin.

B'é críoċ an scéil gur ċuir Tadġ ṫar a barra an stát fairsing a bí aige in oirṫear na h-Aifrice, agus ġlan sé iomlán a gcuid fiaċ leis na giúdaiġ a raiḃ greim aca ar a oiḋreaċt féin i bfearantas Ċearbaill. Ní eisteoċaḋ sé leis an gCaptaen; tug sé spré dá ḋearḃráṫair a raġaḋ aḃfad ar Ċaṫair Luimniġe a ċeannaċ amaċ ṫar a barra.

Níor leag aon duine eile de ḋeisciobail Ċruim cos ar fód ġlas na h-Éireann t'réis an cóiriú a fuair fear na scine, agus bí suaiṁneas agus seascaireaċt ag an mbeirt Déiseaċ an ċuid eile dá saoġal.

Washington Irving (1783-1859) 'an ċeud ríġ-ṫeaċtaire litriḋeaċta a ċuir an Doṁan Nua toir go dtí an Sean-Ḋoṁan tiar." d'réir breaṫ **Thaceray.** Sé an "**Sketch-Book,**" d'ḟoillsiġeaḋ i Sasana sa mbl. 1819 fá'n ainm-ċleite "**Geoffrey Crayon,**" a ċeud-ṫuill meas agus molaḋ do litriḋeaċt Ameireacánaċ i gcríoċa leasmuiġ. Cuid den saoṫar san "Rip Van Winkle," an sceul is fearr dár scríoḃ **Irving.** "Macalla ón t-sean-ṡaoġal an t-aḋḃar, agus buaiḋ intleaċta agus ceapadóireaċta ag anté a ḋealḃuiġ 'na sceul ḋéarscna, sceul a ṁairfiḋ faid a leanfaiḋ **Aḃa Hudson** 'na raon gluaiste tré sna sléiḃte go bruaċ na mara," sin í breaṫ **Charles Dudley Warner** ar an sceul.

Rip Ḃan Ḃuincil.

(RIP VAN WINKLE).

Dá mbeiṫeá ag gaḃáil suas abainn Hudson, ċífeá Sléiḃte Caatsgill siar uait, ag éiriġe go h-uaiḃreaċ uasal i gcoinne na spéire, agus iad, dar leat, ag maoiḋeaṁ a méid agus a mórḋaċt ṫar an maċaire mágcuaird. Geug de roinn ṁór ṡléiḃte Appalachia iad san, bíoḋ go ḃfuilid deiġilte amaċ uaṫa. Ní h-iongnaḋ muintear na tíre sin ġá ċuiṁneaṁ go ḃfuil na sléiḃte sin fá ḋraoiḋeaċt, agus a liaċt daṫ agus malairt croṫa a ṫagann orra, mar ní h-ionann deall-raṁ is deunaṁ dóiḃ aon dá ráiṫe, ná in aon dá ṡín, ná aon dá uair den ló; agus ní iarrfaḋ aon ḃean-tiġe 'na gcoṁgar ná i gcéin uaṫa, coṁarṫa eile ar an aimsir aċt iad. Tuar soininne leo na sléiḃte sin go gorm corcur agus iad ag teasbáint gaċ beann is maoileann orra i gcoinné na spéire glaine i mbárr an tráṫnóna; aċt tuar doininne leo coċal ceo ag cruinniú ar a mbarr le fuineaḋ nóna aniar, agus an spéir go léir gan scamall gan smúit, agus gur geall le coróinn ġlórṁair an coċal ceo san, nuair a ċaiṫeann an ġrian an ruiṫin deireanaċ leis, le linn dul faoi ḋi.

Tá baile beag ársa ag bun na sléiḃte siḋe sin, san áit a dteiġeann gorm glan na gcnoc agus glas úr na talṁan réiḋe in a ċéile. Ní ḟeicfeá uait den mbaile sin aċt cinn aḋmuid na dtiġṫe inso agus insúd imeasc na gcrann, nó an deataċ as na seimniṫe ag éiriġe anáirde in a ṡeang-riast éadtrom. Dream coilíneaċ

ón Tír-Fó-Ṫuinn a ċuir fúta ann fadó, 'siad a tóg an baile sin, i dtosaċ réime an tSáir-fir Peadair Stuybesant (beannaċt Dé len a anam), agus go dtí le deiġeanaiġe ḃí cuid desna sean-tiġte a tógadar súd, 'na seasaṁ, iad deunta de ḃríceanna beaga buiḋe a tugaḋ ón Tír-Fó-Ṫuinn, cliaṫ laisti leis na fuinneóga agus pinniúir ar tosaċ gaċ tiġe, agus coileaċ gaoiṫe ar ġob na pinniúraċ anáirde.

Aḃfad de ḃliaḋanta ó ṡoin, nuair ná raiḃ sa tír sin aċt cúige de Ṡasana, ḃí fear dárḃ ainm Rip Ḃan Ḃuincil 'na ċoṁnuiḋe i gceann desna tiġte ceudna san, agus leis an ḃfírinne d'innsint, ḃí rian na h-aoise agus na h-aimsire go dóiġte ar an mbotán tiġe ḃí aige. De ċine na Ḃan Ḃuincil dó, dream a raiḃ cróḋaċt is gaisce ionta, agus a ṫroid go calma fá Ṗeadar Stuybesant ag forḃais Dúin Ċrístín. Aċt is ró-ḃeag de ḋúṫċas troda a ṡinsir tug Rip leis. Fear neaṁ-ṗiseogaċ geal-ċroiḋeaċ b'eaḋ é, agus coṁarsa ṁaiṫ ċarṫannaċ, aċt ḃí sé de ṁí-áḋ air ḃeiṫ ceangailte cuiḃriġṫe le báirsiġ ṁná. B'ḟéidir gurbé geursmaċt na mná san fá ndear an uṁluiḋeaċt agus an ċneastaċt san ann, a ċuir meas ag các air; mar ní'l aoinne is míne agus is mó uṁluiḋeaċt leasmuiġ ameasc a ċoṁarsan ná an fear atá gaḃta fá ċuing na daoirse ag a ḃainċéile leaistiġ 'na tiġ féin. Dála an iarainn a ḃíonn go bog solúbṫa tar éis teaċt as an sorn, bíonn siad súd go múinte míniġṫe tar éis dul tré spóirsiġ scólta na sparainn sa mbaile aca féin, agus is fearr aon leaḋb aṁáin de rinn teangan báirsiġe ná seanmóinte an doṁain ċum foiḋne agus fadḟulang do ṁúineaḋ do ḋuine. Más taḃartas ó Ḋia d'ḟear, captaen mná mar sin do ṫuitim leis, ḃí an raṫ fá ṡeaċt ar Rip Ḃan Ḃuincil.

Ba ṁór ag bantraċt an ḃaile é, agus mar is beus len a leiṫéidí, ġabaidís a ṗáirt in gaċ aon aċrann bíoḋ idir é agus a ṁnaoi, agus ba é a mbreaṫ go léir as a seanċus cois luaiṫe um ṫráṫnóna, gurbí sin aṁáin a ḃíoḋ ciontaċ. Ba ġeal leis na leanḃaí é do ṫeaċt 'na measc agus ḃíoḋ na túrṫa fáilte aca roiṁe. Sé bíoḋ i mbun 'sa mbárr gaċ caiṫeaṁ-aimsire a ḃíoḋ aca, ḋeineaḋ sé breugáin is córaċa imearṫa dóiḃ, ṁúineaḋ sé cleasa an doṁain dóiḃ agus d'inniseaḋ sé sceulta i dtaoiḃ sprideanna is síoḋbraí dóiḃ. Ċífeá ag imṫeaċt ar fuaid an ḃaile é agus scata aca súd in aċrann ann, ag preabaḋ anáirde ar a ḋrom, ġá ċráḋ is ġá ċiapaḋ agus nár ḃaoġal dóiḃ é baint bárr méire leo. Fiú madraí an baile, bí aiṫne aca go léir air agus ní leigfeaḋ ceann aca sceaṁ go deo air.

Bí aon loċt mór aṁáin ar Rip agus b'é loċt é sin, nár ḋubar leis an diaḃal ná aon lá maiṫeasa do ḋeunaṁ sa mbaile. Ní ḃfaġfaí a ráḋ gur leisce ná guagaiḋeaċt fá ndear san, mar níor ḋada leis an lá go léir do ṫaḃairt 'na ṡuiḋe ar ċarraig ḟliuċ agus cleaṫ, a bí ċoṁ fada le craoisiġ Ḋiarmuid na mBan, caiṫte amaċ aige agus b'ḟéidir gan breac i ngiorraċt míle ḋó. D'ḟanfaḋ sé ag imṫeaċt ó ṫráṫ go ċéile tré ċoillte is ċorraiġṫe, ṫar ġleannta is ġarḃḟonn, feuċaint cá ḃfaġaḋ sé colḃar fiaḋain nó madra-crainn le láṁaċ. Ní eiteoċaḋ sé coṁarsa go bráṫ ar seal oibre, is cuma cadé an ḋéineaċt ná stracaḋ beaḋ ag gaḃáil léi, agus ní ḃíoḋ fear ar meiṫil meilte na mine buiḋe nó ar luċt tógḃála claḋṫaċa cloċ, ba ḋíṫċeallaiġe d'oibriġeaḋ ná é. Ḋéineaḋ sé teaċtaireaċt agus mion-acraí mar sin dosna mná, ná deunfaḋ a gcuid féin fear dóiḃ. Is aṁlaiḋ mar a bí an sceul ag Rip, ḋéineaḋ sé gnó gaċ aoinne eile aċt a ġnó féin.

Ḃí an leaḃar air gan lá maiṫeasa ḋeunaṁ sa mbaile, ná aon ċúram do ḋeunaṁ ḋá ḟeirm.

Ḃí gaċ aon loċt aige ar an ḃfeirm, ná raiḃ píosa talṁan ba ṁí-áḋṁaraiġe ná í sa ċeanntar agus ná raiḃ sí in iúl ċum aon ruḋ aċt ċum barra fiaġaile do ṫabairt. Dámbaḋ iad na claḋṫaċa féin a ḃí léi, ná fanfaidís 'na seasaṁ agus ná coimeádfaidís an ḃó gan dul sa díoġbáil air. Ṫagaḋ an fearṫainn i gcoṁnuiḋe, adeireaḋ sé, díreaċ nuair ḃíoḋ obair le deunaṁ leasmuiġ aige. Ḃ'é críoċ an scéil go raiḃ an ḟeirm ḃreáġ a ḃí ag a ṡinsear roiṁe ag dul as agus ag imṫeaċt ċum fiaḋantais fá n-a ċúram, go dtí sa deireaḋ ná raiḃ saor ó ḟás fiaġaile ḋi aċt paiste beag a ṡaoṫruiġeaḋ sé le h-agaiḋ prátaí is arbair.

Ḃí clann aige agus ḃíodar ċoṁ giobalaċ fiaḋain sin gur ḋóiġ leat ná raiḃ aoinne 'na gcúram. Ḃí mac aige, Rip eile, ná raiḃ oiḋre ar a aṫair aċt é, agus a ḃí ag dul ċoṁ mór san le Sean-Rip 'na ṡliġṫe is 'na ṫréiṫe, d'réir mar ḃí ag teaċt ann, gur ḋóiġ le duine go raiḃ na sean-ḃalcaisí len' aṫair a ḃíoḋ air, ag neartú leis an dúṫċas. Ba ġeall le bromaċ capaill é ag sodar indiaiḋ a ṁáṫar, agus é ag iarraiḋ an tsean-ḃríste do ċoimeád anáirde air le n-a leaṫ-láiṁ, mar a ċífeá bean-uasal ag iarraiḋ íoċtar a gúna do ċosaint ar an laṫaiġ.

Ḃ'ḟuiris Rip Ḃan Ḃuincil do ṡásaṁ maidir le gréiṫre is ollṁaiṫeas an tsaoġail seo, agus "níorḃ ḟearr leis láiṁní óir ná racs-fuláraili," mar adeirtear. Ṫoiġ sé bóṫar riaḋanta réiḋ na beaṫa dó féin, agus ṫóg sé bairġin ḃeag an díoṁaointais do roġa ṫar bairġin ṁóir an tsaoṫair. Dá mbeaḋ gan aoinne aige aċt é féin, ċaiṫfeaḋ sé a ṡaoġal go h-aeraċ díoṁaoin, aċt ḃíoḋ an ḃean i gcoṁnuiḋe as, ag síor-ċasaḋ a

leisce agus a neam-ṡuimeamlaċt leis, agus an neam-ċúram bí sé ag deunam dá muirear.

Ní ṫeiġeaḋ lagaḋ ar a teangain ó maidin go h-oiḋċe, ná ó Luan go Saṫarn, aċt ag tabairt faoi, agus ní leomfaḋ sé cnug ná cor do ċur as ar eagla í ṫarraingt air níos seaċt milltiġe. Níor measa so ná súd. Nuair a bíoḋ sé ag buaḋċant uirre le foiḋne, ba ṡeo ċuige í le cuṫaċ caṫa, gomb'faḋa leis a ċosa ag iarraiḋ an doras do ḋeunam uirre 'na raon maiḋme.

B'é a maḋra Smuilc an t-aon ċara amáin a bí ag Rip sa tiġ, agus ní luġa bíoḋ anuas air sin ná ar a maiġistir, mar is air a bí milleán aimleasa a fir ag bean an tiġe. Maidir le misneaċ is faobar ċum troda is fiaḋaiġ, bí sé in Smuilc má bí sé in aon maḋra riaṁ—aċt deirim-se misneaċ leat i gcoinne goim agus nimneaċt teangan mná. Níor ṫúisce leaistiġ de ḋorus Smuilc, ná ṫréigeaḋ an dánaiḋeaċt a bíoḋ ann leasmuiġ é, agus bíoḋ sé ag goid leis go maol-ċluasaċ, a earball idir a ċosa aige, nár ḋóiġ leat naċ breaṫ ċroċta bí tabarṫa air. Níor ġáḋ do bean an tiġe aċt feuċaint i leiṫ na scuaibe agus seo Smuilc boċt ag eiteallaḋ ṫar an leaṫ-dorus amaċ agus a ġlam sceoin aige ġá ċur as.

Ag dul in olcas a bí an sceul ag Rip Ban Buincil gaċ bliaḋain a beireaḋ air: ní ṫagann maolú le h-aois ar faobar nim-ṫeangan, ní'l leaḋb dá mbuailtear léi naċ móide a géire é. Bíoḋ gasra de luċt éigse is feallsamnaċta is leisce an baile caiṫte ċuige gaċ tráṫ de ló ar binse os comair an tiġe ósta, agus nuair dob'éigean do Rip boċt an taob amuiġ de ḋorus do ḋeunam, ar ġráḋ an tsuaimnis, is ar an ngasra san a ṫugaḋ sé a aġaiḋ. Ċaiṫidís siúd an lá gléigeal go léir sínte insúd fá sgáṫ na gcrann, ag cur síos go liosta ar cúrsaí an baile agus ag innsint sceulta

leadránaċa gan deallraṁ. Aċt b'ḟiú d'aon ḟear-stáit eisteaċt leis an díospóireaċt doiṁin-léiġeanta a ḃíoḋ eatorra, nuair a ġeibtí teaċt ar ṡean-ṗáipeur nuaḋaċta ó ṫaistealaiḋe a rangóċaḋ an tsliġe. A dáiríreaċt is d'eistiġidis leis an nuaḋaċt ġá léiġeaṁ amaċ ag Derric Ḃan Bummel an maiġistir scoile, ollaṁ re héigse an ḃaile, ná glacfaḋ geit roiṁ focal dá ṁéid sa ḃfoclóir, agus annsan a ġuntaċt is ṁeaḃruiġtí gnóṫa poiblíḋe a ḃí imtiġte le míosa roiṁe sin.

Ḃ'é Nioclás Ḃedder, fear an tiġe ósta, an té ba ṁó le ráḋ ar an ngasra mac leisce seo, agus ṡuiḋeaḋ sé os coṁair an doruis aige féin ó ṁaidin go h-oiḋċe, aċt go mbíoḋ air é féin d'aistriú as an ngrian ó am go h-am, isteaċ fá sġáṫ na gcrann; i dtreo ná raiḃ aon ṗráinn cluig ar luċt an ḃaile sin, mar 'neosfaḋ gaċ aon ċor a cuirfeaḋ Nioclás de an t-am ċoṁ cruinn le aon ċlog gréine. Is anaṁ a labaraḋ sé, aċt an píopa de ṡíor 'na ḃeul aige. Aċt ṫuig a luċt lean-aṁna go maiṫ é, agus ḃíoḋ fios aca a ṫuairim ar an gceist a ḃítí a' pléiḋe. Nuair ná taiṫniġeaḋ rud éigin a léiġeaḋ nó d'innseaḋ leis, ḃaineaḋ sé tarraingt millteaċ as an bpíopa agus ba ġeall le inneal traenaċ é ag cur puṫanna móra dtaṫaiġ san aer uaiḋ; aċt nuair a ṫaiṫniġeaḋ an ċaint leis, ḃíoḋ sé ag tarraingt an ṗíopa go breaġ bog réiḋ agus ag scaoileaḋ an ġail amaċ as a ḃeul go h-eudtrom mall, agus ḃaineaḋ sé an píopa as a ḃeul ó am go h-am agus, ag leigint don ngal cuṁra casaḋ timċeall a ṡróna, ċroṫaḋ sé a ċeann go stuamḋa maorḋa ċum a ċur in iúl gur ṁar sin díreaċ a ḃí.

Ní ró-ḟada d'ḟágaḋ Rip boċt ar an gcoiste seo, agus b'éigean dó an ċuideaċta séiṁ do ṡeunaḋ le

heagla roiṁ a ḃáirsiġ mná. Ṫugaḋ sí foġa fúṫa agus iad i gcaoineas ċoṁráiḋ is ṡeanċusa, agus ní ḟágaḋ sí mac máṫar díoḃ gan tabairt amaċ air : Nioclás Ḃedder féin, dá ṁéid de ṗoc é, ní ṫeiġeaḋ saor ó ḃeul scannalaċ na cailliġe seo, agus ní baoġal ná go gcuirtí 'na leiṫ gurbé ḃí ag coiṁeaḋ a fir díoṁaoin.

Ḃí an diabal ṫiar ar Rip boċt, agus ní raiḃ aon tsliġe eile aige annsan ċum teiċeaḋ ó obair na feirme agus ó ṡíor-steallaḋ na mná, aċt a ġunna do ġabailt ċuige, agus an ċoill do ṫabairt air. Ṡuiḋeaḋ sé ag bun crainn uaireanta agus roinneaḋ an blúire lóin le Smuilc, mar ba ḋiombáḋ leis an gorta agus an ġéirleanṁaint ḃí ag an ngaḋar boċt ġá ḟáġail 'na ḋála féin. “A Ṡmuilcín ḃoiċt,” adeireaḋ sé, “ní'l saoġal madra agat ġá ḟáġail ód ṁaiġistreás ; aċt ná bac léi, an faid a ḃeaḋ-sa agat ní baoġal duit ocras ná eugcóir!” Ḃaineaḋ Smuilc croṫaḋ as a earball, agus d'ḟeuċaḋ sé isteaċ san aġaiḋ ar a ṁaiġistir, aṁail is dá dteastóċaḋ uaiḋ a ráḋ : “Is danaid geur liom-sa do ċás-sa, leis.”

Lá breáġ Foġṁair dá raiḃ Rip ag taisteal mar seo, cá gcasfaí i gan fios dó féin é, aċt ar an mbeinn is airde de Ṡléiḃte Caatsgill. Ar ṫóir ṁadraí-crainn iseaḋ ḃí sé, mar ba ġnáṫ leis, agus ḃí sé ag baint macalla amaċ as uaigneas an tsléiḃe le glór an láṁaiġ. I mbárr an tráṫnóna, nuair ḃí saoṫar is tuirse air, ṡín sé ṫairis ar ṗaiste glas d'ḟeur sléiḃe a ḃí ag fás ar eudan faille. Ḃí raḋarc aige amaċ idir na crainn ar an réim ḟairsing de ṫalaṁ freagarṫaċ coille ḃí ṫíos faoi. Ċonnaic sé uaiḋ i bfad síos abainn ṁór ṁórḋa Hudson, agus í ag gluaiseaċt go ciúin maorḋa, agus sgáil scamaill ġuirm nó seoil ċoite inso is insúd san uisce ġlé.

Ḃí raḋarc aige síos uaiḋ ar an taoḃ eile ar ġleann doiṁin, diaṁair, uaigneaċ sa sliaḃ, a raiḃ brus na gcarraigreaċ a ṫuit amaċ as an ḃfaill, ṫíos in' íoċtar, agus gan teaċt ag taiṫneaṁ gréine an tráṫnóna air. D'ḟan Rip tamall maiṫ ag maċtnaṁ ar an raḋairc sin ; ḃí an deiḋeanaiġe ag teaċt ; ḃí na sléiḃte ag tosnú ag caiṫeaṁ a scáil ḃfada ngorm ṫar na gleannta ; ċonnaic sé go mbeaḋ an dorċadas ann i ḃfad sar a mbainfeaḋ sé amaċ an baile, agus leig sé osnaḋ nuair a ċuiṁniġ sé an saġas fáilte ḃeaḋ ag a ḃean roiṁe.

D'eiriġ sé ċum dul aḃaile aċt len a linn sin d'airiġ sé an guṫ ag glaoḋaċ as a ainm air. "A Rip Ḃan Ḃuincil! A Rip Ḃan Ḃuincil!" arsa an guṫ fá ḋó, agus é mar ḃeaḋ sé aḃfad uaiḋ. D'ḟeuċ sé 'na ṫimċeall ar gaċ taoḃ, aċt an drae ruḋ ḃí le feiscint aige, aċt preuċán ḃí ag eiteallaḋ go h-uaigneaċ aonaránaċ treasna an tsléiḃe. Ṡil sé annsan, ní naċ iongnaḋ, ná raiḃ ann aċt speaḃraoiḋí ḃí ġá ndeunaṁ dó, agus d'iontuiġ sé ar a ṡáil ċum imṫeaċta, nuair d'airiġ sé an glaoḋ ceudna arís ag teaċt tré aer ċiúin an tráṫnóna, "A Rip Ḃan Ḃuincil! A Rip Ḃan Ḃuincil!"—le n-a linn sin ċuir Smuilc olaċoinn air féin, ċuir sé glam drantáin as, riṫ sé isteaċ fá ċosa a ṁaiġistir agus ḃí sé ag feuċaint síos sa ngleann agus é ar criṫ le scannraḋ. Ḃraiṫ Rip, leis, saġas farraṫais ag teaċt air féin : d'ḟeuċ sé sa treo ceudna, agus ċonnaic sé an duine ag strapadóireaċt aníos ar na carraigreaċa agus é cromṫa ag tromán éigin ḃí ar a ḋrom aige. Ḃ'ait leis go mbeaḋ gabáilt aoinne san áit uaigneaċ san, aċt annsan rioṫ sé leis go mb'ḟéidir gur duine desna coṁarsain a ḃeaḋ ann, agus siúd leis síos ċum dul i gcaḃair air.

D'réir mar ḃí sé ag teaċt gairid dó, ḃí an t-iongnaḋ ag meudú air, ag aiteas an deallraiṁ a ḃí ar an ḃfear an-aiṫnid. Fear beag teugarṫa b'eaḋ é, moṫal mór duḃ gruaige air, agus feusóg ḃreac-liaṫ. Ḃí culaiṫ air mar ḃíoḋ orra sa Tír-Fó-Ṫuinn anallód—laicéid air agus é gaḃta leaistiġ den gcrios a ḃí fá n-a com—cúpla peidre bríste air, an ceann a ḃí leasmuiġ air go breáġ fairsing, sreaṫanna cnaipí síos ar a ḋá ṡliasaid go meall a ġlún. Ḃí sé ag iomċar baraille beag toirteaṁail lán de lionn ar a ġuailne, agus ḃagair sé ar Rip teaċt i gcaḃair air ġá iomċar. Cé ná raiḃ Rip gan scáṫ a ḋóṫain air roiṁe agus droċ-ṫátall aige as, mar sin féin ḋein sé rud air, agus ḃí gaċ re tamall aca araon fán ualaċ, ġá iomċar suas an ḟaġair ċuṁang, a ḃí gearrṫa ag caisí an tsléiḃe in íoċtar an ġleanna. Ag deunaṁ na sliġe suas dóiḃ, d'airiġ Rip anois agus arís torann treun, mar a ḃeaḋ tóirṫneaċ, ag teaċt as an gcuas ḋoiṁin a raḃadar ag deunaṁ air. Stad sé ar feaḋ tamaill, aċt ċuiṁniġ sé go mb'ḟéidir ná raiḃ ann aċt an blaoḋm tóirṫniġe a airiġtear go minic ar árda an tsléiḃe, agus siúd leis arís. Leanadar orra suas an ḟaġair gur ṫángadar go dtí uaiṁ a raiḃ faillcreaċa árda díreaċa ar gaċ taoḃ di, agus geuga na gcrann a ḃí ag fás ar a mbarr ag ceilt raḋarc na spéire inte. Ḃí Rip agus a ċom-pánaċ ag treaḃaḋ leo gan focal as aoinne aca; b'ait le Rip dé ċúis ceigín leanna beiṫ ġá ṫaḃairt suas san áit euraċtaṁail seo, aċt ní leigfeaḋ an scáṫ a ḃí air dó, aon ċeist do ċur ar an ḃfear eile.

Níor ḋada an ġeit a ḃaineaḋ as roiṁe seo, gur ċuaiḋ sé isteaċ san uaiṁ. Ḃí cuideaċta de ḋaoine ná faca sé a leiṫéidí riaṁ le h-aiteas, 'na suiḋe ar ċoṫrom 'na lár, agus cluiċe na naoi-mbiorán aca ġá imirt.

Ḃa ġreannṁar go deiṁin an cóiriú ḃí orra : bestanna beaga gairiḋe ar ċuid aca, laicéidí ar a ṫuille aca, agus sceana fada sáiḋte aca in a gcriosanna, agus ḃí brístí móra fairsinge ar a bfurṁór, díreaċ dála mar ḃí ar ḟear an ċeigin. Ḃí a n-aiġṫe ċoṁ ait le n-a gculaiḋe : fear aca agus máileud mór cinn air, aġaiḋ an-leaṫan, agus súilíní beaga ; fear eile agus méid soc cránaċ de ċaincín air, béaḃar bán ar a ċeann agus cleite dearg sáiḋte ann mar ṁaise air. Ḃí feusóga orra go léir, gan aon dá ḟeusóig ar ċoṁ-ḋeunaṁ ná ar ċoṁ-ḋaṫ. Ḃí aoinne aṁáin ann a deallraiġ a ḃeiṫ 'na ṫaoiseaċ orra. Sean-duine teugarṫa b'eaḋ é a raiḃ seula sean-aoise agus sliobaḋ síne le feiscint ar a ḋreaċ ; ḃest, a raiḃ iall ġá dúnaḋ, air, crios leaṫan fá n-a ċom agus colg ar sileaḋ leis, béaḃar árd ar a ċeann agus cleite ann, stocaí fada dearga air agus bróga sál-árda, a raiḃ rósanna ionta. Ċuir an gasra i gcuiṁne do Rip sean-ṗictiúir pléimeanaċ, a ċonnaic sé i bpárlús Dominie Ḃan Schaic, ministéir an ḃaile, pictiúir a ṫugaḋ i leiṫ ón Tír-Ḟó-Ṫuinn aimsir na h-imirċe.

Sé rud dob'aite le Rip ar fad ná a ċiúineaċt a ḃíodar agus an aġaiḋ ṡocraiḋe a ḃí ar gaċ aon ṁac máṫar aca in aiṁdeoin an ċaiṫeaṁ-aimsire ḃí aca. Ní raiḃ aon rud ag cur isteaċ ar an gciúineas aċt glór na liaṫróidí, agus ba ġeall le blaoḋm tóirṫniġe an macalla ḃainidís sin amaċ as an sliaḃ, nuair ċaittí iad.

Nuair a ḃí Rip agus a ċompánaċ ag deunaṁ orra, stadadar den imirt agus ċromadar ag cur na súl tréd, agus nuair a ċonnaic sé an deallraṁ ait euraċtaṁail ḃí orra, dóbair go n-eireoċaḋ a ċroiḋe air agus ḃí na glúine ġá ngreadaḋ ar a ċéile aige le neart eagla.

Do líon a ċompánaċ an lionn amaċ i soiṫiġe móra agus ḃagair sé air dul ġá riar ar an gcuideaċtain. Ḋein sé mar d'órduiġeaḋ dó, cé ná raiḃ sé gan sceon agus creaṫán a ḃóṫain ann. D'ḟanadar 'na dtost, leis, ag ól an leanna ḋóiḃ, agus annsan ċromadar ar an gcluiċe d'imirt arís.

Ḃí an scáṫ agus an criṫ-eagla ag imṫeaċt de Rip in áit a ċéile. Ḃí sé de ḋánaiḋeaċt ann ar a ball, nuair fuair sé amus gan aoinne ġá ḟeiscint, an lionn do ḃlas, agus ṫaitniġ sé go breáġ ar fad leis. Ó ba ḟear é a raiḃ dúil a ċroiḋe san ól aige, níor ḟeud sé gan deoċ eile do ṫógaint i gcionn tamaillín. Ḃí deoċ ag meallaḋ a ċéile aige agus an dúil ag meuḋú leis an ól, go dtí indeireaḋ gur ḃrait sé ag eiriġe sa ċeann aige é; ṫosnuiġ raḋarc a ṡúl ag taḃairt, agus a ċeann ag cromaḋ is ag ísliú, gur ṫuit sé i dtoirċim suain is sáṁ-ċodlata.

Ar ndúiseaċt dó, fuair sé é féin ar an bpaiste glas ar a raiḃ sé nuair ċonnaic sé an ċeud teiṁeal de ṡean-duine an ġleanna. Ḃain sé searraḋ is síneaḋ as féin, agus ṫarraing sé láṁ tar a ṡúile—maidean ḃreáġ ġréine b'eaḋ í. Ḃí na h-eunlaiṫe ag eiteallaḋ is ag ceileaḃar go ceolṁar ar ġeuga na gcrann 'na ṫimċeall, an fiolar ar foluaṁain in áirde san aer, agus leoiṫne ġlan an tsléiḃe ġá luascaḋ. "Ní ḟeadar ar ṫug me an oiḋċe im ċodlaḋ inso!" arsa Rip leis féin. Annsan ċuiṁniġ sé ar gaċ aon ruḋ a ṫárla sar ar ṫuit sé dá ċodlaḋ. Fear an ċeigín leanna—faġair an tsléiḃe—an t-árus imeasc na gcarraigreaċ—an ċuideaċta ġruamḋa ag imirt cluiċe na naoi-mbiorán—an corn—"Ó, an corn tubaisteaċ san!" arsa Rip in a aigne—"cionnus a ṫaḃarfa me m'aġaiḋ ar ḃean an tiġe, nó cadé an leaṫ-sceul a ċeappad di?"

D'ḟeuċ sé timċeall ar lorg a ġunna, aċt in áit an ġunna ṡleaṁain-ġlain ṡlíoḃṫa a ḃí aige, fuair sé sean-arm cian-aosta caiṫte len a ais, an barraille iṫte le meirg istiġ ann, an glas ag tuitim de, agus diúiricíní sa stoc. Sé rioṫ leis ar nómat ná gur d'aon ġnó a ṫeann luċt carrḃais an tsléiḃe an t-ól leis ċum teaċt ar an ngunna. Ḃí Smuilc ar iarraiḋ, leis, aċt ca ḃfios naċ i ndiaiḋ madra crainn nó piotraisc a ḃí sé imṫiġṫe . Scaoil sé fead agus ġlaoiḋ sé in áird a ċinn as a ainm air, aċt ní raiḃ maiṫ ná maoin dó ann ; ḃí an macalla ġá ḟreagairt, aċt ní raiḃ aon tuairisc ar an madra.

Ṡocruiġ sé in a aigne dul ṫar n-ais go dtí láṫair ragairne an tráṫnóna roiṁe sin, agus dá dteagṁóċaḋ aoinne de'n gcuideaċtain leis, a ṁadra agus a ġunna d'éileaṁ. D'eiriġ sé ċum dul síos, aċt ḃraiṫ sé é féin gabṫa in gaċ aon alt leis, agus an lúṫ imṫiġṫe as a ċosa. "Ní maiṫ dom leiṫéid-se leaba ṡléiḃe," ar seisean, "agus más luiġeaċán fada ag dataċa atá indán dam de ḋeasca na scléipe seo, ní ṡeasóċaiḋ an diaḃal le bean an tiġe." Ċuaiḋ sé síos sa ngleann aċt ní gan duaḋ é ; fuair sé amaċ an ḟaġair a ndeaċaiḋ sé féin agus an sean-duine suas an tráṫnóna roiṁe sin ; aċt baineaḋ geit as nuair a ċonnaic sé sruṫán sléiḃe ag cur de go scléipeaċ siosarnaċ síos ṫar na carraigreaċa ann i ḃfíor-íoċtar na faġraċ. Mar sin féin níor ḃac san é agus siúd leis ag strapadóireaċt suas ar a cliaṫáin, ag iarraiḋ a ṡliġe ḋeunaṁ tré ṁoṫar coll agus beiṫ ; ḃaintí barra-tuisle go minic as, nó teiġeaḋ sé in aċrann sa líon a ḃí caiṫte ag na fineaṁna fiaḋaine ó ċrann go crann.

Fá ḋeireaḋ táiniġ sé go dtí ceann na faġraċ, aċt ní raiḃ aon teiṁeal den uaiṁ le feiscint ann. Ní faca

sé ós a ċoṁair amaċ aċt an ḟaill árd ṡleaṁain agus an ġaise ag teaċt go torannaċ cuḃránaċ tar a barr agus ag tuitim síos sa loċ leaṫan, doiṁin, dorċa, ag a bun. Ní raiḃ dul níos sia ag Rip boċt annsan. Ġlaoiḋ sé arís agus leig sé fead ar Ṡmuilc; níor ḟreagair sceaṁ ná glam é, aċt grágallaċ magaṁail an scata preuċán a ḃí ag eiteallaḋ aḃfad anáirde uaiḋ timċeall an ċrainn ċrín a ḃí ag claonaḋ amaċ tar eudan na faille. Ṫuit an lug ar a lag aige annsan, agus ní ḟeadar sé cad ba ṁaiṫ dó deunaṁ. Ḃí an ṁaidin ġá caiṫeaṁ agus airc ocrais air. Ba ḋeacair leis imṫeaċt gan a ṁadra is a ġunna; ḃí scannraḋ air teagṁáil len a ṁnaoi; aċt baḋ ḃás le gorta dó fuireaċ imeasc na sléiḃte. Ḃain sé crotaḋ as a ċeann, d'árduiġ sé an sean-ġunna meirgeaċ ar a ġualainn, agus ṫug sé a aġaiḋ ar an mbaile go cráiḋte cásṁar.

Ag deunaṁ síos ar an tsráid dó, teagṁuiġ go leor daoine leis, agus b'ait leis nuair nár aiṫin sé aoinne aca, mar ṡíl sé ná raiḃ duine sa ċeanntar san ná raiḃ aiṫne aige air. Rud eile, ní ḟaca sé culaiḋe den deunaṁ ḃí orra, ar ṁuintir na háite sin ċeana. Níor luġa an t-iongntas a ḃí air sin ná mar ḃí orra san, agus ṫug sé fá ndeara go mbaineaḋ gaċ aoinne fáscaḋ as a ġiall tar éis feuċaint air. Nár dein Rip an rud ceudna i gan ḟios dó féin, ó ḃeiṫ ag feuċaint orra san ġá ḋeunaṁ, agus cad a ġeoḃaḋ sé fá n-a ḃais ná troiġ feusóige tar éis fás ar a ċorrán!

Nuair ḃí sé ag gaḃáil isteaċ ciosa an ḃaile, lean scata leanḃaí é nár aiṫin sé, agus gaċ aon liúiġ ṁagaiḋ aca faoi féin agus an ḟeusóig fada léiṫ ḃí air. Rud dob anaṁ leis na madraí, leis, ċromadar ag sceaṁġail air. Ḃí aṫrú mór ar an tsráid-ḃaile féin: ḃí sé níos mó agus breis daoine ann. Ḃí sreaṫanna tiġṫe ann

ná faca sé riaṁ roiṁe sin, agus na tiġṫe a mbíoḋ sé istiġ ionnta go minic, ní raiḃ a dtuairisc ann. Níor aiṫin sé na h-ainmeaċa ḃí os cionn na ndóirse, ná na daoine ḃí ag briollacaḋ amaċ as na fuinneóga air, b'ait leis gaċ aon rud is gaċ aoinne a ḃí ann. Ċuir san rí-ráḋ mearḃaill ar a ṁeabair; ṫosnuiġ sé ag cuiṁneaṁ go mb'ḟéidir gur aṁlaiḋ ḃí sé féin agus a raiḃ ṫimċeall air ná fá ġeasa droma draoiḋeaċta. Ní raiḃ aon aṁras aige ná gurḃé seo a ḃaile dúṫċais, ná raiḃ sé ar iarraiḋ as aċt ó inné roiṁe sin. Nárḃ iad súd Sléiḃte Caatsgill suas uaiḋ—nárḃí sin aba ġlan Hudson ag gluaiseaċt soir uaiḋ—ná faca sé gaċ cnoc is gaċ gleann díreaċ mar a ḃíodar i gcoṁnuiḋe—ḃí ceann Rip tré n-a ċéile—"Sé an t-ól gránda san aréir, atá tar éis amadán do ḋeunaṁ díom!" ar seisean leis féin.

Tar éis mórán cuardaiġ fuair sé an casán ċum a ṫiġe féin agus ní gan eagla a ḋein sé d'iarraċt air, ag coinne gaċ aon nómat go n-aireoċaḋ sé graiċ ġeur a ṁná. Cad a ġeoḃaḋ sé roiṁe ná an tiġ in a ḟoṫraċ—an ceann tar éis tuitim isteaċ, na fuinneóga go léir briste, agus na dóirse imṫiġṫe desna bocáin. Ḃí madra, a ḃí leaṫ-ċaillte ḋon ocras agus a raiḃ buille deallraṁ aige le Smuilc, ag falmaireaċt ar fuaid na h-áite. Ġlaoiḋ Rip as a ainm air, aċt ċuir an maistín gránda drannaḋ air féin, agus ḃog sé leis. Ba ṡiné an buille ba ṁeasa le Rip dá ḃfuair sé. "Ṡiné mo ṁadra féin," arsa an fear boċt go cásṁar, "me imṫiġṫe i ndearmad air!"

Isteaċ leis sa tiġ, a ḃíoḋ go neuta glan ag bean an tiġe i gcoṁnuiḋe, ċum a ceart do ṫaḃairt di. Ḃí sé fuar folaṁ, gan aoinne ag coṁnuiḋe ann d'réir deallraiṁ. D'imṫiġ scanraḋ na mná ḋe leis an uaigneas—ċrom sé ag glaoḋaċ in áird a ċinn uirre

féin agus ar na leanbaí—lean macalla an ġlaoiḋ ins na seomraí uaigneaċa ar feaḋ tamaillín, agus annsan ṫáinig ciúnas na roilge tar an áit arís.

Ṫeiċ sé amaċ as, agus síos leis ceann ar aġaiḋ go dtí an tiġ-ósta in a mbíoḋ sé go minic—ḃí sé siúd féin imṫiġṫe. Ḃí tiġ mór corraċ aḋmuid 'na ṡeasaṁ in a ionad, agus gaċ aon ḟuinneog ċoṁ mór air, cuid aca briste, agus sean-hataí agus giobail sáiḋte ionta, agus os cionn an doruis ḃí an ainm, "Tiġ-ósta na hAondaċta, le Seón Doolittle." In áit an ċrainn ċraoḃaiġ a ḋeineaḋ foscaḋ agus fuiṫin don sean-ṫábairne beag, ḃí cuaille mór lom 'na seasaṁ anois agus giobal éigin ar a barr mar a ḃeaḋ caipín dearg oiḋċe, agus brat a ḃí daiṫṫe le réiltíní agus riastaí ag gabáil na gaoiṫe aisti—ní ḟeadar sé ar aon ċor anois cé raiḃ sé. Annsan ṫug sé fá ndeara aġaiḋ Ríoġ Seoirse ar an gcoṁarṫa, agus ċuiṁniġ sé gur mó gal ḃreaġḋa a ċaiṫ sé ar a ṡuaiṁneas faoi, aċt ḃí aṫrú mór air seo leis. Ḃí casóg ġorm ḃuiḋe air in áit na casóige deirge, claiḋeaṁ 'na láiṁ in áit an ḃacaill, hata trí ḃfeirceann ar a ċeann, agus **an ceann-ainm Ḃashington** daṫuiġṫe go soiléir suaiċniḋ i leitreaċa móra fá n-a bun.

Ḃí gasra leasmuiġ den doras mar ba ġnáṫ, aċt níor aiṫin Rip aoinne aca. Ní hiad na nósa ná na sliġṫe ceudna ḃí ag na daoine ar aon ċor anois. Ḃí gleiṫearán is tiomáint is foṫraga ann in áit an liostaċt agus an ciúnas a ṫaiṫiġ sé. D'ḟeuċ sé ṫimċeall feuċaint an ḃfeicfeaḋ sé an saoi Nioclás Ḃedder, aċt ní faca. Níor ḃaoġal go raġaḋ sé siúd ó aiṫint air, an aġaiḋ mór leaṫan a ḃí air agus mrotamus ar liobarnaḋ leis, an píopa fada ḃíoḋ in a ḃeul aige, agus nár ċuiḃe leis caint aċt an

deataċ ġá ṡéideaḋ amaċ in a ḃullaí aige ; ná ní ḟaca sé Ḃan Ḃummel, an maiġistir scoile, ag léiġeaṁ amaċ as ṡean-ṗáipéar-nuaḋaċta don ċuideaċtain. Ní raiḃ 'na n-ionad ann aċt fear caol-lom cancaraċ, a raiḃ a ṗócaí lán de ċáipéisí aige, agus é ag cur gaoiṫe as mar ġeall ar ċeart is reaċt—toġa—teaċtaí na Dála—saoirse—Cnoc Ḃuncair—agus caint mar sin nár ṫuig Rip boċt focal di.

Ḃí de aiteas an deallraiṁ ḃí ar Rip, len-a ḟeusóig leaḃair léiṫ, a ġunna meirgeaċ, a ċulaiṫ ġiobalaiġ, agus an gramaisc ban agus leanḃ a ḃí ag riṫ 'na ḋiaiḋ, gur ċuir sé rí-rá ar luċt-eistiġṫe fear na poilitiḋeaċta. Siúḋ gaċ aoinne ag bailiú ṫimċeall air, ag cur na súl tréḋ. Ḋein fear na h-óráide a ṡliġe isteaċ ċuige, agus ṫarraing sé i leaṫ-taoiḃ é, agus d'ḟiafruiġ sé ḋe, "cé ḋó a raiḃ sé ċum a ġuṫ do ṫaḃairt ?" Ca ḃfios do Rip cad ḋó ḃí sé ag tagairt ? Ṫáinig firín beag gasta eile ċuige, agus d'eiriġ sé ar ḃarraí a ċos, agus d'ḟiafruiġ sé i gcogar de, "ar ḃFederal nó Democrat é ?" Ní ḟeadar Rip naċ "gaḃaim siar" ḃí aige ġá ráḋ. Le n-a linn sin ḋein sean-duine toġaiI tósdalaċ, a raiḃ an feirc go breaġḋa 'na ḃéaḃar aige, a ṡliġe isteaċ tréḋ an tsluaġ, agus é ag cartaḋ na ndaoine soir is siar uaiḋ le n-a ḋá uillinn. Ṡeasuiġ sé os comair Ḃan Ḃuincil, láṁ leis ar a ṁaoṫán aige, agus an láṁ eile ar a ṁaide siuḃail, agus d'ḟiafruiġ sé go teann dána de agus bior 'na ṡúile, "cad a ṫug go ḋtí an toġa é agus gunna ar a ġualainn aige agus daoscar-ṡluaġ na sráide len a ċois, nó an aṁlaiḋ ṫeastuiġ uaiḋ aċrann agus toirmeasc d'aḋaint ?"

"Oḃoċ monuar ! a ḋaoine uaisle," arsa Rip go scáṫmar, "ní'l ionam-sa aċt fear boċt macánta den áit, atá go dílis uṁal don Ríġ, Dia go deo leis !"

Annsan d'éirigh na gárta fiadhta feirge ón sluagh ar gach taobh de:

"Spiaire! bratadóir! cladaire! rúsctar é! basctar é!" ag gach aoinne.

Mara mbeadh sean-duine togáil na feirce bhí thiar ar Rip. Chuir sé siúd 'na dtost iad, agus d'fhiafruigh sé arís go mustarach brostuightheach den gcuirpthéach an-aithnid cad é a thoisc, nó cé bhí sé a lorg. D'fhreagair an fear bocht go h-umhal úiríseal é, nach aon droch-fhuadar a bhí faoi, mar a cheapadar, acht go dtáinig sé ar thóir cuid dá chomharsain, a bhíodh de ghnáth timcheall an tábhairne.

"Seadh—cia h-iad iad?—cuir ainm orra," arsa an duine uasal.

Bhí Rip tamall ar a mharnadh agus d'fhiafruigh sé, "Cá bhfuil Nioclás Vedder?"

Bhíodar 'na dtost go cionn tamaill, gur labhair sean-duine foirbhthe de ghuth tanaidhe ghéur, "Nioclás Vedder, an é? dar ndóigh, tá an fear san curtha le ocht mbliadhna déug! Bhí cros adhmaid ag a cheann sa roilig acht tá sí sin féin dreoidhte is imthighthe anois."

"Cá bhfuil Brom Dutcher?"

"Chuaidh sé san arm i dtosach an chogaidh; deirtear gur marbhadh é ag ionsuidhe Rinn na gCloch—adeir a thuille gur amhlaidh bádhadh é sa tsidhe-gaoithe fá bhun Srón Antoine. Ní fheadar-sa ciaca—níor tháinig sé thar n-ais ó shoin."

"Cá bhfuil Van Bummel, an maighistir scoile?"

"D'imthigh sé sin go dtí an cogadh, leis; bhí sé 'na thaoiseach mór, agus sa Dáil dó anois."

Tháinig tocht bróin agus uaignis i gcroidhe Rip nuair chuala sé na sceula buadhartha so i dtaobh an scaipeadh agus an fán fada a bhí imthighthe ar a cháirde, agus é féin

fágṫa go h-aonaránaċ gan cara sa saoġal aige. Ċuir na freagraí mearḃall meaḃraċ air, leis. Níor tuig sé dé ċúis an tréimse ṁór aimsire a ḃí imṫiġṫe, ná na rudaí eile a ndearnaḋ tagairt ḋóiḃ: cogaḋ—Dáil—Rinn na gCloċ!—níor ḟan aon ṁisneaċ aige tuairisc aoinne eile ḋá ċáirde do ċur, aċt ġlaoiḋ sé amaċ go cásṁar, "An aiṫniḋ d'aoinne inso Rip Ḃan Ḃuincil?"

"Ó, Rip Ḃan Ḃuincil!" arsa beirt nó triúr. "Is aiṫniḋ do ċáċ é, dar ndóiġ! Siné agat ṫall Rip Ḃan Ḃuincil, a ḃfuil a ġualainn leis an gcrann aige."

D'ḟeuċ Rip, agus ċonnaic sé a ṁacsaṁail féin mar ḃí sé an lá ċuaiḋ sé fá'n sliaḃ, an liostaċt ċeudna ann, d'réir a ḋeallraiṁ, agus é gaċ aon ṗioc ċoṁ giobalaċ leis féin. Ċuir san tré n-a ċéile ar fad an fear boċt. Ṫáinig iomroll aiṫne air, agus ḃí sé in aṁras ciaca arḃ é féin é féin nó fear éigin eile. I lár a ṁearḃaill dó, d'ḟiafruiġ fear na feirce de cérḃ é féin, agus cad doḃ' ainm dó.

"Ag Dia atá fios," ar seisean go cráiḋte. "Ní me féin atá ann ar aon ċor—duine éigin eile atá ionam—súḋé ṫall mise—ní hé—sin duine éigin eile, a ċuaiḋ isteaċ im ḃróga-sa—ḃa me féin me féin aréir, aċt ṫuit me ḋem ċodlaḋ ar an sliaḃ, agus malartuiġeaḋ mo ġunna, agus atá gaċ rud ar na ṁalartú, agus me féin malartuiġṫe, agus ní ḟeadar me cad is ainm dam, ná ce hé me!"

Ċrom na daoine ag feuċaint ar a ċéile anois, ag crotaḋ a gceann, ag bagairt na súl, agus ag bualaḋ a méar i gcoinne a n-eudan. Ḃí cogar ag gaḃáilt ṫimċeall, leis, gur ċeart an gunna do ḃaint de, sar a ndeunfaḋ sé díoġḃáil; is mear a ċuir gaige an ḃéaḃair de nuair a rioṫ an ċontaḃairt leis. Díreaċ le n-a linn sin, d'ḟáisc bean ḋaṫaṁail ḃríoġṁar í féin

isteaċ tréd an tsluaġ ċum raḋarc d'ḟáġail ar ġiob-laċán na feusóige léiṫe. Ḃí bunóc beaṫuiġṫe de leanḃ ar a baclainn aici, agus ṫosnuiġ gaċ aon lóg aige sin le neart scannraiḋ. "Eist, a Rip;" arsa an ṁáṫair, "eist a amadáinín; ní ḋeunfaiḋ an sean-duine sin dada leat." Ċuir an ainm a ḃí ar an bpáiste agus foġar goṫa a ṁáṫar Rip ag marnaḋ air ḟéin.

"Cad is ainm duit-se, a ḃean ċóir?" ar seisean.

"Siúdait Gárdenier," ar sí sin.

"Agus ainm t'aṫar?"

"Á, an fear boċt, Rip Ḃan Ḃuincil dob' ainm dó; tá fiċe bliaḋain ó ṡoin ann ó d'imṫiġ sé amaċ lá len a ġunna, agus níor ċas sé riaṁ ó ṡoin—ṫáinig a ṁadra abaile in' euġmais; aċt ní ḟeadar aoinne ciaca an aṁlaiḋ láṁaiġ sé é féin, nó an iad na fir ḋearga d'árduiġ leo é. Ní rabas-sa aċt im ġearrċaile ḃeag an uair sin."

Ní raiḃ aċt aon ċeist aṁáin eile ag Rip le cur; aċt ḃí creaṫán 'na ġlór ġá cur:

"Cá ḃfuil do ṁáṫair?"

"Is gairid ó, ṁuise, ó fuair sí bás: ḃris féiṫ éigin istiġ inte aon lá aṁáin le neart raċt feirge ċum peidléara."

Ḃa ṡin aon sceul maiṫ aṁáin. Níor feud an fear macánta é féin do ċosc níos sia. Rug sé barróg ar a inġin agus ar a mac. "Mise t'aṫair!" ar seisean—"Rip óg uair dá rabas—sean-Rip anois!—An cuiṁin le aoinne inso Rip Ḃan Ḃuincil boċt?"

Ḃí gaċ aoinne 'na stalc ag allṫaċt, gur strac sean-ḃean í féin amaċ ón tsluaġ, agus tar éis di tamall do ṫaḃairt ag briollacaḋ fá n-a láiṁ isteaċ san aġaiḋ air, duḃairt sí, "Sé Rip Ḃan Ḃuincil é, má ṁairim—sé féin go deiṁin é! Ḋera, sé do ṁíle

beaṫa abaile ċugainn, a ṡean-ċoṁarsa! Cá rabais uainn ar aon ċor le fiċe bliaḋain?"

Ba ġairid a bí Rip ag innsint an scéil mar ní raiḃ sa tréiṁse fiċe bliaḋain leis aċt aon oiḋċe aṁáin. Ḃí a mb il ar leaṫaḋ ag na coṁarsain ag eisteaċt leis; ṫosnuiġ cuid aca ag luiġe na súl ar a céile agus ag cliṫ-ṁagaḋ; agus ṁuiġ a ġean-ġáire ar ġaiġe an ḃéaḃair, a bí tar éis casaḋ arís ó ċonnaic sé nár ḃaoġal ḋó, agus ċroṫ sé a ċeann—ḋein các aṁlaiḋ ag aiṫris air siúd.

Ṡocruiġeadar an ceist do ċur fá ḃráġaid Ṗeadair Ḃanderdonc, a bí leis an linn sin ag deunaṁ aníos orra go riġin réiḋ. De ṡlioċt an t-seanċuiḋe den tsloinne sin ḋó, an fear do scríoḃ ceud-ṡeanċus na cúige. B'é Peadar an seanóir ba ṡine dá raiḃ ar an mbaile, agus ní raiḃ aon euċt ná eaċtra a ṫárla riaṁ sa ċeanntar ná faġaḋ sé a innsint duit. D'aiṫin sé Rip ar an bpaisde, agus ṫug sé finnéiḋeaċt ar ḟírinne a scéil. Ċuir sé in iúl dá raiḃ láiṫreaċ, go raiḃ sé scríoḃṫa ag an seanċuiḋe a bí ar a ṡinsear, go mbíoḋ sprideanna i gcoṁnuiḋe ag eiriġe agus ġá dteasbáint féin ar Ṡléiḃte Caatsgill; go ndeirtí go dtagaḋ Hendric calma Hudson, an ċeud ḟear a fuair amaċ an tír sin agus an abainn, go dtagaḋ sé féin agus fuireann na "Leaṫ-ġealaiġe" ċum faire ḋeunaṁ ann uair sa ḃfiċe bliaḋain, go raiḃ an cead san aige teaċt ag feuċaint na h-áite 'nar ṡaoṫruiġ sé, agus beiṫ mar sprid ċoiṁdeaċta ag an abainn agus ag an gcaṫair breáġ a fuair a n-ainm uaiḋ. Go ḃfaca a aṫair féin iad uair in a sean-ċulaiḋe Pléimeanaċa agus iad ag gabáil do ċluiċe na naoi-mbiorán i log sa sliaḃ; agus go gcuala sé féin, tráṫnóna breáġ Saṁraiḋ, foṫrom na liaṫróid, mar ḃeaḋ blaoḋm tóirṫniġe abfad uaiḋ.

Ċum sceul gairid do ḋeunaṁ dem sceul, scaip na daoine, agus ċuadar i mbun an toġa arís. Ṫug a ingean Rip abaile ċum coṁnuiġṫe léi ; ḃí tiġ cluṫṁar compórdaċ aici, agus í pósta ag feirmeoir teann treun ar ċuiṁin le Rip é agus é 'na ġeafar beag, ag preabaḋ anáirde ar a ḋrom. Maidir le mac agus oiḋre Rip, é siúd ná raiḃ aon ċasna ann aċt a aṫair, agus a ġualainn leis an gcrann aige, ḃí sé in aimsir leo ag obair ar an ḃfeirm ; aċt dála a aṫar b'ḟearr leis ḃeiṫ ag ḋeunaṁ aon rud eile ná a ġnó féin.

Ġaiḃ Rip ċuige arís an tsean-ṡliġe agus an sean-ḃeus ; ba ġairid go ḃfuair sé amaċ gaċ aoinne den tsean-ḋream, cé ná raiḃ duine aca gan meirg agus rian na h-aimsire go daingean air ; aċt is fearr a ṫaiṫnig cuideaċta na n-óganaċ leis, agus ċuireadar súd, leis, an-ṡuim 'na ċoṁluadar san.

Ḃí an saoġal ar a toil aige anois. Nuair ná raiḃ aon obair air sa mbaile, agus críne sean-aoise ġá ċosc ó ḟiaḋaċ agus caiṫeaṁ-aimsire mar é, ċaiṫeaḋ sé an lá ar an suiḋeaċán a ḃí ag dorus an tiġe-ósta, ag cur síos dosna seanóirí eile ar an sean-ṡaoġal roiṁ an ċogaḋ. B'ḟada go raiḃ sé istiġ ar ṡeanċus ċoitċianta na ndaoine, ná gur ṫuig sé an t-aṫrú mór a ḃí tar éis teaċt ar an saoġal an faid a ḃí sé in a ṫoirċim suain. Gur ṫroideaḋ cogaḋ na saoirse—go raiḃ an tír tar éis cuing an tSasanaiġ do ċaiṫeaṁ di—agus anois, in áit é ḃeiṫ fá smaċt Ríoġ Ṡeoirse, go raiḃ sé 'na ṡaor-ċaṫarlaċ desna Stáit Aontuiġṫe. Níorḃ' aon ḟear mór poilitiḋeaċta é Rip ; ba ċuma leis ciaca rí nó impire nó uaċtarán a ḃeaḋ i gceannus ; aċt ḃí smaċt ann a ġoill go trom air ar feaḋ tréimse fada, agus b'é sin—smaċt na mná. Ṫug sé buiḋeaċas le Dia go raiḃ sé saor ó'n gcursmaċt san ; scaoil an bás

cuing an ṗósta, agus ní raiḃ bac air feasta bualaḋ isteaċ is amaċ mar d'oir dó, gan spleaḋċas dá bain-ċéile. Nuair a luaḋtaí a h-ainm, ċroṫaḋ sé a ċeann, d'árduiġeaḋ sé a ġuailne, agus d'iontuiġeaḋ sé a ṡúile anáirde; agus ní ḟeadair aoinne ciaca, "Dé beaṫa toil Dé!" nó, "Buiḋeaċas le Dia a ṡaor uirre sinn!" a ṫagaḋ ċum a ḃéil.

D'inniseaḋ sé a sceul tríd síos do gaċ aon taistealaiḋe a ṫagaḋ go dtí an tig-ósta. Ar dtúis, ṫugtaí fá ndeara nár ṁar a ċéile aon dá innsint aige, aċt níorḃ' iongnaḋ san agus a ġiorraċt ó ḋúisiġ sé. I ndeireaḋ ḃí sé aige díreaċ mar atá sé inniste inso, agus ní raiḃ fear, bean, ná páiste sa ċoṁarsanaċt ná raiḃ an sceul de ġlan-ṁeabair aca. Ḃí cuid aca, a leigeaḋ orra nár ċreideadar é, agus adeireaḋ gur as a ċiall a ḃí Rip leis an faid sin aimsire, agus gur raillsí geilteaċais iad san, a ḃí ag riṫ leis fós. Aċt ní raiḃ aoinne den tsean-ḋream Pléimeanaċ ná raġaḋ ar a leaḃar duit gurḃ' ḟíor gaċ aon ḟocal de. Fiú aṁáin go dtí an lá indiu, dá n-aireoċaidís tóirṫneaċ tráṫnóna Saṁraiḋ timċeall Sléiḃte Caatsgill, ḋeurfaidís leat gurḃé Hendric Hudson agus a ḟuireann a ḃí ag gaḃáilt do ċluiċe na naoi-mbiorán; agus aon ḟear sa ċoṁarsanaċt san atá fá ċuing na bantraċta agus gur cuma leis a ḃeo nó a ṁarḃ, sé mian a ċroiḋe ná deoċ an t-suain d'ḟáġail as corn Rip Ḃan Ḃuincil.

Mac do ḋuine-uasal Rúiseánaċ b'eaḋ **Count Leo Nikolaievitch Tolstoi** agus rugaḋ sa mbl. 1828 é. Nuair a ḃí sé 47 mbliaḋna d'aois, scríoḃ sé "**Anna Karenina**, an leaḃar Rúiseánaċ is aoirde cáil i mbaile agus i gcéin. Sí breaṫ ċoitċianta luċt léiġṫe litriḋeaċt na Rúise gurb'é "**An Deoruiḋeaċt Ḟada**" an gearr-sceul is fearr dár scríoḃ an t-uġdar.

An Deoruiḋeaċt Ḟada.

“Is mall Dia, aċt triallann a ġrásta.”

Ḃí ceannuiḋe óg dárb' ainm Acsenof in a ċomnuiḋe i gcaṫair Ḃladímir sa tsean-aimsir. Ḃí raṫ agus strus air, ní raiḃ dá ṡiopa eile sa ċaṫair ba ḃreaġṫa láidre ná an dá ṡiopa a ḃí aige agus ḃí tiġ aolṁar iarṁaiseaċ aige in a dteannta san mar árus comnuiġṫe dó féin agus dá ċlainn.

Fear suairc subailceaċ b'eaḋ Acsenof. Ḃí luisne na h-óige agus na sláinte in a ċeannaċa agus folt ciar-duḃ casta ar a ċeann. Ba ṁór é a spéis i gceol agus ba ḃinn bog a ġuṫ ag gaḃailt aṁráin. I dtúis a óige ḃí sé ólṫaċ imearṫaċ aċrannaċ, aċt ṫréig sé an scléip is an earráid tar éis pósaḋ dó, agus is anaṁ do ċití ar meisce é in a ḋiaiḋ san.

Ḃí Acsenof uair ag dul go Nizhní Noḃgorod (.i. an baile nua íoċtaraċ) go dtí aonaċ mór an t-Saṁraiḋ. Ṫáinig a ḃean ċuige nuair a ḃí sé ar tí imṫeaċta.

“Le h-anmainn do ṁarḃ, a Ṡeáin,” ar sí sin, “ná corruiġ amaċ indiu. Taiḋḃreaṁ a ḋeineaḋ dam aréir naċ feairrde me go ḃráṫ é, ṡíl me gur ḃain ciotrainn ṁillteaċ duit.”

Is aṁlaiḋ ṫosnuiġ Acsenof ná ag gáire fúiṫe. “Eagla gan ġáḋ atá ort, a inġean ó,” ar sé sin, “go raġaḋ-sa ar an ól ag an aonaċ, agus ní hé a ṁalairc fá ndear do ṫaiḋḃreaṁ.”

“Ní feadar féin cadé aḋḃar m'eagla,” arsa a ḃean, “aċt ní raiḃ a leiṫéid de ṫaiḋḃreaṁ le h-aiteas agam riaṁ: ḃí tú ag casaḋ ón mbaile mór, ṡíl me, agus

nuair ṫáiniġ tú isteaċ an dorus ċuġam agus ḃain tú ḋíot do hata, ḃí do ċeann go léir ċoṁ liaṫ le broc."

Ċuir Acsenof liúiġ ṁór ġáire as. "M'anam tú," ar sé sin, "dar ndóiġ, coṁarṫa raṫ is áḋ im ċoṁair é sin. Seaḋ anois, is miṫid dam beiṫ ag cur ḋíom. Fan go bfeicir an féirín breáġ deas a ṫabarfaḋ ċuġat ón aonaċ."

D'fág sé slán agus beannaċt ag a ċlainn annsan agus ṫug sé a aġaiḋ ar an mbóṫar.

Ní raiḃ tar leaṫ na sliġe deunta aige nuair a ṫáiniġ sé suas le ceannuiḋe a raiḃ aiṫne aige air, agus ċuir an ḃeirt aca fúṫa ag an tábairne ceudna an oiḋċe sin. D'óladar an té i dteannta a ċéile, agus tar éis dóiḃ scaṫaṁ do ṫabairt ag seanċus ar a suaiṁneas, do ċuadar a ċodlaḋ in ḋá ṡeomra a ḃí le h-ais a ċéile.

Ní h-aon ċodlaḋ fada a ḋein Acsenof; d'eiriġ sé i lár na h-oiḋċe agus d'órduiġ sé dá ṫiománuiḋe na capaill do ġabáilt. Ba ṁaiṫ leis an ċuid is mó de'n turus do ḋeunaṁ le fionnfuaras na maidne, sar a dtiocfaḋ brotall marḃṫaċ an ṁeaḋon-lae. Do ġlan sé a ḟiaċa le fear an tábairne agus siúd leis ċum bóṫair.

Níor stad sé de'n stáir sin go raiḃ sé míle fiċead sliġe ṫarais aige, agus nuair do ḃraiṫ sé an t-ocras ag cur air, do ċuaiḋ sé isteaċ i dtiġ-oiġeaḋ a ḃí ar ṫaoiḃ an ḃóṫair. An faid do ḃí an biaḋ ġá ullṁú dó, ṡuiḋ sé síos i halla an tiġe agus ċrom sé ag seinm ar a ġuitéar dó féin.

Ba ġairid dó ann gur airiġ sé gliogarnaċ cluigín agus cad a ċífeaḋ sé ná carraeiste trí gcapall ag deunaṁ go dian i leiṫ an tiġ-oiġeaḋ agus ag stad go h-obann os coṁair an ġeata. Léim oifigeaċ agus beirt ṡaiġdiúir amaċ as agus ṫángadar ceann ar aġaiḋ

aníos go dtí Acsenof, agus d'ḟiafruiġeaḋ de ar nómat cérḃé é, agus cad as a dtáiniġ sé.

D'ḟreagair Acsenof na ceisteanna ċoṁ mear agus d'ḟeud sé, agus ṫug sé cuireaḋ ḋon oifigeaċ suiḋe agus cupán té d'ól in a ḟoċair.

Níor ċuir an t-oifigeaċ aon tsuim in a ċuireaḋ aċt leanṁaint air ġá ċeistiú: "Cár ċaiṫis an oiḋċe aréir? In id aonar a ḃís nó i bḟoċair ceannuiḋe eile? An ḃfaca tú an ceannuiḋe sin ar maidin? Dé ċúis duit cur díot ċoṁ doiċ sin?"

B'ait le Acsenof dé ċúis ḃeiṫ ġá ċeistiú ċoṁ geur san, aċt d'innis sé gaċ aon rud mar a ṫárla, agus annsan d'ḟiafruiġ sé ḋe an aṁlaiḋ ḃí aṁras aige gur ġoid nó marḃaḋ ḃí deunta aige, go raiḃ sé ag cur na gceisteanna go léir air. "Ṫáim-se i bḟeiġil mo ġnó féin," ar sé, "agus ní h-eol dam go bḟuil aon ċoir le cur im leiṫ."

Annsan ġlaoiḋ an t-oifigeaċ ċuige ar na saiġdiúirí. "Mise ceann-urraiḋ na bpiléar," ar sé sin leis an gceannuiḋe, "agus 'sé ċúis dam ḃeiṫ ag lorg na faisnéise seo ort-sa, mar ṡátaḋ an ceannuiḋe a raḃais in a ḟoċair aréir. Teasbáin dam do ċuid málaí agus córaċa anois, agus teiġiḋí-se ġá ċuardaċ féin," ar sé leis an mbeirt ṡaiġdiúir.

Ṫugaḋ a ḃosca agus a ṁála isteaċ sa tiġ-oiġeaḋ agus ċuaḋ sa ċuardaċ orra. Ba ġairid dóiḃ gur ṫarraing an t-oifigeaċ claiḋeaṁ mór sceine amaċ as an mála. "Cia leis an scian so?" ar sé sin.

Nuair do ċonnaic Acsenof an scian ġá tógaint amaċ as a ṁála agus í smearṫa le fuil, 's iongnaḋ nár ṫuit an t'anam tur te as le scannraḋ.

"Agus dé ċúis an fuil seo ar an scian?" arsa an t-oifigeaċ arís.

Ḋein Acsenof iarraċt ar labairt aċt ḃí creaṫán agus stad in' úrlaḃra agus sceon agus sgeiṁle in a ḋá ṡúil.

“Ní—ní—ḟeadar—mé,” ar sé sin. “Ní—ní—liom-sa—an scian—san.”

Annsan duḃairt an t-oifigeaċ: “Fuaraḋ an ceannuiḋe fuar marḃ in a leabaiḋ ar maidin indiu. Ní ḟeudfaḋ aoinne eile an gníoṁ do ḋeunaṁ aċt tusa. Ḃí an glas ar an táḃairne ón taoiḃ istiġ, agus ḃí an tiġ fá'n mbeirt agaiḃ. Agus anois ṡiḋí an scian smearṫa so ġá fáġail istiġ id ṁála, agus naċ ṡiné scríoḃṫa go soiléir ar t'aġaiḋ é go ḃfuil tú ciontaċ. Ní h-aon ċaḃair duit ḃeiṫ ġá ċeilt níos sia. Innis dam cionnus a ṁarḃaís é agus dé méid airgid a fuair tú air.” Ḋearḃuiġ Acsenof ná raiḃ láṁ ná páirt aige féin sa ċoir, ná faca sé aon teiṁeal den ċeannuiḋe ó'n uair do scair sé leis tar éis an té, ná raiḃ pingin le h-aoinne eile aige aċt na h-oċt míle rúḃal a ḃí aige leis féin, agus nár leis an scian a fuaraḋ 'na ṁála.

Aċt ḃí creaṫán in a ċaint, ḃí liṫ an ḃáis 'na ċeannaċa, agus ḃí sé ar balla-ċriṫ le neart scannraiḋ, aṁail is dámba ċuirpṫeaċ é.

Níor ḋein an t-oifigeaċ a ṫuille moille aċt glaoḋaċ ar na saiġdiúirí agus d'órduiġ sé dóiḃ ceanglaċa do ċur ar Acsenof agus é do ḃreiṫ go dtí an carraeiste. Nuair a ṫugaḋ go dtí an carraeiste é agus laingcis ar a cosa, ḃain sé fioġair na croise ḋe féin agus ṫáinig toċt guil air. D'árduiġ na saiġdiúirí leo gaċ aon rud a ḃain leis, agus cuireaḋ fá ġlas é féin sa ċaṫair ba ġiorra dóiḃ.

Ċuaḋ go Ḃladímir ċum gaċ aon ċúntas d'ḟáġail i dtaoiḃ Acsenof, agus ní raiḃ ceannuiḋe ná siopadóir

sa ċaṫair sin nár ṫug teist agus tuairisc ṁaiṫ ṁac-ánta air, gurḃ' ḟear diaḋanta deáṫraṁail é, cé go raiḃ sé rud beag taḃarṫa do ragairne agus do scléip le linn a óige, dála a lán óġánaċ eile. Ḃí cúirt air in a ḋiaiḋ san agus fuaraḋ ciontaċ sa dá ċoir é, an ceann-uiḋe do ṁarḃaḋ, agus a ċuid airgid—fiċe míle rúbal, do ġoid uaiḋ.

Baineaḋ an-scannraḋ as ḃean Acsenof nuair a ċuala sí an sceul, agus ní ḟeadar sí cad ba ṁaiṫ ḋi a ḋeunaṁ. Ḃí muirear beag a ċúram uirre agus iad an-óg. Ċuaiḋ sí go dtí an ċaṫair mar a raiḃ a fear fá ġlas agus a líon-tiġe ar fad in a foċair. Níor leigeaḋ isteaċ ar dtúis í, aċt i gcionn beagán aimsire fuair sí cead ón maor agus tugaḋ isteaċ i láṫair a fir í.

Nuair do ċonnaic sí ansúd i gculaiṫ an ṗríosúin é agus é ceangailte cuiḃriġṫe i gcuideaċtain biṫeaṁnaċ agus sladaire, ṫuit sí 'na cnap i laige ar an úrlár, agus b'ḟada gur ṫáinig sí ċúiċe féin. Annsan ḃailiġ sí ṫimċeall uirre a muirear beag óg agus ṡuiḋ sí istiġ 'na measc, agus ċrom sí ag innsint dá fear i dtaoiḃ a ṫeaġlaiġ is a ġnó, agus ag fiafruiġe ḋe i dtaoiḃ ar ḃain dó féin.

D'innis sé ḋí an sceul go léir tríd síos. "Ó Dia lem anam," arsa sí sin go cásmar, "ní ḟeadar 'dé'n ḃreaṫ a ṫaḃarfar ort?"

"Caiṫfimíd aṫċuinge do ċur láiṫreaċ go dtí an t-Impire," ar sé sin. "Is olc an ceart fear atá ċoṁ neaṁ-ċiontaċ le aoinne desna leanḃaí seo, do ḋaoraḋ san eugcóir."

Dubairt a ḃean leis go raiḃ sí féin tar éis san do ḋeunaṁ ceana féin aċt nár tugaḋ aon tor ar a h-aṫċuinge. Níor labair Acsenof, aċt b'ḟuiris a aiṫint

air go raiḃ buaiḋreaṁ aigne air. “ Feuċ féin go raiḃ ḃríġ lem ṫaiḋḃreaṁ,” arsa an ḃean, “ nuair a ċas tú ċuġam, dar liom, fá léiṫe. Sin iad na ruaiṫní liaṫa ag teaċt id ċeann ċeana féin le h-imṡníoṁ is buaḋairt. Mo ċiaċ ċráiḋte nár ḋeinis rud orm an ṁaidin sin agus fuireaċ sa ḃaile ḋuit féin ! ”

Ṫosnuiġ an ḃean ḃoċt ag greadaḋ a bas agus ag raobaḋ a dlaoi agus ag gol go geur goirt. “ A Ṡeáin, a ċéile mo ċroiḋe,” ar sí sin, “ ná ceil an ḟírinne ar do ṁnaoi ṁúirniġ féin : an tú a ḋein an gníoṁ gránda san ? ”

Ṫáinig alltaċt ar Acsenof nuair d’airiġ sé an ċaint sin as ḃeul a ṁná féin. Níor ḋada leis an saoġal go léir ġá ḋaoraḋ aċt ná beaḋ aṁras ag a ḃaincéile as. Ṫuit an lug ar a lag ag an ḃfear boċt agus ba ḋíol truaiġe é ag gol go fuiġeaċ, ar nós leinḃ.

Leis an linn sin ṫáinig saiġdiúir isteaċ agus ċuir sé in iúl dóiḃ go raiḃ an t-am caitte. Ċuir Acsenof slán agus beannaċt le n-a ṁuirear agus siné an teiṁeal deiḋeanaċ a ċonnaic sé díoḃ i ḃfus.

Nuair a ḃí a ḃean imtiġte, ċrom Acsenof ag maċtnaṁ ar an gcaint a ḃí eatorra. Ba rinn gae niṁe tréd an gcroiḋe leis, aṁras ag a ḃean féin as ċoṁ maiṫ le cáċ. “ Ní follus fírinne an scéil d’aoinne aċt do Ḋia,” ar sé sin leis féin. “ Is air sin aṁáin atá mo ḃraiṫ, agus is uaiḋ aṁáin atá aon ṁaiṫ ḃeiṫ ag coinne le trócaire.”

Níor ċuir Acsenof aon aṫċuinge as san suas go dtí rí ná ridire ; ṫréig sé pé muinġin a ḃí aige go dtí san as daonḋaċt an duine, agus ġuiḋ sé Dia na nGrást aṁáin. Isí breaṫ a tugaḋ air, a ḋian-ḃualaḋ ar dtúis agus a ċur ag sclábuiḋeaċt in imgcéin in a ḋiaiḋ san.

Ḋeineaḋ aṁlaiḋ. Gabaḋ go dian den sciúirse air,

agus nuair a ḃí a ċreuċta cneasuiġṫe, cuireaḋ i ḃfoċair deoruiḋṫe eile amaċ go dtí an tSibéir é.

Ṫug Acsenof sé bliaḋna fiċead ag obair ins na mianaiġ ann. Ḃí a ġruaig iontuiġṫe ar ḋaṫ an tsneaċta agus ḃí a ḟeusóg ḟada liaṫ ag sileaḋ go scáiṫteaċ síos leis. Ḃí an greann agus an magaḋ tar éis é do ṫréigint. Ḃí sé in a ṡeanóir cromṫa críon, gan lúṫ ná briġ 'na ċoiscéim agus gan spéis ná suim aige i gcoṁluadar ná i gcaint na gcime eile, aċt é ag síor-agallaṁ Dé. D'ḟoġluim sé an ġreusaiḋeaċt sa ṗríosún agus ċeannuiġ sé " Leabar na Martar " as an airgead do ṫuilleaḋ sé. Ḃíoḋ sé ag léiġeaṁ an leaḃair sin an ḟaid do ṡeasuiġeaḋ solus an lae leis sa ṗríosún, agus gaċ Doṁnaċ is lá saoire ṫeiġeaḋ sé go dtí séipeul an ṗríosúin, léiġeaḋ sé na soiscéil, agus ḃíoḋ sé ag aṁrán sa ċór, mar ḃí an guṫ go binn láidir fós aige.

Ḃí luċt ceannuis an ṗríosúin an-ṡásta leis i dtaoiḃ a uṁlaiḋeaċta, agus ḃí árd-ṁeas ag a ċoṁ-ṗríosúnaiġ air. Sé an leas-ainm ḃí aca air ná " Sean-aṫair " agus " Céile Dé." Nuair a ḃíoḋ aon aisce le h-iarraiḋ aca, is ar Acsenof do ḃeartuiġtí i gcoṁnuiḋe ċum dul os coṁair na maor, agus nuair ḃíoḋ aon eas-aontas idir na príosúnaiġ féin, is fá Acsenof d'ḟágtaí tarrṫáil do ḋeunaṁ.

Ní ġeiḃeaḋ Acsenof aon leitir ón mbaile agus ní ḟeadar sé ciaca beo nó marḃ ḃí a ḃean is a ċlann, ná cad ba ċor dóiḃ.

Ṫáinig scata cime go dtí an príosún uair. Ḃailiġ na sean-ċimiḋṫe go léir timċeall orra um ṫráṫnóna, agus ḃíoḋ ag cur an doṁan ceisteanna orra i dtaoḃ na gcaṫraċ agus na mbailte as a dtángadar agus 'diaḋ na coirṫe ḃí in a leiṫ.

Ḃí Acsenof ar feaḋ na h-uaire seo 'na ṡuiḋe ar ċnaiste a leabṫan, a ċeann cromṫa aige agus é ag eisteaċt leis an gcaint.

Ḃí sean-duine árd lom ar na cimiḋṫe. Ṫimċeall trí fiċid bliaḋain d'aois ḃeaḋ sé. Ḃí deallraṁ agus daṫ na sláinte air agus coinnleaċ liaṫ feusóige ar a ġiall. Ḃí sé ag innsint dóiḃ dé cúis ar ġaḃaḋ é.

"Níorḃ' ḟiú biorán a raiḃ aca im leiṫ, a ċáirde," ar sé sin. "Is aṁlaiḋ fuaraḋ breiṫ orm ag scur capaill le teaċtaire, agus ní ċuirfeaḋ an saoġal 'na luiġe orra naċ ag iarraiḋ é do ġoid a ḃíos. Duḃras-sa leo ná raiḃ aon ruḋ uaim féin ar ċuid na gcoṁarsan, aċt ó ṫárla diṫeanas orm agus aiṫne agam ar an tiománuiḋe, go raḃas ag tógaint tamall dá ċapall. Ní raiḃ aon ṁaiṫ ḃeiṫ leo. Ċuireadar arís im leiṫ gur á ġoid a ḃíos, agus ġaḃadar me. Aḋmuiġim gur minic do ḋein me ruḋ as an tsliġe a ṫuillfeaḋ an áit seo ḋam fadó, aċt ní ḟuaraḋ greim orm; agus anois ṡiḋé me im ċur i leiṫ ann san eugcóir. Aċt dé ṁaiṫ ḃeiṫ ag gearán? Ḃíos inso sa tSiḃéir aca ċeana agus ní ró-ḟada ċoimeádadar ann me——"

"Cad as duit?" arsa ceann desna cimiḋṫe leis.

"Ó ċaṫair Ḃladímir dam," ar sé sin. "Macár m'ainm, agus Simeón dob' ainm dom aṫair."

D'árduiġ Acsenof a ċeann agus ċuir sé ceist air.

"A Ṁic Ṡimeóin," ar sé sin, "ar airiġ tú riaṁ tráċt ar ṁuintir Acsenof, ceannuiḋṫe móra i gcaṫair Ḃladímir? An maireann siad fós?"

"Mairid, ambasa, go treun. Ní'l aon teora le n-a gcuid siúd saiḋḃris, cé go ḃfuil a n-aṫair i mbraiġdeanas. D'réir deallraiṁ, ḃí sé ċoṁ mór de ṁéirleaċ le h-aoinne againn féin. Aċt ceist agam ort, a Ṡean-aṫair; cad a ċur inso i leiṫ tú féin?

Níor ṁaiṫ le Acsenof a leun do luaḋ; leig an fear boċt osnaḋ, agus dubairt:

"Tá sé bliaḋna fiċead ann," ar sé sin, "ó ḋaoraḋ ċum sclábuiḋeaċta san áit mí-áḋṁarach so me mar ġeall ar mo ċoirte."

"Aċt cadé an ċoir a bí deunta agat?" arsa Macár mac Ṡimeóin.

Ní inneosfaḋ Acsenof focal eile dó i dtaob a scéil. "Is dóċa go bfuaras an rud a bí tuillte agam," ar sé sin, "agus fágaimís siúd mar atá sé." Aċt d'innis na cimiḋte eile an sceul go léir dó, gur marbaḋ ceannuiḋe a bí ag taisteal, agus gur ċuireaḋ an scian isteaċ i mála Acsenof, agus mar sin gur ḋaoraḋ san eugcóir é. Nuair d'airiġ Macár an sceul, d'ḟeuċ sé anonn ar Acsenof agus tar éis é do ḃreaṫnú go maiṫ, labair sé.

"Ḃuaiḋ san ar ar airiġ mé riaṁ," ar sé sin. "Naċ cuṁang é an saoġal seo tar éis gaċ aon rud. Is iongntaċ mar a ċuaḋais i gcríne, a Ṡean-aṫair."

Ċrom gaċ aoinne ag fiafruiġe ḋe, cá bfaca sé Acsenof ċeana nó 'dé ċúis an t-iongntas a bí air. Aċt níor ṫug Macár aon tor ar a gcuid ceisteanna. Lean sé air ag caint leis féin.

"Castar na daoine ar a ċéile," adeireaḋ sé, "aċt ní ċastar na cnuic ná na sléibte. Naċ beag an coinne bí agam go dteagṁóċaḋ an beirt againn le n-a ċéile arís ar an saoġal so."

Ar gclos na cainte seo d'Acsenof, riṫ sé leis ar nómat go mb'ḟéidir go mbeaḋ fios ag an bḟear so cia ṁairḃ an ceannuiḋe. Ceistiġ sé é.

"Ar airiġ tusa i dtaob na coire sin, a Ṁic Ṡimeóin, nó an bfaca tú mise ċeana?" arsa sé.

"D'airiġ me ar bfalaing! Ná raib sé i mbeul na

ḋúiṫċe. Aċt tá a ḟaid sin ó ṫuit sé amaċ, ná faġainn focal dár airiġ me 'na ṫaoḃ do ṫaḃairt ċum mo ċuiṁne anois," arsa Macár.

"Ní ḟeadar an aireoċtá cia ṁairḃ an ceannuiḋe?" arsa Acsenof.

Do ġáir Macár agus duḃairt:

"Cia ṁarḃoċaḋ é aċt anté a ḃfuaireaḋ an scian in a ṁála. Ní ḃfaġaḋ aoinne eile an scian do ċur isteaċ id ṁála i gan ḟios duit. Cionnus do ġeoḃaḋ? Ná raiḃ an mála buailte leo ċeann, agus cionnus a ġeoḃṫaí an cleas do ḋeunaṁ gan tú do ḋúiseaċt?

Ní túisce d'airiġ Acsenof an ċaint seo ná riṫ sé leis go daingean naċ é a ṁalairt seo do ṁairḃ an ceannuiḋe.

D'eiriġ sé 'na ṡeasaṁ agus ṡiuḃail sé leis. Níor ṫuit neul codalta air ar feaḋ na h-oiḋċe sin go léir. Ṫáinig toċt uaignis agus briseaḋ croiḋe air agus ċrom sé ag cuiṁneaṁ ar an aimsir a ḃí imṫiġṫe.

Ṫáinig samailt a ṁná os comair a aigne, díreaċ mar a ḃí sí an lá úd sa ṗríosún nuair ṫáiniġ sí ag cur slán go h-eug leis. Ṡaṁluiġeaḋ dó cúpla uair go raiḃ sí ansúd os a ċoṁair in a clóḋ daonda. Ċíoḋ sé a ceannaċa agus a súile, dar leis, agus d'airiġeaḋ sé ag caint agus ag gáire í.

Annsan ċuiṁniġ sé ar a ṁuirear beag óg; duine aca 'na ġarsúinín beag ag riṫ ar fuaid an tiġe, agus duine eile 'na naoiḋeanán i mbaclainn a ṁáṫar.

Annsan ċuiṁniġ sé air féin mar ḃí sé an uair úd, go beo bríoġṁar, fá ḃláṫ is fá raṫ. Ċuiṁniġ sé ar an lá ġaḃaḋ é agus é 'na ṡuiḋe i halla an tiġ-oiġeaḋ dó féin, gan ṁairg ar doṁan air aċt é go meiḋreaċ meanmnaċ ag seinm siḋe-ċeoil.

Ṫáinig láṫair na sciúirseála ċum a ċuiṁne leis,

mar ar ġaḃaḋ gan truaġ gan taise de sgiúirsí troma ar a ċaoiṁ-ċneas, fear na sciúirse láiṁ leis, agus an sluaġ mór a ḃí 'na timċeall ar gaċ taoḃ. Ċuiṁniġ sé ar ṡlaḃraiḋe is aċrainniḋe, ar na cimiḋṫe eile, ar na sé bliaḋna fiċead a ḃí caiṫte aige sa ṗríosún, agus é anois 'na ṡeanóir cráiḋte críon. Ṫáiniġ a leiṫéid sin de ṫoċt ar an ḃfear boċt nárḃ'ḟearr leis a ḃeo ná a ṁarḃ ar an am san.

“ Naċ é an scannraḋ an t-ualaċ aindeise seo do ṫuitim orm de ḋeasca an ċuirpṫiġ seo ! ” arsa Acsenof leis féin.

Annsan ṫáiniġ robarta feirge agus uilc air ċum Ṁacáir Ṁic Ṡimeóin, go dtáiniġ mian agus rún a ṁarḃṫa in a ċroiḋe, i ndíoġal na feill-ḃirte agus na h-eugcóra ḃí deunta aige air. In aiṁḋeoin na n-úrnuiġṫe do ċuir sé suas go dúṫraċtaċ ċum Dé ag iarraiḋ foiḋne, níor ṫáiniġ stuamú ná suan air. Nuair a ṫáiniġ an ṁaidean, ġaiḃ sé ṫar Macár gan feuċaint air. D'imṫiġ seaċtṁain agus fós coigṫiġeas agus oiread is focal níor labair sé leis. Níor ṡáṁ codlaḋ ḋó ar feaḋ na tréiṁse sin, aċt é ġá ṡuataḋ san oiḋċe ag smaointe duba duaiḃseaċa, agus ag buaiḋreaṁ aigne, agus gan fios a leiġis ná a leasa aige.

Oiḋċe dá ráiniġ ag gabáil tréd an gcarcar é, cad a ċífeaḋ sé ná an ċré ar n-a toċailt fá ċeann desna leabṫaċa. Stad sé ag feuċaint air. Cé ṡnáṁfaḋ amaċ fá ṫóin na leabṫan ċuige ná Macár, agus d'ḟeuċ sé ar Acsenof agus scannraḋ in a ḋá súil.

Ḃí Acsenof ar tí imṫeaċt leis gan feuċaint air, aċt ruġ Macár ar uilinn air, agus d'inniṡ sé ḋó gur aṁlaiḋ ḃí sé ná ag deunaṁ lintéir amaċ fá'n ḃfalla, agus go mbeireaḋ sé a mbíoḋ roṁarta gaċ oiḋċe aige amaċ 'na ḃuataisí leis ar maidin, nuair ḃídís ag

dul ag obair, agus go ḃfolaṁuiġeaḋ sé amuiġ ar an tsráid iad.

“Ar do ḃás na h-abair focal le h-aoinne beo mar ġeall air,” arsa sé, “agus ġeoḃair féin eulóḋ liom amaċ ann. Má innsir orm, sí an sgiúirse ḃeiḋ i nḋán dam; aċt bí-se ar t’ḟaire féin ’na ḋiaiḋ san, nó is baoġal báis duit é.”

Nuair do ċonnaic Acsenof a naṁaid os a ċoṁair amaċ ṫáinig fuaṫ feirge air agus crioṫ ’na ḃalla beaṫaiḋ le dásaċt buile. Strac sé a láṁ as ġreim an ḟir eile agus duḃairt: “Ní h-eulóḋ ná teiċeaḋ is méinn liom-sa, agus maidir lem ḃás is cuma liom é, mar is fada me marḃ agat. I dtaoḃ an ġnó so do ċeilt nó a noċtaḋ, bíoḋ mo leas ar Ḋia.”

Lárna ḃáraċ nuair ḃíoḋ ag tionnlacaḋ na gcime amaċ ċum a gcuid oibre, ċonnaic saiġdiúir an toċailt a ḃí deunta ag Macár. Ċuaḋ ag cuardaċ agus fuaireaḋ an poll. Ṫáinig an taoiseaċ isteaċ sa ṗríosún agus ċeistiġ sé iad ó ḋuine go duine.

Níor ṫug aoinne aca aon ḟaisnéis dó. Ḃí ḟios aca go maiṫ gurḃ’é Macár a ḃí ag tollaḋ ann, agus ba ḋiombáḋ leo an cóiriú ḃí i nḋán dó dá scéiṫfidís air.

Annsan ṫáinig an taoiseaċ i leiṫ go dtí Acsenof. Ḃí ḟios aige gurḃ’ḟear cráibṫeaċ fírinneaċ é, agus arsa sé leis: “A Ṡean-duine ċóir, ní gnáṫ óḋ ḃeul-sa aċt an ḟírinne; innis dam i ḃfiaḋnaise Dé, cé ḋein an obair seo.”

Ḃí Macár i láṫair le linn na cainte seo, aċt ní leigfeaḋ a scannraḋ dó feuċaint ar Acsenof.

Ṫáinig crioṫ cos is láṁ ar Acsenof agus b’ḟada gur ṫáinig a úrlaḃra ċuige. Ḃí a aigne ar nós saoḃ-ċoire ag smaointe ag treasú a ċéile: “Má ḋíonaim é——,” adeireaḋ sé leis féin. “Aċt cionnus a ġeoḃ-

ainn maiṫeaṁ donté ḋein mo ḋíoġbáil agus mo ḋian-ċráḋ? Fulaingeaḋ sé anois ar ḟulaingeas-sa leis na bliaḋanta fiara fuara! Ní ḟeadar an scéiṫfinn air? Ċifiḋ sé Murċaḋ má ḋeinim. Nać cuma ḋaṁ-sa caḋé an cor a ṫabarfar air? Aċt ar luġaiḋe m'aindeis agus arḃ' aoiḃne de mo ḃeaṫa feasta san ḋá ḋeunaṁ leis?"

Nuair dob' ḟada leis an taoiseaċ a ḃí sé gan labairt, ċuir sé an ċeist arís air.

"Seaḋ, a ṡeanduine, innis an ḟírinne," arsa sé. "Cia ḋein an poll?"

Ṫug Acsenof súil-ḟeuċaint anonn ar Ṁacár agus annsan dubairt sé:

"Ní ḃfaġainn é d'innsint duit, a ḋuine uasail. An ní is toil le Dia me ċoimeáḋ rún air ní noċtfad é lem ḃeo. Tá an cuṁaċt agat-sa, agus agair pé díoġaltas is mian leat orm."

Ċuaiḋ an taoiseaċ níos déine air annsan aċt ċuaiḋ dá ḋiṫċeall a ṫuille faisnéise do ḃaint as. Teip orra a ḟáġail amaċ cé ḃí ag gaḃáilt don ṗoll.

An oiḋċe 'na ċionn nuair a ḃí Acsenof 'na luiġe ar a leabaiḋ agus tosaċ codalta ag tuitim air, d'airiġ sé an duine ag teaċt agus ag suiḋe ṫíos ag a ċosa.

Fuair sé a ḋeunaṁ amaċ ar éigin sa dorċadas gurbé Macár a ḃí ann.

"Dé ġnó atá agat díom anois, nó cad a ṫug inso tú?" arsa Acsenof.

Níor labair Macár. D'eiriġ Acsenof aniar sa leabaiḋ agus d'ḟiafruiġ sé arís:

"Cad atá uait? Imṫiġ leat as so go mear nó glaoḋfad ar an ḃfear faire."

Ḋruid Macár aníos níos giorra ḋó agus dubairt i gcogar:

"A Ṡeáin Ṁic Dmítri, iarraim maiteaṁnas ort."

"Cad ann a dtaḃarfainn-se maiteaṁnas duit?" arsa Acsenof.

"Mise ṁairḃ an ceannuiḋe agus a ċuir an scian isteaċ id ṁála-sa. Agus ḃí me ċum tusa do ṁarḃaḋ leis, nuair d'airiġ me fotrom éigin tíos sa maċa; ṡáiḋ me an scian isteaċ id ṁála agus amaċ liom sa ḃfuinneoig."

Níor labair Acsenof, ní ḟeadar sé cad a ḋeurfaḋ sé. D'eiriġ Macár den leabaiḋ agus leig sé é féin síos ar ṁullaċ a ḋá ġlún ar an úrlár fuar, ag iarraiḋ maiteaṁnais.

"A Ṡeáin Ṁic Dmítri," arsa sé, "mait ḋam, mait ḋam, ar son Dia, a ċeusaḋ ar an gcrois. Adṁócad ambáireaċ gur me ṁairḃ an ceannuiḋe. Scaoilfear leat-sa agus ġeoḃair dul abaile."

"Abaile!" arsa Acsenof. "Is fuiris duit-se san do ráḋ, aċt cionnus a ġeoḃainn-se m'aġaiḋ taḃairt air? Mo ḃean imtiġte ar ṡliġe na fírinne—beannaċt Dé le n-a h-anam! Me féin imtiġte as cuiṁne mo ċloinne. Ní'l aon baile agam anois a raġainn ċuige."

Níor eiriġ Macár; ċrom sé ag bualaḋ a ċinn ar an úrlár agus ag impiḋe níos déine.

"Ar son a ḃfuair bás riaṁ leat, a Ṡeáin Ṁic Dmítri, mait ḋam! Nuair is déine ḃíoḋ ag gabáilt den sciúirse orm, b'ḟusa liom a ḟulang ná feuċaint ort-sa anois. Ġlac tú truaġ ḋam tar éis a ndeárna ort—níor scéiḋis orm. Mait ḋam ar son Dia! Mait ḋam, bíoḋ is gur croċaire leis an diaḃal me!

Ċrom an peacṫaċ boċt ag éiġeaṁ go truaiġ.

Nuair d'airiġ Acsenof, Macár Mac Ṡimeóin ag gol, boġ a ċroiḋe le truaiġ ḋó, agus tuit na deora go fuiġeaċ leis féin.

"Maiṫfiḋ Dia na glóire ḋuit," arsa sé. "B'ḟéidir nać luġa de ṗeacṫaċ me féin ná tú!"

Le n-a linn sin, ṁoṫuiġ sé suaiṁneas agus solás in a aigne. Níor ḟan aon ċaiṫeaṁ i ndiaiḋ an ḃaile aige as san amaċ agus níor ċuir sé i ḃárr daoirse ná déineaċt an ṗríosúin, aċt é ag síor-ṁarṫain ar a ċríċ ḋeiḋeanaiġ.

Ní eisteoċaḋ Macár le Acsenof, agus ṫug sé é féin ciontaċ, os coṁair an luċt-ceannais, i marḃaḋ an ċeannuiḋe.

Nuair a ṫángaḋ ċum cead a ċos do ṫabairt d'Acsenof ḃí an bás tar éis é d'éileaṁ.

Lorimer Stoddard úġdar an scéil seo. Rugaḋ i Nua-Eaḃraċ é sa mbl. 1863 agus fuair sé bás sa mbl. 1901. Ar a ḟeaḃas ċum dramaí do scríoḃaḋ is mó atá a ċlú ag braiṫ.

Croḃ an Indiaiġ.

Ḃí gleiṫreán agus futa-fata ar siuḃal sa ḃaile beag. Ḃí na fir ag gleusaḋ na gcapall agus ġá ngaḃailt isteaċ fasna trucaileaċa troma, mallaċtaí agus amráin agus gáire agus liúiġriġ ġá meascaḋ ar a ċéile.

Ḃí na mná agus na leanḃaí ann, ċum slán do ċur le luċt na seilge. Ḃeaḋ an baile agus a raiḃ ann fúṫa féin ar ball, agus gan de ṗrap cosanta aca in aġaiḋ aon tóir dá dtiocfaḋ aċt beirt ṡean-ḋuine. Níor ṁisde an ḃeirt sin féin do ġluaiseaċt, leis, dar leis na fiaguiḋṫe. “ Cad baḋ ḃaoġal don mbantraċt i lár an lae ġléigil ?—ní raiḃ maṫġaṁain ná beaṫaḋaċ allta eile in aon ġaor dóiḃ. Ḃeidís féin ṫar n-ais ċúċa le crónú na h-oiḋċe, mar ná raiḃ aċt ḋá ṫrucail le líonaḋ aca.”

Ḃí na leanḃaí ag liúiġriġ agus ag rince le h-áṫas, ag cuiṁneaṁ ar an sult a ḃeaḋ aca nuair a ċasfaḋ na fiaguiḋṫe le toraḋ na seilge, agus ar na teinte cnáṁ a ḋeunfaí, mar ba ġnáṫ.

Cuaiḋ bean ṁí-líṫeaċ a ḃí imeasc na bantraċta in aċrann ’na fear. “ Aċt na h-Indiaiġ ! ” arsa sí, go creaṫánaċ imṡníoṁaċ.

Ḃain san gáire as na fearaiḃ. “ Na h-Indiaiġ ! ” arsa siad ; “ dar ndóiġ, ní ḟacaḋ teiṁeal de ḋuine aca súd sa ḋúṫaiġ seo le dul in fiċe bliaḋain ! Nár ruagamar gaċ aon ṁac máṫar aca síos amaċ ṫar an ṁáiġ ṁóir sin os do ċoṁair, go dtí ḋúṫaiġ is treise teas ná so, mar a loisceann an ġainiṁ buinn a gcos

agus mar a ngreadann goraḋ gréine a gcneas, áit a ḃfuil an t-uisce faid aisdir trí lá uaṫa."

"Seaḋ!" arsa an ḃean ṁí-líṫeaċ, "aċt feuċ gur ḟilleadar."

"D'ḟilleadar," arsa a fear, ag cuimilt baise ṫar an ḃfeusóig ċróin-leaḃair a ḃí síos leis, "aċt cá ḃfuil an gaisce a ḋeineadar—na h-aṁais ṡalaċa? Ḋá ṫigín suaraċa do ḋóġaḋ, nár ṁór an loitméireaċt san!"

"Labair go réiḋ," arsa an ḃean ṁí-líṫeaċ, ag fáscáḋ dóid a fir. Do stad an geon agus an gáire, ċuaiḋ gaċ fear ag teannaḋ a ḋiallaite, mar ḋ'eaḋ, agus iad, leis an linn ċeudna, ag taḃairt siolla de ḋruim a ngualann ar ḃean an ġúna ḋuiḃ, a ḃí ag dul i muinġin uaignis a tiġe féin uaṫa.

"An donas me, má ċuiṁniġ me riaṁ ar a mac," arsa fear na feusóige go cráiḋte, agus ċrom sé síos ar a ġunna.

Ḃogadar ċum bóṫair le fionnḟuaras na maidne, agus ṫugadar a n-aġaiḋ amaċ ar na sléiḃte mar a raiḃ na crainn ag fás. Ḃa ġairid go ndeaċadar as raḋairc isteaċ imeasc na gcnoc, aċt ċíṫí anois agus arís iad mar a ḃeaḋ báid ḃeaga ag eiriġe ar ḃárr tuinne. Ḃí an gáire agus an geon a ḃí aca, ag ísliú agus ag lagú, d'réir mar a ḃí na tuir ag ceilt raḋairce orra; agus ḃí na scáileanna fada ag dul as, d'réir mar a ḃí an ġrian ag eiriġe sa spéir.

Ḃí bean an ġúna ḋuiḃ 'na seasaṁ go h-uaigneaċ aonaránaċ sa dorus aici féin. Ní raiḃ aoinne aici siúd d'ḟágfaḋ slán aici. D'imṫiġ na mná eile i ḃfeiġil a ngnó ṫar n-ais go dtí a dtiġṫe féin. Ḃí na leanḃaí ag sugraḋ ar an tsráid, agus ceo ġá árdaċ 'na ḃullaí aca le neart tiomána agus reaṫa. Ḃa leo féin an lá

fada a ḃí rómpa amaċ, agus ḃí ḟios aca cionnus a saoirse do ċur ċum suime.

Aċt ḃí bean an ġúna duiḃ 'na seasaṁ sa dorus fós agus í mar a ḃeaḋ taiḋḃse fá ġile agus taiṫneaṁ na gréine, a dá láiṁ loma dúnta go doċt ar a ċéile aici, agus í ag feuċaint uaiṫe amaċ tar an máiġ ṁóir ġainṁe i dtreo Ṁecsicó.

Ḃí a pearsa ċoṁ searġṫa tarraingṫe sin, go ndeurfá gurbé brotall millteaċ na gréine, ag eiriġe ó ġainiṁ na máiġe, a ḃí t'réis í do ḋóġaḋ agus do ṡeargaḋ go cnáṁ. Ní raiḃ luadail an anama le feiscint in aon ṗioc di, aċt aṁáin 'na súile ; ḃí loinnir niṁe ionta san.

Ḃí a h-árus coṁnuiḋṫe tamall ó'n gcuid eile, ar ṁullaċ cnocáin, agus ḃí aġaiḋ an doruis amaċ ar an maċaire leaṫan-ṁór ġainṁe.

D'airiġ sí an ċaint a ḋein fear na feusóige : “ Loitméireaċt ḃeag a ḋein na h-Indiaiġ.” An aṁlaiḋ ḋein sé dearṁad dá creaċ féin ? Cionnus a ġeoḃaḋ sé dearṁad do ḋeunaṁ de, agus ise féin le n-a beo, mar leac ċuiṁne ar a mac múirneaċ a ḃí imṫiġṫe uaiṫe ? Ḃí carraig ḃeag taoiḃ le n-a tiġ, agus ḃí na leitreaċa “ Liam, ar iarraiḋ ó '69,” geárrta aici le n-a dá láiṁ féin isteaċ inte. Ḃí san mar ċoṁarṫa ar an áit deiḋeanaċ a raiḃ a mac ag sugraḋ. Ba ṁaiṫ ba ċuiṁin léi mar do ġoid sí amaċ, gan focal do laḃairt leis ná é do ṗógaḋ, ar eagla go mbeaḋ sé ag gol d'iarraiḋ í do leanṁaint.

Ċrom an ḃean ḃoċt ag greadaḋ bas agus ag gaḃailt dóiḃ ar an bfalla le méid a bróin ag cuiṁneaṁ air.

“ Monuar, gan an ṗóg san agam anois agus bás gan stad 'na diaiḋ ! ” adeireaḋ sí.

Ḃí sé le tuitim amaċ, is dóċa, an tsliġe d'euluiġ sí amaċ an ṁaidean úd, go tiġ a coṁursan .i. an ḃean

ṁí-líṫeaċ, ná raiḃ aḃfaḋ pósta an uair sin, agus a ḃí go sonasaċ sásta fá ṡláinte is fá ṡuairceas. Naċ orra araon a ḃí an magaḋ agus an ṁeiḋir ag cur síos dá ċéile ar ċúrsaí an ḃaile, agus ar an ṁuintir is deiḋeanaiġe a ṫáinig ann. Ḃí an lá 'na ṡaoire aca, mar ḃí a gcuid fear imṫiġṫe amaċ ameasc na gcnoc, ag leagaint crann mar aḋḃar tiġṫe.

Níorḃ'fada sa seanċus dóiḃ gur airiġeadar mar a ḃeaḋ uallfairt ġarḃ gaḋar ag deunaṁ aníos an cnoc orra. Ḃaineaḋ geit asta agus riṫeadar ċum na ḟuinneoige. Cad a ċífidís ná an marc-ṡluaġ mór ag árd-riaḋam go luaimneaċ lonnṁar aníos ṫar iontóḋ an ḃóṫair. Leig an ḃean ṁí-líṫeaċ fuar-liúiġ, agus as go bráṫ léi i muinġin reaṫa. Na h-Indiaiġ a ḃí ag teaċt, iad ag gaḃáilt go foiréigneaċ, dá gcosa lom-noċta, ar ċliaṫáin na gcapall, agus a bfolta duḃa ag imṫeaċt le gaoiṫ siar uaṫa.

D'eiriġ sí de ḃíoḋg agus ba luaṫ léir í ag daingniú an doruis agus na bfuinneog. Nuair d'iontuiġ sí timċeall agus d'ḟeuċ amaċ an cúl-dorus, ċonnaic sí na mná go léir ag cur an ċnuic suas díoḃ, agus a leanḃaí ġá n-iomċar ar a mbacluinn aca.

A leanḃaí! Cá raiḃ a leanḃ féin? Deineaḋ stalca ḋi ar an bpaiste leis an bpreab a ḃaineaḋ aisti. Ann-san d'oscail sí an dorus arís.

Rugaḋ go garḃ ar láṁa agus ar ġruaig cinn uirre. Ṫáinig feiḋm deiċeanḃair inte 'na gcoinne. Aċt ḃí fiċe duine aca ann, agus ise 'na h-aonar. Ḃí an tsráid beag follaṁ. Buaileaḋ agus martraḋ í, gaḃaḋ de ḋóirne san aġaiḋ uirre, caiṫeaḋ treasna ar an diallait í agus tiománaḋ síos suas an tsráid léi, an faid a ḃíoḋ ag cur an teine isna tiġṫe agus isna bráċaí. Ḃí a dá láiṁ ceangailte, a folt ar sileaḋ léi agus neart

fola ġá caoċaḋ, aċt ní hí féin ba ṁeasa léi aċt a leanḃ. "Cá raiḃ sé, nó cad ba ċor dó?"

D'airiġeaḋ an láṁaċ. Seo na fir ġeala ag teaċt ar nós geinte glinne anuas le fánaiḋ, do ċaoiṁnaḋ a mban is a muirear.

Ṫug na h-Indiaiġ a n-aġaiḋ ṫar n-ais ar an máiġ. Ḃí a ngaḃailt ṫar a tiġ.

Ċonnaic sí insúd, díreaċ mar ar ḟág sí é, a leanḃ beag deoil, agus é ceangailte de'n talaṁ le scannraḋ. Ṡín sí amaċ a dá láiṁ ċuibriġṫe, agus ġlaoiḋ sí air teaċt léi.

"Ó! Cadé an mallaċt a ḃí orm agus glaoḋaċ air? Nárḃ me an óinseaċ beirṫe deunta agus leigint orm ar aon ċor go ḃfaca me é!" Ṫosnuiġ an ḃean ḃoċt ag fáscaḋ a laḋar agus ag raobaḋ a dlaoi le dóiġteaċt is le dubrón.

Cad a ruaig di síneaḋ is searraḋ agus dul in aṫċuinge ar an marcaċ, d'iarraiḋ teaċt ar a leanḃ, ar ċuma nó ar ċleas? Ḃain an t-Indiaċ siar as a ċapall, ċrom sé síos agus rug go borb ar an leanḃ, agus as leo arís isna feilmeintí reaṫa.

Annsan iseaḋ do rioṫ an t-olc léi—cad baḋ ċríċ ḋóiḃ ag ceann na conaire sin. Agus ṡíl sí an leanḃ do ċur uaiṫe arís, é scaoileaḋ anuas go bog réiḋ ar ċlár talṁan; aċt ḃí greim duirn do-scaoilte ag an Indiaċ air.

Ḃí an tóir ag teaċt go tiuġ te 'na ndiaiḋ, agus fuaim na bpiléar ag borraḋ. Ḃain barra-ṫuisle don ċapall agus ṫug meaḋċan an triúir anuas ar lár é. Stracaḋ an leanḃ ċum siubail uaiṫe agus d'ḟágaḋ caiṫte ar an máiġ í féin. Aċt d'eiriġ sí agus lean sí iad ar a diṫċeall báis, in aiṁḋeoin an moṫall luaiṫreáin a ḃí ġá múċaḋ is ġá caoċaḋ. Liúiġ sí agus ġlaoiḋ

sí orra, ġoir sí agus ṡír sí orra. Ḃí sí ag tuitim is ag eiriġe is ag riṫ gur ṫeip lúṫ is anáil uirre.

Ṫuit sí ar lár go suaiḋte sáruiġṫe. Ḃí torann cos na gcapall ġá ḋingeaḋ 'na cluasa agus íota an luaiṫreán ġá traoċaḋ, go ndeaċaiḋ sí i dtáṁ-neulta laige. Ní raiḃ meum na cuaċ inte nuair a ṫugaḋ isteaċ go tiġ coṁarsan í, aċt le toġa an aireaċais sciobaḋ ón mbás í. Nuair a ċasaḋ a meaḃair is a cuiṁne uirre níor loirg sí fios ná faisnéis. D'fág sí tiġ a coṁarsan agus ṫáiniġ sí go dorus a tiġe féin, mar a raiḃ sí 'na seasaṁ anois, agus d'feuċ sí uaiṫe ṫar an lear ġainṁe síos i dtreo Ṁecsicó, mar a raiḃ a mac imṫiġṫe.

Ḃí na bliaḋanta fada uaigneaċa ġá gcaiṫeaṁ aici, agus ḃí sí 'na h-aonar fós sa tiġ, mar ar ċeart beirt do ḃeiṫ. Agus faid a raḋairce uaiṫe, ċíoḋ sí an moṫall mór leaḃair luaiṫreáin ag eiriġe agus ag gluaiseaċt ar nós na síḋ-gaoiṫe. Aċt ba ṁinic an ġainiṁ ag eiriġe aṁlaiḋ, agus gan aoinne ag teaċt ċúiċe—fiú na n-Indiaċ.

Ḃí a leanḃ t'réis ḃáis go ḃfios di, aċt ḃíodar san—a luċt marḃṫa—ar a marṫain fós in áit éigin.

Dá mbeaḋ greim ar uḃall bráġad aici ar ḋuine aca anois !

Ṁarnuiġ bean an ġúna ḋuiḃ, mar ba ḃeus léi a ḋeunaṁ go minic, ar an an-íde d'imreoċaḋ sí air. Faoiseaṁ ní ḃfaġaḋ uaiṫe ó ṗian dá ġéire. D'feuċ sí ar an teine agus ṫeann sí neart connaiḋ léi—connaḋ a ḃfuaraḋ a lán dá ḋuaḋ ġá iomċar anuas ósna sléiḃte. Níor leor léi an teas san féin. Ċuaiḋ sí ar a glúine ag faire ar na brannraí iarainn ġá ndearġaḋ. Ċonnaic sí ainm an luċt deunta ag teaċt amaċ go soiléir ar an iarann, ag neart an ġoraḋ teais, agus

an focal "congress" agus na figiúirí "64." Ba ḋiṫċeall di í féin do ċosc gan na leitreaċa so do ṗógaḋ, mar b'é áit ḋíreaċ é ar ḃain a leanḃ leis uair. Lá dá raiḃ sé in'aonar cois na teine, pé ciméireá ċuir an t-iarann dearg air, leag sé a láiṁín air, agus d'fan rian na leitreaċ "SS. 64" dóiġte isteaċ go doiṁin 'na ḋearnain.

D'aiṫneoċaḋ sí imeasc na mílte é ar an rian san.

Aċt ḃí sé marḃ. Agus ḃí an dream d'imir bás air ar ḋruim talṁan fós.

Ḋíriġ bean an ġúna ḋuiḃ í féin. Raġaḋ sí ar a n-éileaṁ, nuair ná raḃadar san ag teaċt ċúiċe. Ḃí linnte ar an máiġ, a ḋíonfaḋ ar ḃás le h-íota í. Cad eile a ḃeaḋ uaiṫe?

Ḃí na fir go léir as baile, agus ḃí a gcuid ban i bfeiġil a ngnó féin. Ní raiḃ aoinne ag bac a turuis di.

Ċuir sí uirre a caiḋp agus ḃog sí léi síos le fánaiḋ an ċnuic tré sna tuir ġlasa. Ḃí goiṁ na maidne san aer fós in aiṁḋeoin brotall millteaċ na gréine.

Ní ḃfaġaḋ an dítreaḃ ḃeiṫ gan teora éigin leis. Ḋeunfaḋ sí an gnó ċoṁ fada le Mecsicó, dar léi. Ḃí faoḃar siuḃail fúiṫe, ḃí a gúna liaṫ ó smúit na sliġe agus an t-aer i rioċt lasta nuair a ṡrois sí an ṁáġ. Aċt lean sí uirre agus níor tug sí aċt aon tsioll-feuċaint aṁáin 'na diaiḋ, ar an tiġ a ḃí ar ṁullaċ an ċnuic agus ar an ḃfuinneoig mar a raiḃ an bean ṁí-líteaċ 'na suiḋe.

Ḃí sí ġá traoċaḋ ag an mbrotall marḃtaċ agus ġá múċaḋ ag an luaiṫreán, agus barra-ṫuisle ġá ḃaint aiste go mion minic. D'eiriġ an bonn ó leaṫ-ḃróig léi, agus ḃí sé ag deunaṁ ceataiġe di, agus ag baint siar aiste go mór sa tsiuḃal. Strac sí ḋi ar fad é

agus ġluais léi, aċt ḃí an ġainiṁ ġá gearraḋ agus ġá dóġaḋ ċoṁ mór san gur ṡuiḋ sí síos agus ċrom ag gol go geur guirt. Ċeap sí di féin go raġaḋ sí ṫar n-ais arís fá ḋéin an ṗeidre eile, an peidre nua a ḃíoḋ uirre gaċ Doṁnaċ. Aċt d'ḟeuċ an cnoc ċoṁ fada san siar di anois gur eiriġ sí go trom tuirseaċ agus lean uirre arís ag sodar-ṡiubal, gur ḃraiṫ sí na cosa ag tabairt fúiṫe fá ḋeireaḋ agus go mb'éigean di suiḋe síos fa scáṫ carraige. Ní ḟaca sí braon uisce 'na coiṁgar. Ḃí sí píopálta ag an tart agus a h-uisne ag bualaḋ go millteaċ. Ċeap sí di féin casaḋ ṫar n-ais agus tabairt fá'n aistear arís nuair a ṫiocfaḋ neart is lúṫ inte. Ġeoḃaḋ sí bogaḋ i muiċe na maidne nó i mbarr an tráṫnóna ambáireaċ, agus ṫabarfaḋ an fionnfuaras ċoṁ fada san ó ḃaile í ná cuiṁneoċaḋ sí ar ċasaḋ.

Ḋein sí barr an ċnuic ar éigin. Ṫáinig an ḃean ṁí-liṫeaċ amaċ ṫar tairsiġ agus ḃeannuiġ di, aċt oireaḋ agus gean-ġáire níor ḋeineaḋ léi i gcomaoin a beannaċtan. D'imṫiġ bean an ġúna ḋuiḃ isteaċ 'na tiġ féin agus ḋein sí ceann ar aġaiḋ ar a leabaiḋ, agus ḃí dórdán na gcuileog mar ṡuantraiġe aici gur ṫuit sí i dtrom-ṫoirċim suain.

Leig an ḃean ṁí-liṫeaċ osnaḋ agus ṫug súil amaċ ṫar an ṁáiġ. Ċonnaic sí ċúiċe an moṫall mór luaiṫ-reáin agus é ag dul i méid agus i ndíriġeaċt d'réir mar a ḃí sé ag bruġaḋ léi. Ṫáinig nádúir farraṫais uirre agus í ag faire air ag goid agus ag snáṁ leis taoḃ ṫiar desna puirt ġainṁe. Is minic a ċonnaic sí cáṫaḋ gainṁe, aċt rioṫ sé léi ná faca sí aon ċáṫaḋ ċoṁ réiḋ riaġalda leis seo riaṁ. Dá ṁéid briollacaḋ a ḋein sí, ní ḟaca sí dada aċt ceo. Annsan ċuiṁniġ sí go raiḃ gloine fad-raḋairce ag bean an ṁinistéara,

agus seo anonn fá n-a ḋéin í. Ṫáinig an ḃeirt ḃan amaċ leis, bean an ṁinistéara ag magaḋ fá'n mnaoi eile i dtaoḃ a ḟusaċt eagla do ċur uirre.

Níor ḃreug a ráḋ go raiḃ eagla ar an mnaoi ṁí-líṫiġ. Ḃí creaṫán ċoṁ mór san inte nár ḟeud sí an moṫall d'aimsiú leis an ngloine. D'ḟeuċ bean an ṁagaiḋ tréd agus ḃí gol a gáire aici go luaṫ.

“Ċím ceann duine ṫar an múċán úd ṫall,” arsa sí.

Leig an ḃean ṁí-líṫeaċ scread.

“Is fada uainn fós iad. B'ḟéidir go ndeunfaimís an gnó.”

“Cionnus?”

“Dul i muinġin teiċte.”

“B'ḟéidir gur d'aon ċine linn iad ——”

“Indiaiġ iseaḋ iad! Níorḃ' ḃeo fear geal t'réis an tiomáint ġainṁe sin. Caiṫfear tabairt fá sna coillte. Siuḃail go mear, go nglaoḋfam ar na mná agus go gcruinneoċam na leanḃaí.”

Isteaċ léi 'na tiġ féin. D'ḟan an ḃean eile mar a raiḃ sí, ag feuċaint uaiṫe.

Ḃí an scamall luaiṫreáin ag tarraingt 'na gcionn go teann tiuġ. Ḃa ġairid go raiḃ an baile beag in aon rí-rá aṁáin, mná má luaiṫe ag teiċeaḋ ón tóir le n-a gcuid murar agus leis an méid dá maiṫeas saoġalta d'ḟeudadar a iomċar gan duaḋ, leanḃaí boga óga ag lógóireaċt le h-uaṫḃás. Ḃíodar go léir in aon ġasra aṁáin ar nós scata meaṫta caoraċ, gan de ċeilt orra ó ṫaoḃ na máiġe aċt tiġ.

Ṫionlaic an ḃean ṁí-líṫeaċ a h-aṫair amaċ, agus annsan rioṫ sí go dtí dorus a coṁarsan. D'oscail sí é agus ġlaoiḋ go soiléir as a h-ainm ar an mnaoi istiġ: “A Ṁáire, a Ṁáire.” Níor ḟreagair aċt mac-alla an ġlaoiḋ í. Ḃí bean an ġúna ḋuiḃ sínte ar

a leaba 'na suan marḃ ċodlata. Is ró-ḃeag an ṁoill a ḋein a comarsa, aċt bailiú léi i nḋiaiḋ na coda eile, suas de ḋruim na gcnoc d'iarraċt ar na sléiḃte, mar a raiḃ a gcuid fear.

Ḃí an bulla luaiṫreáin ag teaċt gan sos. Ḃí ceann duine le feiscint anois agus arís. Ní r' ċiúine agus n'orḃ' uaignige roilig ná an baile beag. Ḃí bean an ġúna ḋuiḃ 'na codlaḋ go sáṁ agus é ġá teasbáint i dtaiḋḃreaṁ di go raiḃ uain a díoġaltais ag teaċt fá ḋeireaḋ—go raiḃ ceann Indiaiġ 'na glaic aici.

Ḋúisiġ gíoscán na fuinneoige as a trom-luiġe í. D'ḟeuċ sí amaċ. Ní raiḃ aon tiomáint luaiṫreáin ċúiċe ṫar an máiġ agus ní raiḃ críostuiḋe Ṁic an Luain ar an tsráid. Ḃí dóirse na dtiġte ar dian-leaṫaḋ; ḃí ceann-ḃrat mná caiṫte ar lár an ḃóṫair. Ċuir sí a ceann amaċ sa ḃfuinneoig agus d'ḟeuċ i leiṫ na gcoillte.

Ċonnaic sí gúnaí bána an luċt teiċte ag dul de ḋruim cnuic, agus annsan d'airiġ sí an glór ṫíos fá n-a bun. Ċuir sí cluas uirre féin agus ṫáinig áṫas buile uirre nuair d'aiṫin sí ann árd-riaḋam na gcapall. Ḃí an sceul go léir aici anois.

Ṡuiḋ sí ar ċnaiste na leabṫan. Nárḃ'ḟada é a foiḋneaṁ ag fuireaċ leis seo!

Cá raiḃ a gunna?

Ḃí sí t'éis tamall de do ṫaḃairt dosna fearaiḃ.

Aċt a tuaġ—ḃí san aici.

Leigeaḋ an rosc caṫa amuiġ. Síos an staiġre cumang léi agus láṁuiġ sí an tuaġ a ḃí ar bacán ar an ḃfalla.

Ḃíodar ag gaḃailt ṫar bráġaid aici. Sáṫaḋ isteaċ an ċoṁla agus ṡeasuiġ fear sa dorus, é ċoṁ duḃ le daol i gcoinne an tsoluis. Ṫáinig rún millteaċ a

ṁarḃṫa ċúiċe, ċuir sí an tuaġ i ḃfolaċ fá n-a h-aprún, agus d'ḟan sí gan cor aiste ag faire air.

Ṡín sé a ċrúb láiṁe i leiṫ uirre, agus ṁuiḋ a ṁeang-ġáire ar a' ḃeul; ba ġeall le cat é ag brúġaḋ léi agus teine 'na súile. Ġaiḃ uaṁan í: leig sí fuar-lóg meaṫtaċta agus ċuaiḋ de ḃionóig sa staiġre, agus ċaiṫ sí caṫaoir siar leis ċum moill do ḃaint as.

Níor' luaiṫe cat ná í ag cur an dréimre anáirde ḋi go dtí an loċta, ḋún sí anuas an dorus agus ḋaingniġ é. D'airiġ sí an geon is an glaoḋaċ aḃfad uaiṫe leasmuiġ, aċt b'ait léi an ciúineas a ḃí sa tiġ. Ċrom sí síos go réiḋ ar an úrlár agus ċuir sí a cluas leis an gclár. D'airiġ sí mar a ḃeaḋ duine ag tarraingt a anála go bog íseal fá n-a bun agus ċonnaic sí an tsúil ag feuċaint aníos uirre tré scoilt san úrlár.

Ba ċianta léi a ḟaid a ḃí sí ar ḃior insúd, gan cor ná cniug aiste, agus an tuaġ ullaṁ ċum tarraingṫe 'na deis aici.

Ḃí a drom leis an mbulṫa, aċt ṡaṁluiġeaḋ di go h-obann go raiḃ rud éigin ġá ċorruiġe. D'iontuiġ sí timċeall. Cad a ḃeaḋ ná an láṁ ṫanaiḋe ċrón ag goid aníos tré scoilt idir ḋá ċlár.

Ḃeartuiġ sí an tuaġ. Ḃain na méara slíme seanga leis an mbulṫa, agus tarraingeaḋ siar go réiḋ deas é.

Ċuir sí neart a cuirp agus feiḋm a mioscaise sa mbuille agus scoiṫ sí an croḃ den ngéig. D'eiriġ an croḃ suas 'na coinne. Ċuir an t-Indiaċ uaill eug-caointeaċ as agus ṫuit 'na pleist ar lár ṫíos.

Annsan ḃí ciúineas na roilige sa tiġ arís.

Ḃí a h-aġaiḋ go tais te ón steall fola a ḃuail í.

D'airiġ sí búiṫre na teine ag raobaḋ na dtiġṫe leasmuiġ; annsan d'airiġ sí na h-urċair agus na gárṫa aḃfad uaiṫe. D'euluiġ sí ar ḃarraí a cos anonn go

dtí ḟuinneog an loċta agus d'ḟeuċ sí amaċ go h-aireaċ ṫar a ḟaoḃar. Ċonnaic sí na fir ag casaḋ in aiṫġiorra gaċa conaire de ḋruim na gcnoc 'na gaor. Ḃí aon tiġ amáin fá ḃarr lasraċ—tiġ an ṁinistéara. Ḃí na h-Indiaiġ ag teiċeaḋ 'na raon maḋma. Ḃí capall gan marcaċ ag inḃear ar aġaiḋ an doruis aici féin. Is aici ḃí fios cé'r leis é. Rug marcaċ aca ar ṡrian air ag gaḃailt ṫar ḃráġaid dóiḃ, aċt leigeaḋ graiṫ air ón dorus. Rioṫ Indiaċ óg daṫaṁail amaċ, a láṁ deas anáirde aige agus í in euġmais a dóide. Liúiġ sé orra 'na dteanga féin teaċt agus teascaḋ a ḋóide do ḋíoġailt ar ḃean an loċta.

Ṫáinig dásaċt buile ar an mnaoi. Ḃí sí go dtí n-a leaṫ amaċ sa ḃfuinneoig agus í ag bagairt na ndóirne orra.

"Indiaċ amáin ar a luiġeaḋ dá ċois agam!" arsa sí.

Ċaiṫ sí an tuaġ leo. Ṫuit sí gairid di gan aoinne do ḃualaḋ. Láṁadar léi agus iad ag teiċeaḋ ṫar ḃráġaid, aċt níor ḃain aon urċar léi. Ḃí luċt an ḟiaḋaiġ ag tarraingt go teann ar ċoṁgar an ḃaile.

Ċuaiḋ an fear gonta de léim luaimniġ i ndrom a ċapaill, agus ċuir mionna malluiġṫe as, ag dul as dó. D'ḟreagair an ḃean le gáir maoiḋte magaṁail é; annsan ṡuiḋ sí síos ag feuċaint ar an gcró-linn ċorcur a ḃí ag a cosa.

Ḃa ġairid gur ḃuail an luċt fiaḋaiġ port. Lean cuid aca orra síos le fánaiḋ, ar tóir na n-Indiaċ. Ċuir an ċuid eile aca ċum an teine do ṁúċaḋ. Ḃí rí-rá is gleiṫreán is geon sa mbaile beag.

Annsan ṫáinig na mná agus na leanḃaí agus luċt na tóruiḋeaċta, agus ba ṁóide an gleo a dteaċt.

Níor ċorruiġ bean an ġúna ḋuiḃ ón loċta, gur airiġ sí an sluaġ ṫíos ag an dorus aici féin, agus an ḃean

mí-líṫeaċ ag glaoḋaċ as a h-ainm uirre: "A Ṁáire, a Ṁáire, cá'l tú?"

D'eiriġ sí agus d'árduiġ sí dorus an loċta—ḃí sé gan aon ḃulta air—agus ċuaiḋ sí síos.

Rioṫ an bean mí-líṫeaċ ċúiċe, aċt ṡáiḋ sí uaiṫe í agus ċuimil sí a muinirṫle ṫar a h-aġaiḋ. Annsan labair sí.

"An ḃfuiliḋ go léir dá gcois agaiḃ? An ḃfuil aoinne aṁáin féin díoḃ dá ċois agaiḃ?

"Ní'l, aoinne ar aon ċor," arsa fear na feusóige; "aċt ní measaiḋe sinn féin ná ár gcuid a gcuaird."

"Aċt aṁáin mo ṫiġ-se, tá sé dóiġṫe síos go foṫa," arsa bean an ṁinistéara. "Aċt is gairid an ṁoill a ċoṁ-ṁaiṫ de ṫiġ do ṫógáil in a áit."

"Ní do ṁéid ná do luiġead ḃur gcreaċ féin atáim ag tagairt," arsa bean an ġúna ḋuiḃ go borb millteaċ, "aċt dosna deaṁain ḋearga úd. Ar rugabair ar aoinne aca?—ar ġoineabair aoinne aca? Tusa"—arsa sí le Seumas, an fear ab'fearr urċar ar an mbaile—"agus tusa"—le fear na feusóige—"ar ṫuit aoinne aca liḃ?"

B'éigean dóiḃ a aḋṁáil, go h-áiṫleasc, nár ṫuit.

"Níorḃ'ḟoláir dóiḃ luas a gcapall," arsa fear eile.

"Mo náire go bráṫ siḃ, gan giolla ná coileán díoḃ treascarṫa agaiḃ," arsa bean an ġúna ḋuiḃ. Ḋíriġ sí í féin go mórḋálaċ uaiḃreaċ. "Ní h-aṁlaiḋ san daṁ-sa, ṫugas oiḋeaḋ is measa ná eug ar ḋuine aca. Fanaiḋ go ḃfeiciḋ siḃ."

Ḋein sí an staiġre de ṫriostóig, agus is preabanta a ḃailiġ na mná eile as a sliġe agus go mb'iongnaḋ leo cad a ḃí ċúċa. Ḃí sí ṫar n-ais i nóimeat na h-uaire agus rud éigin 'na glaic aici. Ċaiṫ sí ar an mbórd é.

"Sin agaiḃ, crob Indiaiġ," arsa sí. "Ḃreunfaiḋ an ġeug go h-alt a ġualann de. Fágfar caiṫte ar an

ngaimiṁ lá éigin é go sugḟaiḋ goraḋ gréine an deor deiḋeanaċ fola as agus go ḃfearfaiḋ baḋḃa amplaċa an fásaiġ a ċluiċe caointe.”

Meuduiġ fuat na fáistine sin an ġráin do ċeud-ġaiḃ na mná, agus ḋruideadar siar agus iad ar crioṫ; ḃailiġ na fir timċeall, aċt níor ḃain aoinne aca leis an láiṁ.

“Eagla atá oraiḃ?” arsa bean an ġúna ḋuiḃ. “Eagla roiṁ an rud so!”

Rug sí ar an gcroḃ arís agus láiṁsiġ sí é; d'oscail sí amaċ na méara crapta agus d'ḟeuċ sí isteaċ sa deárnain. Ṫáinig liṫ an ḃáis 'na ceannaċa, ḃuail an croḃ ar ḟaoḃar an ḃúird ag tuitim dó. Ḃí an ḃean mar a ḃeaḋ sí ar a marnaḋ ar feaḋ nóimaite, annsan leig sí a h-uaill ċuṁa agus dubróin, agus ṫug sí a h-aġaiḋ isteaċ ar an ḃfalla agus a dá láiṁ ar sileaḋ síos léi.

Ṡíl an ḃean ṁí-liṫeaċ dul ċúiċe, aċt ḃac a fear di é. Annsan, ċrom sé féin síos agus ṫóg sé an croḃ den talaṁ go riġin réiḋ, agus an ċuideaċta go léir, gan cniug asta, ag feuċaint air.

Ṫáinig stad ann ar dtúis—náḋúir meaṫtaċta, is dóċa; annsan ḋein sé mar a ḋein an ḃean aċt is go réiḋ cneasta é. D'ḟeuċ sé isteaċ i gcroiḋe na deárnan agus ċonnaic sé na leitreaċa bána “SS, 64” gearrṫa isteaċ ann.

Ḃa ċuiṁin leis annsan, í do ḃreiṫ an leinḃ ċuige fiċe bliaḋain éigin roiṁe sin, agus é féin do ċur íc ḟionnfuarta leis an gcreuċt.

Ċuaiḋ an cogar timċeall, “Sé croḃ a mic féin é,” agus ṫosnuiġ gaċ aoinne ar ḃeiṫ ag goid leis ċum an doruis.

Ṫóg an ḃean ṁí-liṫeaċ bláṫ as a gúna féin agus

Ṡocruiġ sí isteaċ idir méara cróna an cruiḃ í agus d'imṫiġ sí léi amaċ.

Níor ċorruiġ an ḃean ón ḃfalla. "Fágaiḋ an croḃ 'nḃur ndiaiḋ," arsa sí leo.

"Tá sé annsan ar an mbórd," arsa fear na feusóige, ag tarraingt an doruis amaċ go réiḋ 'na ḋiaiḋ.

D'iontuiġ bean an ġúna ḋuiḃ timċeall. Ḃí na deora móra 'na súile. Ṫóg sí an croḃ den mbórd agus d'oscail sí brollaċ a gúna agus ċuir sí ċúiċe é. Ann-san d'imṫiġ sí go dtí an ḟuinneog ag feuċaint uaiṫe ar an scamall ceo, a raiḃ daṫ an óir buiḋe air fá loinnir na gréine, agus é ag gluaiseaċt tar an máiġ síos d'iarraċt ar Ṁecsicó.

Aḋḃar Cleaċtta Scríoḃṫa agus Aṫ-innste.

Ḃaḋ ṁór an congnaṁ dosna scoláirí an t-oide a ċur ceisteanna orra, sar a dtaḃarfaidís fá sceul díoḃ so a leanas do scríoḃaḋ nó eaċtra éigin as ċeann de sceulta an leaḃair d'aṫ-innsint.

Mar seo (cl. 3):

“Caṫoin a ṁair Cormac mac Airt? Cadé an tiodal a ḃí aige, agus cá raiḃ comnuiḋe air? Ar Ċríostuiḋṫe muintir na h-Éireann an uair úd? Cionnus a fuair Cormac eolas ar an ḃfír-ċreideaṁ? Cad ab'ainm don iodal a ḃí á aḋraḋ ag na draoiṫe? Cia hé an t-iodal a luaḋtar i ‘mḂeirt Ḋéiseaċ’? ⁊c., ⁊c.”

Cl. 5, uiṁ. 3:

“Cadé an ċeud rud a ḋein Taḋg Ó Cearḃaill nuair d'ḟágaḋ in'aonar é? Cad a ṫáinig air nuair a ċonnaic sé an braon fola? Cad air a ċuiṁnig sé? Cad a ṫug sceul Ṁicil Seanċuiḋe ċum a ċuiṁne? Cár ċuaiḋ an ṁeiṫeal? Cadé an fuadar a ḃí fúṫa? Cionnus d'ḟan an snaḃ cainnle ar lasaḋ agus gan cosaint ón ngaoiṫ air? ⁊c., ⁊c.”

Tá réalt-ċoṁarṫa ar na h-eaċtraí a baineaḋ as sceulta an leaḃair. Tá ceangal beag éigin idir gaċ aon ċeann desna h-aḋḃair sceulta agus sceulta an leaḃair agus mar sin ní ḃeiḋ siad ró-ḋócaṁail dosna scoláirí.

Beirt Ḋéiseaċ.

1. **Cluiċe Cártaí:** Cuideaċta cearrḃaċ 'na suiḋe os cionn cláir i dtiġ tábairne—gé reaṁar á h-imirt aca—duine aca a ċeilt—aiġneas agus dortaḋ fola.

2. **Díospóireaċt:** Gasra den ḃFáinne—an t-Aoḋaire d'eiriġe agus a ḃeartú ar ḃeirt coṁḋaltaí ċum tosaċ a ċur ar an díospóireaċt .i. "Feirmeoirí agus Sclábuiḋṫe"—duine aca a ċosaint an ḟeirmeora agus an duine eile a ċosaint an sclábuiḋe—breaṫ an Aoḋaire.

3. **Bás Cormaic Ṁic Airt:** Solus an ḟír-ċreidiṁ á ḟáġail aige agus é ḋiúltaḋ d'aḋraḋ an Laoiġ Órḋa—na draoiṫe a léiġeaṁ sailm na mallaċt air—cnáṁ bradáin a ḋul in aċrann 'na scórnaċ agus é ṫaċtaḋ—é ṫaḃairt órdú roiṁ a ḃás gan a ċorp d'aḋnacal san Ḃruġ mar a raiḃ Ríoġraiḋ Teaṁraċ roiṁe sin—na draoiṫe a ḋeunaṁ neaṁní den uḋaċt agus an corp á ḃreiṫ ṫar aḃainn go dtí an Bruġ—an Ḃóinn d'eiriġe agus a sciobaḋ an ċróċair léi de ġuailne na gcuraḋ—an corp á scaraḋ leis an ḃfuad (.i. cróċar) ag Áṫ Fuaid ar Ḃóinn—a aḋnacal ann ag Ros na Ríoġ.

4. **Bás Concuḃair Ṁic Neasa:** A ṁuintear á ḃreiṫ ó Ċonnaċt aḃaile go h-Eaṁain agus meall-inċinne Ṁeis-Geaġra istiġ tré ṡeicne a ḃaiṫis—Fingin Fáiṫliaiġ a ṫaḃairt a ḃreaṫ leaġa .i. meisce, fearg, agus gaċ feiḋm foiréigneaċ a ċosc ar an ríġ, nó go léimfeaḋ an meall as a ċeann agus go ḃfaġaḋ bás—an rí á ċreim ag leadrán agus ag easnaṁ scléipe ar feaḋ seaċt mbliaḋan 'na ḋiaiḋ san—Aoine an Ċeusta a ṫeaċt agus cuṁscú talṁan, tóirṫneaċ ⁊rl. léi—Bacraċ Draoi a noċtaḋ dé ċúis claoclóḋ neaṁġnáṫaċ na ndúl .i. Íosa á ċeusaḋ ag Giúdaiġ—an rí a ġaḃáil a ċlaiḋiṁ ċuige le raċt feirge, agus a ḋul fa ḋoire coille ag scoṫaḋ na gcrann, á ráḋ gurbé sin díol a ḃeurfaḋ ar luċt ceusta an tSlánuiġṫeora—an meall a lingeaḋ as a ċeann le méid a ḋásaċta agus a ḟáġail báis.

*5. (1) Cruinniú cinn bliadna Cumann Sírṫe na Síorruiḋeaċta. (2) An crann-ċur. (3) Taḋg ó Cearḃaill in' aonar sa tiġ. (4) Sceul Ṁicil Seanċuiḋe. (5) Imirċe Ṫaiḋg agus a imṫeaċta i gcéin. (6) An trú ar imreaḋ bás Ċruim air. (7) A eulóḋ ón daingean.

6. Cleaṁnas ar Ċleaṁnas: Ceannuiḋe saiḋbir—inġean áluinn ionnuaċair aige—gráḋ á taḃairt aici d'ógánaċ dataṁail ar ḃeagán acfuinne—tiġearna ólṫaċ imeartaċ á toċmarc le cead an aṫar—an ṁáṫair ag tógaint páirt na h-inġne agus an ógánaiġ—an t-aṫair á ḋeunaṁ cleaṁnais idir í agus an tiġearna—maidean an ṗósta; an tiġearna á ġábailt i ngeall le fiaċa—á pósaḋ leis an óġánaċ.

7. Captaen na Dí-Ċuiṁne: Long-ḃáḋaḋ i lár na Farraige Móire—an captaen aṁáin a ṫeaċt saor ar ċliaṫ planc—fuireann luinge eile á ḟágail i gcionn trí lá—é ṫeaċt ċuige féin le toga an aireaċais, aċt a ċuiṁne caillte glan aige le méid an anróiġ—i gcionn bliaḋna 'na ḋiaiḋ san é d'ḟeiscint crios-sáḃála a raiḃ ainm a luinge féin air—a ċuiṁne á ċasaḋ air, agus é ḋeunaṁ réim díreaċ ar éileaṁ a ṁuintire i gCaṫair Ċorcaiġe—áṫas agus fáilte a ṁná is a ṁuirir.

*8. (1) An ceannuiḋe, a ḃean agus a inġean. (2) Cuaird Ṁeiḋḃe ċum na farraige agus an raḋarc a ċonnaic sí. (3) Aiteas an ġioblaċáin. (4) Gráḋ-Dia Ṁeiḋḃe. (5) An tsuim a ċuir an Captaen i Seán ó Mearḃaill. (6) Bean an Ċaptaein agus Seán ó Mearḃaill. (7) Corrṡuan Ṡeáin uí Ṁearḃaill. (8) Maor na bPreiceall agus Seumaisín Aḃac.

9. An Smaċtuiġteoir á Smaċtú: Maor feirme—aṁas ar ċrostaċt é—na seirḃísiġ ag crioṫ 'na mbróga roiṁe agus dearg-ġráin aca air—buaċaill fuinneaṁail bríoġṁar a ṫeaċt in aimsir sa ḃfeirm—an maor d'imirt eugcóra air—aiġneas agus aċrann—an maor faoi ḋe, agus an maiġistir á ḋíbirt ar ḟínnéiḋeaċt na seirḃíseaċ—an buaċaill 'na ṁaor.

10. Taise le Treun agus Teann le Truaġ: Aḃac boċt ocraċ—déirc d'iarraiḋ ḋó ar ġaige mór galánta—buille ḋorn á ḟágail aige in áit na déirce—buaċaill cruaiḋ, a ċonnaic an eugcóir á ḋeunaṁ, a ḃaint suncuim as an ngaige.

*11. (1) An caradas a bí idir Seán ó Mearḃaill agus Seumaisín Aḃac. (2) Suiḃne na nDuḃan. (3) An té galánta i dtiġ tuaiṫe an Ċaptaein. (4) Scriosaṁnaċ na scine. (5) An ċróḋaċt a ċuir an ḟarraige i Seán ó Mearḃaill. (6) Seán ó Mearḃaill d'éis an ċaṫa.

12. 'Minic a Ṫig': Cailín óg ionnuaċair—beirt ag tnúṫ léi mar ċéile—gráḋ aici don ḃfear ná tagaḋ aċt go h-anam, agus anté nár ṁéinn léi ag teaċt go minic agus congnaṁ an aṫar aige—fleaḋ sa tiġ agus an

inġean d'ól sláinte an ḟir ba roġa léi, ar ċuireaḋ a h-aṫar, mar seo:

"Fá ṫuairim do ṡláinte, a Ṁinic a Ṫiġ (.i. a ṫagann),
Seo fós fá'd ṡláinte-se, a Anaṁ a Ṫiġ.
Sé mo ḋiṫ is mo ḋóġaḋ naċ é Anaṁ a Ṫiġ,
A ṫigeann ċoṁ minic le Minic a Ṫiġ.

13. Baiste Ċonċulainn: Conċuḃar mac Neasa agus a ṁuintir a ḋul ag toṁailt fleiḋe go tiġ Ċulainn Ceárd—a ngaḃailt ṫar faiṫċe na h-imearṫa, mar a raiḃ Seatanta ag imirt in' aonar i gcoinne an ċaogad eile ógánaċ—Conċuḃar a ḃaint geallaṁna de Ṡeatanta go mbeaḋ sé 'na ndiaiḋ—Culann a scaoileaḋ na h-árċon amaċ ag cosaint an dúin, nuair ba ḋóiġ leis an ċuideaċta go léir a ḃeiṫ istiġ—Seatanta a ṫeaċt ar a ball, agus an árċú a ṫaḃairt amus faoi—é ḋeunaṁ seacaire den árċoin i gcoinne coirṫe cloiċe—méala Ċulainn indiaiḋ a ċon cosanta—Seatanta á ṫairisgint féin mar ċú ċosanta ḋó, agus annsan Caṫbaḋ Draoi a ḃaisteaḋ Cúċulainn air.

*14. (1) Nuaḋaċt maidne an Ċaptaein. (2) Cor in aġaiḋ an ċaim á imirt ag Suiḃne na' nDuḃan. (3) Maor na bPreiceall agus sceul an ṗósta. (4) An pósaḋ. (5) Mí na meala.

15. Gleann na nGealt: Suiḃne na nDuḃan a ḋul le geilteaċas ar feaḋ tréiṁse—a ṫriall go Gleann na nGealt i gCiarruiḋe, agus a leiġeas ann—tuarascḃáil á ṫaḃairt aige ar an áit agus ar an luċt áitreaḃṫa d'éis a ċasta .i. gleann doiṁin diaṁair fá ṁoṫar coille—sruṫ ag gluaiseaċt in íoċtar an ġleanna—na geilt-eanna ag iṫe fraoċán agus biolair—ciúineas agus dorċadas ⁊c.

*16. (1) An t-aṁrán a ċas a ċuiṁne ar Ṡeán. (2) Teagṁáil Ṡeáin lena ċara, Tadġ mac Cuṁaill. (3) Seán ag innsint a eaċtra. (4) Dearḃráṫraċa ag aiṫint a ċéile. (5) An ṗearród.

17. Saint gan Sásaṁ: Druid a raiḃ caint aici ag feirm-eoir—Seáinín, garsún den ċoṁarsanaċt, a ċur an-ṡuim inte—é ṫeaċt isteaċ lá a raiḃ an feirmeoir amuiġ—é ropaḋ na druide síos 'na ṗóca d'ḟonn í ġoid—an feirmeoir a ṫeagṁáil leis ar tairsiġ agus é d'ḟiafruiġe mar ba ġnáṫ: "Cá'l tú, a ṗeata druide?"—an druid d'ḟreagairt i bpóca Ṡeáinín: "Táim inso, a ṁaiġistir."

*18. (1) Seán ó Cearḃaill i seomra-suiḋte an Ċaptaein. (2) An cóiriú ṫugaḋ ar Ṁaor na bPreiceall. (3) Oiḋċe aoiḃnis i dtiġ an Ċaptaein. (4) Críoċ an scéil.

Rip Ḃan Ḃuincil.

19\. 'Dá siuḃalainn Éire 'na fóda caola, im ḋúṫaiġ féin baḋ ṁéinne liom suiḋe': Tuarascḃáil do ḋúiṫċe féin, mar seo:—gleannta, sléiḃte, coillte, aiḃneaċa, loċa—barraí, tortaí, nadúir na talṁan—an luċt áitreaḃta, a gcéarda, a dtréiṫe, a gcaiṫeaṁ aimsire ⁊c.

20\. Eaċtra, nó ciotrainn, nó sceul grinn, a ḃfuil baint aige leo ḋúṫaiġ féin.

21\. Tart deireaḋ óil: Feirmeoir láidir—bean agus beirt ċlainne aige—meisce agus droċ-ċuideaċta—neaṁ-ṡuim á ḋeunaṁ d'obair na feirme—fiaċa cíosa—cur as seilḃ.

22\. Bailiġeann triopall beart: Feirmeoir boċt—bean agus muirear an dreoilín a ċúram air—cruinneas agus léireaċt gnó—toraḋ a ṡaoṫair aige, acfuinn agus strus ag fás ċuige—seascaireaċt na ḣ-aoise.

*23. (1) Tréiṫe agus loċtaí Rip. (2) An saoġal a ḃí aige i ḃfoċair a ṁná. (3) Clann Rip. (4) An ḃáiḋ a ḃí ag mná agus leanḃaí na gcoṁarsan le Rip. (5) A ṁadra, Smuilc. (6) Gasra na leisce.

24\. Ní ḃíonn an raṫ aċt mara mḃíonn an smaċt: Báirseaċ ṁná—an baile amuiġ léi—gamall boċt maol á pósaḋ—a ċeusaḋ agus a ḃás—aṫ-ṗósaḋ le fear daingean dána—smaċt agus raṫ 'na ḋiaiḋ.

*25. (1) Cleas Rip ċum teiċeaḋ ó obair na feirme. (2) A ṫeagṁáil le sean-duine na faġraċ. (3) An ċuideaċta ġruaṁḋa. (4) Meisce agus mí-ṫapaiḋ.

26\. Fóidín an mearḃaill: Fiaguiḋe ar mearḃall eolais—oiḋċe i ndiaṁair coille—imṡníoṁ a ṁuintire—a ċasaḋ slán.

27\. Gol indiaiḋ na soċraide: Madra maiṫ—aṁgar agus ocras á ḟáġail aige ón a ṁaiġistir—gaduiḋṫe a ṫeaċt san oiḋċe—an madra a ṡeasaṁ i mbearna an baoġail—a leónaḋ ṫar leiġeas—buaḋairt ar an maiġistir.

*28. (1) Rip 'na ḋúiseaċt. (2) A ṫriall go láṫair an ragairne. (3) A ċasaḋ ar an mbaile. (4) Foṫraċ a ṫiġe. (5) An cruinniú poilitiḋeaċta. (6) Gaige an ḃéabair.

29. imreas agus uaigneas: Clampar clainne—duine don ċlann-ṁac a ḋeunaṁ imirċe—a ṡaoġal tar lear—a ċasaḋ ar an mbaile i gcionn fiċe bliaḋain—tiġ fásaiġ roiṁe agus fán fada ar a ṁuintir—buaḋairt, uaigneas, ól.

*30. (1) Mearḃall agus buaḋairt ar Rip ag na sceulta d'airiġ sé. (2) A inġean; an sceul i dtaoḃ a ṁná. (3) Fínn-éiḋeaċt Ṗeadair Ḃanderdonc.

*31. Dara saoġal Rip—an suaiṁneas nár ṫaitiġ sé—innsint a scéil.

32. Áṫrú oibre: Lánaṁa ṗósta .i. Seán Aṁas agus Máire na Foiḋne—Seán ag síor-loċtú tiġeas a ṁná—margaḋ á ḋeunaṁ aca an obair a ṁalartú—an ċeud lá agus an lá deireanaċ ag Seán i mbun tiġeasa—cosc na cáinte agus síoṫċáin.

An Deoruiḋeaċt Ḟada.

33. Más mall is díreaċ díoġaltas Dé: Droċ-ṫiġearna talṁan—na tionóntaiḋṫe á gcreaċaḋ agus iad ag éiġeaṁ go truaiġe fá'n annsmaċt—é ag casaḋ ó'n mbaile mór le fiċe glas ċum fiċe líon-tiġe a ċur as seilḃ—geit á ḃaint as an gcapall agus é d'imṫeaċt ar éigin—an tiġearna a ṫuitim amaċ as an gcárr agus seacaire á ḋeunaṁ de i gcoinne an ċlaiḋe.

*34. (1) An taiḋḃreaṁ a ḋeineaḋ do ḃean Acsenof. (2) Acsenof ar a ṡliġe go dtí an aonaċ. (3) An rud a ṫárla sa tiġ-oiġeaḋ. (4) Cuaird a ṁná go dtí an príosún.

35. Taiḋreaṁ ar airgead: é á ṫeasbáint i dtaiḋḃreaṁ d'ḟeirmeoir sprionlaiṫe feircín óir a ḃeiṫ fá foṫa an tiġe—é ḋul ag raobaḋ an úrláir go moċ ar maidin—leac ṁór a ṫeagṁáil leis agus a cartaḋ as an tsliġe ḋó—an tiġ a ṫuitim isteaċ air agus a ṁarḃaḋ beagnaċ—fear dealḃ a raiḃ muirear a ċúram air d'ḟáġail an óir 'na ḋiaiḋ san.

36. 'Ar nós an tobair glé tré ċroiḋe na lice, brúċtann dóċas 'ġréas i gcroiḋe an duine': Breacairí Ṡasana á ċur i leiṫ sean-ṁná gur ṫug sí oiġeaċt agus iosdas d'óglaiġ na h-Éireann—iad a ḋóġaḋ an boṫán tiġe uirre agus á breiṫ leo go dtí an príosún—a sceul le gaċ aoinne ṫagaḋ á feuċaint .i. a creaċ agus a géirleanṁaint—tairngreaċt díoġaltais ar Ṡeán Buiḋe—tairngreaċt saoirse agus sonais do Ċaitlín ní h-Uallaċáin.

*37. (1) An daor-ḃreaṫ a ṫugaḋ ar Acsenof. (2) A ṡaoġal deoruiḋeaċta. (3) Macár mac Ṡimeoin. (4) An fuaṫ a ġaiḃ Acsenof ċum Ṁacáir.

38. Ní h-uaisleaċt go bás ag cosnaṁ cirt: Gaeḋeal i gcarcar i Sasana, gan de ċoir 'na leiṫ aċt glaine gráḋa dá ṫír—gan saoġal madra aige, i gcuid-eaċtain biṫeaṁnaċ agus sladaire—masla agus droċ-úsáid á ḟáġail aige ó'n luċt ceannais—briseaḋ ar an ḃfoiḋne aige agus é ḋul ar stailc ocrais—bás peann-aideaċ—a ṡoċraid abaile go h-Éirinn.

*39. (1) Iarraċt euluiġṫe Ṁacáir. (2) Mar a ċoimeád Acsenof an rún. (3) Macár d'iarraiḋ maiṫeaṁnais ar Acsenof. (4) Leiġeas an ḃáis.

40. Cuirpṫeaċt Éitiġ: Dúnṁarḃaḋ á ċur .i. leiṫ mac baintreaḃaiġe a raiḃ a ṁáṫair i dtaoḃ leis—a ḋaoraḋ ċum a ċroċta ar ḟiaḋnuise bréiġe a ṫug feirmeoir greamastaṁail d'ḟonn teaċt ar an bpaiste talṁan—mallaċt na baintreaḃaiġe agus a ḟíoraḋ—cúig ḃliaḋna 'na ḋiaiḋ san, fear ar leaba a ḃáis a ḋeunaṁ adṁála gurbé féin a ḋein an ċoir a cuireaḋ i leiṫ mac na baintreaḃaiġe—an corp á ṫógaint agus á ċur in úir ḃeannuiġṫe na cille.

CROḂ AN INDIAIĠ.

41. ÓR AGUS ÍOTA: Taistealaiḋe ag triall treasna na díṫreiḃe—ropaire á ṁarḃaḋ ċum teaċt ar a ċuid airgid—tart ar an ropaire ar a ball agus gan teaċt ar aḋḃar a ṁúċta aige—an ġráin d'iompóḋ aige ar an ór a ṡanntuiġ sé riaṁ—bás le h-íota.

*42. (1) An gleiṫreán a ḃí ar siuḃal sa ḃaile ḃeag. (2) Ḃean an ġúna ḋuiḃ. (3) An ċeud foġa a ṫug na h-Indiaiġ fá'n mbaile. (4) An coṁarṫa-sóirt a ḃí ar an leanḃ.

43. TÓRUIḊEAĊT AGUS DÍOĠALTAS: Lá broṫallaċ Saṁraiḋ—na mná i ḃfeiġil a ngnó agus na leanḃaí ag sugraḋ ar an mbóṫar—na fir go léir as baile ag baint ṁóna—ropairí a ṫeaċt—ár is creaċ is teiċeaḋ—na fir a ḋul ar ṫóir na ropaire—díoġaltas gan taise.

*44. (1) Ḃean an ġúna ḋuiḃ a ṫaḃairt fá'n díṫreiḃ. (2) An dara foġa a ṫug na h-Indiaiġ. (3) An gaisce a ḋein bean an ġúna ḋuiḃ. (4) Na fir a ċasaḋ ón sliaḃ agus na h-Indiaiġ a ṫeiċeaḋ rómpa. (5) Ḃean an ġúna ḋuiḃ ag maoiḋeaṁ as a gaisce. (6) An ġeit a baineaḋ aisti.

Gluais agus Foclóir.

Seo na giorrúċáin úsáidtear ann:

F. l.	=	Feuċ leat.
l.	=	Leaṫanaċ.
F.	=	Foġruiḋeaċt.
Uaṫ.	=	Uaṫaḋ.
Iol.	=	Iolraiḋ.
Aid.	=	Aidiaċt.
<	=	Coṁarṫa do ṫeasbáint an ní ó dtáiniġ focal.
T. G.	=	Tuiseal na Geinidne.
Br.	=	Briaṫar.
G. S.	=	Gobán Saor (leis an Dr. de Henebre)
T. G. ó S.	=	Taḋg Gaeḋealaċ ó Súilleabáin.
A. ó R.	=	Aoḋagán ó Raṫġaille.
Céit.	=	Céitinn.
T. Bó C.	=	Táin Bó Ċuailgne.

Gluais agus Foclóir.

A.

Abac .i. síoḋḃra duine.
Acfuinn .i. strus, coṫrom nirt. f. l. 'ní h-acfuinn dam,' nó, 'ní'l sé ar acfuinn agam (nó, ar m'acfuinn).'
Aer an tsaoġail .i. greann agus sult.
Áġ .i. cróḋaċt. f. l. 'Déise an áiġ' (l. 27).
Agair díoġaltas ar .i. bain éiric a ġníoṁa de. f. l. 'agair do ṡaint air (biaḋ, deoċ ⁊c.).'
Agallaṁ .i. caint le, guiḋe ċum.
Agó (<gó): 'gan aon agó' (l. 30) .i. gan ḃréig.
Ainċeart .i. eugcóir. f. l. 'ní dóiċiġe an ceart ná an t-ain-ċeart ḃeiṫ aige.'
Airc ocrais .i. ocras mar a ḃeaḋ ar ḋuine a mbeaḋ arc luaċra 'na ġoile.
Aisce .i. atċuinge, brontanas. 'In aisce' .i. gan díoluiḋeaċt.
Aisimirċe .i. filleaḋ ó imgcéin.
Aiṫġiorra gaċa conaire .i. coṁgar gaċ sliġe, réim díreaċ, nó, gaċ ndíreaċ.
Áiṫleasc .i. in aġaiḋ na toile.
Alltaċt .i. iongntas scannraiḋ (<allaiḋ, iol. allta. f. l. 'daṁán allaiḋ.' Bíonn 'allta' mar uaṫ. anois ann).
Aṁas .i. (1) saiġdiúir ar ċoinṁeaḋ; (2) duine cantaraċ. f. l. 'aṁas ar ċrostaċt' (l. 29).
Amplaċ .i. craosaċ.
Anamaċt (f. anuíoċt): 'ṁaiṫfeaḋ sí dó . . . .' (l. 15) .i. a ṫeaċt go h-anaṁ ab'ḟearr léi.
An-íde .i. martraḋ. 'D'imir sé an-íde air féin' .i. ṫug sé bás millteaċ air féin.
Anurṫar (< an-oirṫear) .i. atrú ambáireaċ; amanaṫar (< uman-oirṫear) .i. an lá 'na ḋiaiḋ san arís.
Aoḋaire agus Reaċtaire. Feuċ leat riaġlaċa an ḟáinne.
Aolṁar .i. cailceaċ, spéireaṁail.
Árd-riaḋam .i. imṫeaċt ar ċos-anáirde (< riaḋaim .i. imṫeaċt i gcarbad dam).
Arta (nó, orṫa) .i. paidir leiġis.
Aṫ-ḃreiṫ (f. aifreiṫ): 'aṫ-ḃreiṫ na cuiṁne' (l. 15) .i. a cuiṁne ċasaḋ air. (f. l. fá 'oiḋre.')
Aṫnasc .i. ag aiṫris le searḃas ar ḋuine.

b.

bacán .i. crúca cam iarainn ċum rud a ċroċaḋ air.
Bacchus .i. Dia an ḟíona ag na Rómánaiġ anallód.
baḋḃ (nó, badb) .i. (1) preuċán mór de ċineul an ḟiaiċ; (2) sprid ċaointe marḃáin.
báille .i. fear fógarṫa cíosa nó seilḃe.
bainis (<bain-ḟeis) .i. fleaḋ agus scléip lae pósta.
bairġin .i. bulóg. F. l. 'ṫóg sé bairġin ḃeag an díoṁaointais do roġa ṫar bairġin ṁóir an tsaoṫair' .i. b'ḟearr leis díoṁaointeas agus caolċuid ná díṫċeallaċt agus mórċuid. Seo mar adeirtí isna sean-sceulta: "ciaca is fearr leat an ḃairġin ṁór agus mo ṁallaċt nó an ḃairġin ḃeag agus mo ḃeannaċt?"
báirseaċ .i. bean niṁ-ṫeangan. (< barge. G. S.)
baiṫeas .i. mullaċ nó seicne an ċinn. F. l. 'ó ḃonn go baiṫeas.'
bandúnaiḋe .i. gaċ duine leisceaṁail oitir gan críċ (G. S.)
bantraċt .i. cuideaċta ban, an cine ban.
baoġal d'ḟáġailt air .i. caoi ċum greim d'ḟáġailt air nó feall d'imirt air.
barra (.i. barr): 'tiġ nó áit a ċur ṫar a ḃarra' (l. 33) .i. an tseilḃ a ḋíol.
barra fiaġaile, mar atá: feoċadáin, cupóga, neantóga, ⁊c.
barróg .i. greim báiḋe.
bás iúdáis .i. duine á ċroċaḋ féin.
Bastille .i. príoṁ-ċarcar na Fraingce roiṁ an 18aḋ aois.
beira .i. caṫair cois farraige in oirṫear na h-Aifrice.
beirṫe: 'óinseaċ beirṫe deunta' (l. 83) .i. óinseaċ críoċnuiġṫe nó, amaċ 's amaċ.
beiṫ (.i. crann beiṫe) .i. betula.
beo: 'lem ḃeo' (l. 73) .i. an fad is beo me; '. . . nárḃ' ḟearr leis a ḃeo ná a ṁarḃ . . . .' (l. 71).
binib .i. canncaraċt agus faġairt agus fuinneaṁ.
bíoḋḃa .i. duine a mbeaḋ breaṫ báis taḃarṫa air. Uaiḋ sin a ṫáinig 'biṫeaṁnaċ (< bíoḋḃanaċ).
bionóg .i. léim as a ċoḃail mar a ḋéineann cat.
bior .i. rinn geur. 'Ar ḃior' (l. 89) .i. ar inneall, ar faire.
bís .i. úirlis ġreamuiġeas an t-iarann antan imirtear an bárr cuimealta air (G. S.).
blaoḋm .i. torann maḋma tóirtniġe, teine, ⁊c.
boḋar-uisce .i. uisce salaċ, múnlaċ.
bog-ṁeisce .i. leaṫ-ṁeisce, súgaċas.
bráġaid: 'fá ḃráġaid' .i. 'na ċead, a ṫuairim d'ḟáġailt ar an sceul.
bráiġe .i. cime, obses.
braiġdeanas (< bráiġe) .i. deoruiḋeaċt.
brannra .i. taca; taca iarainn ḃíos fa'n ġreidill ar an teine (G. S.). F. l. 'brannra bráġad'; 'ar ḃrannra ag an mbás' (T. G. ó S.) .i. in ngreim an báis.
breac-liaṫ .i. liaṫ 'na paistí.
bréig-rioċt .i. ceallṫair a ċuirfeaḋ duine ó aiṫint.

Breuġán .i. rud ċum leanḃ a ḃreuġaḋ.
Briollaċaḋ .i. feuċaint fá scáṫ na láiṁe.
Bróin-ḃearg .i. oṫarlann, seomra pianta. Siní ainm ḃí ar árus na n-oṫar in Eaṁain le linn Concuḃair. Tá so ag Céitinn: 'is uime ráittear Bróin-ḃearg ria, do ḃríġ go mbídís na h-oṫair do ḃíoḋ innte fa ḃrón ⁊ fa ṫuirse ⁊ fa ṁéala ó ġoiṁ na ngon ⁊ na ngalar do ḃíoḋ orra.
Brut cata .i. cutaċ nó confaḋ cata. 'Brut' .i. iarann nó miotal eile arna leaġaḋ i sorn, nó arna ḋeargaḋ.
Buacaċ .i. saiḋḃir, taṫaiceaċ.
Buaiḋreaṁ .i. tré n-a ċéile agus buaḋairt aigne.
Buan-oiḋeaḋ .i. maṙtraḋ ⁊ ceusaḋ.
Buatais .i. bróg árd, mar a ḃíonn ar luċt farraige.
Buillí bailc-ḃéimneaċa .i. buillí treuna toranaċa.
Bulla .i. moṫall deataiġ nó ceo.
Bunóc .i. leanḃ an-óg.

C.

Caḃail: 'i gcaḃail a léine' .i. a ċuid euḋaiġ caiṫte ḋe ag troiḋ.
Cáin agus reaċt .i. dliġe agus riaġail.
Cáipéisí .i. duilleoga páipéir a mbíonn rud éigin scríoḃta orra.
Caise .i. sruṫán sléiḃe, tuile. F. l. 'caisí fola' (l. 32).
Caise (< cas) .i. cor nó filleaḋ. F. l. 'caise 'na ċrios' (l. 5).
Caiṫeaṁ i ndiaiḋ .i. dúil nó taiṫneaṁ.
Caiṫte ċuige .i. suiḋte nó sínte go leisceaṁail.
Caol: 'ceangal na gcúig gcaol' .i. ḋá ċaol an ḋá ċos, ḋá ċaol an ḋá láiṁ agus caol an ṁuiníl (G. S.).
Caoṁnaḋ .i. cosaint, díon.
Captaen mná .i. bean a ċuirfeaḋ smaċt ar a fear.
Carrbas (< carouse) .i. rí-ráḋ meisce.
Casna. F. l. fá 'oiḋre.'
Caṫaċ .i. brónaċ, cásṁar.
Ceallcar ('cealtair,' Céit.) .i. gnúis, bréiġrioċt. F. l. 'ceallcar draoiḋeaċta.'
Ceangal go h-eug .i. pósaḋ.
Ceann-urraiḋ .i. árd-ṁaiġistir, ceann feaḋna.
Ceaṫair-áird (l. 2) .i. i ngaċ áird nó roinn den doṁan.
Ceigín (< caga) .i. ceaṫraṁa ḃaraille.
Céile Dé .i. seirḃíseaċ Dé.
Ceiméireá .i. griosaḋ, caṫuiġe.
Cian-aosta .i. sár-aosta.
Ciar-duḃ .i. ċoṁ duḃ le ciar (.i. ciaróg).
Cinn: 'ó'r ċinn sí' (l. 8) .i. ó'r ṡíolraiġ, nó, ó dtáiniġ sí.
Cinneaḋ: 'tré ċinneaḋ na gcinneaṁan' (l. 1) .i. decreto Parcarum .i. fato.
Cinn-tsiocair .i. máṫair aḋḃair.

Cíocras .i. dúil i mbiaḋ. " Ocras is cíocras oraiḃ, agus rud agaiḃ a íosfaiḋ siḃ," adeir máṫair le n-a muirear.
Cíosa .i. ciuṁais, imeall.
Círéipeaċ (nó, círéibeaċ) .i. bruiġeantaċ.
Clab .i. beul leaṫta ag gáire nó ag alpaḋ. F. l. ' . . . . clab air a ḃfaġfaí prátaí a ċartaḋ siar isteaċ ann le sluasaid ' (G. S.).
Claoiḋe .i. cur fá smaċt nó fá ċois. ' Claoiḋe le ' .i. cur suas le, lúiġe fá, géilleaḋ do.
Cleaċt .i. cleaċtaḋ nó cleaċtas .i. taiṫiġe nó gnás.
Cliaṁain-isteaċ .i. fear a ṗósfaḋ isteaċ i dtiġ muintir a ċéile.
Cliaṫ laistí .i. obair ċondualaċ laistí .i. laistí aḋmaid treasna ar a ċéile.
Cliṫ-ṁagaḋ (f. cliofaga) .i. gáire 'na ċliaḃ do ḋuine.
Cló : 'na ċló martanaċ daonda ' .i. 'na steill-ḃeaṫa.
Cluain ċalaoiseaċ .i. feillḃeart claoine.
Cluiċe : ' fearfaiḋ . . . a ċluiċe caointe ' (l. 92) .i. ní ḃeiḋ a malairt aige ċum é ċaoineaḋ .i. beiḋ siad ag giobaḋ is ag casmairt tar ċionn a ionaṫair is a scartaċa.
Cnaiste .i. taoḃ leabṫan.
Cnap .i. (1) rud mór trom ; (2) duine in euġmais a luadair.
Cneasuiġṫe .i. slánuiġṫe (< cneas .i. croiceann).
Cnuic : ' ag dul ċum cnuic air ' .i. ag deunaṁ cúraim dó, á ċráḋ.
Coċal .i. fearg.
Cogar coṁráiḋ, nó, coṁráḋ cogair.
Coiṁdeaċt (nó, coindleaċt) .i. tionlacaḋ, cosaint. F. l. ' sprid ċoiṁdeaċta ' (l. 56) ; ' aingeal coiṁdeaċta ' ; ' mná coindleaċta.'
Coiṁiġṫeaċ (f. caoiṫeaċ) .i. fiaḋain fraoċḋa.
Coindleaċ .i. gort arḃair t'réis an ḟoġṁair. ' Coindleaċ feusóige ' .i. fás seaċtṁaine nó mar sin d'feusóig agus í láidir garḃ.
Cóisir .i. lúṫġáir lae pósta.
Coite .i. báidín, curraiċín.
Colg .i. claiḋeaṁ.
Coll (.i. crann cuill) .i. corylus.
Coṁar le .i. caḃrú le. F. l. ' coṁar-ċumann,' ⁊ ' luċt coṁair.'
Coṁarṫaí-sóirt .i. coṁarṫaí aiṫeantais ar ḋuine nó áit.
Combar .i. clár uċta.
Coṁráḋ : ' i gcaoineas ċoṁráiḋ ⁊c.' (l. 43) .i. ag cur síos go séiṁ ar a socaireaċt.
Conablaċ .i. corp gan anam ann. Tugtar ' conablaċ ' le tarcuiṡne ar ḋuine mór reaṁar gan luas ná briġ ann.
Conairt .i. scata con.
Connaḋ .i. aḋmad le h-aġaiḋ teine.
Cór .i. aos cóṁ-ċeatail.
Corraċ .i. luascaċ. F. l. ' bata corraċ.' Sean-ḟocal : ' is fuiris foirbiú ar ċeann corraċ ' .i. is beag a ġoillfeaḋ ar ḋuine t'réis taom tinnis.
Corrán .i. na gialla, an scórnaċ,

Coruiḋeaċt agus slánaḋ .i. urruiḋeaċt agus geall coiṁ-líonta. 'Grian agus gaoṫ a ṫabairt i gcoruiḋeaċt agus i slánaḋ' (l. 5): Móid na Sean-Gaeḋeal bpagánta san.

Coṫrom .i. láṫair réiḋ.

Crann '(1) 'ar ċuireadar crann air' (l. 33) .i. tosaċ; (2) 'crannċur, nó cur ar crannaiḃ' .i. ar ṫuitim na dísle; (3) 'naċ orrainn anuas aṫá an crann' .i. an mí-áḋ.

Craos .i. (1) scórnaċ nó goile amplaċ; (2) ceann desna setaċ bpeacaí marḃa.

Cré: 'cuir cré ḃuiḋe leis . . . . .' (l. 18). Mar sin aṫá sé sa sceul san, 'Murċaḋ Mór agus Murċaḋ Beag.'

Creatalaċ .i. colann a ḃfaġfaí na cnáṁna a ċoṁaireaṁ inte.

Creim .i. mion-iṫe mall, mar a ḋéineann luċa.

Críne .i. seandaċt.

Críoċ-ḃuille .i. buille treascarṫa.

Críostuiḋe Ṁic an Luain (l. 88) .i. duine na daonaiḋe. F. l. 'Lá an Luain,' agus 'Luan Lae Bráṫa.'

Criṫir .i. saiġead péine, déistin, ⁊c.

Croḃ .i. an láṁ ó n-a caol go barraí na méar.

Croċaire .i. duine a mbeaḋ cor sa ċroiḋe aige.

Cró-liġe .i. luiġeaċán duine gonta. 'Seirgliġe' .i. luiġeaċán duine a ḃeaḋ á ṡnoiġe le h-eitinn nó a leiṫéid.

Cró-linn .i. loċ fola.

Crom. Ḃí Láiṁ-Ḋia ag na Gaeḋil ṗágánta le linn Ċormaic mic Airt, a mb'ainm dó CROM CRUAĊ.

Crónú .i. dorċú, tuitim na h-oiḋċe.

Cros (br.) .i. cosc. 'Crosaim ort é,' adeurfaḋ duine ċum an ġoiṁ a ḃaint as droċ-ġuiḋe a ṫabarfaḋ sé le linn feirge.

Cuaċaire .i. guagaire, gligín, nó, glingín .i. duine gan stuaim gan éifeaċt.

Cuiḃe: 'nár ċuiḃe leis caint' (l. 52) .i. labairt níor ṁéinn leis.

Cuid: 'a ċuid is a ċnuasaċ' (l. 2) .i. a ollṁaiṫeas go léir.

Cúideáil .i. teud d'ḟilleaḋ go baileaċ ar a ċéile.

Cuidreaṁ .i. báiḋ, ceangal caradais.

Cuimse .i. measarḋaċt, cáileaṁlaċt.

Cuiriceaċ .i. mí-ċoṫrom.

Cur i bárr .i. loċt d'ḟáġail ar, é ċáineaḋ.

Cuṫaċ caṫa .i. fíoċ feirge.

D.

Daiṫte .i. breacṫa.

Danaid .i. mairg, creaċ, cás. F. l. 'is danaid geur liom . . .' (l. 43).

Daondaċt .i. carṫanaċt.

Daoscar-ṡluaġ .i. cioṫ geocaċ is cóbaċ.

Dásaċt .i. mire, dearg-ḃuile.

Deandgar .i. salaċar na sráide.

Deargus fiacal .i. déistean, fuaṫ.
Deáṫramail .i. creideaṁnaċ (< deallraṁail).
Deol .i. ól bainne cíċe : 'leanḃ deoil' (l. 83) .i. leanḃ múirneaċ
Deonaċ .i. do ḋeoin, go toilṫeanaċ. 'Fó n-a dtearmainn . . .' (l. 24) .i. tarraingid fá n-a scáṫ dá ndeoin iad.
Diaṁair .i. rúnda, fá ḋraoiḋeaċt.
Diarmuid na mBan .i. Diarmuid déid-ġeal dreaċ-ṡoluis ó Duiḃne, curaḋ calma den ḃFéinn. Ḃí saineaṁlaċt agus draoiḋeaċt ar a ċuid arm 'sa ḃreis ar airm a ṁuintire, agus ḃí ainmeaċa fá leiṫ aige orra, mar atá: an Mórallṫaċ, an Beagallṫaċ, an Ga Buiḋe, an Ga Dearg, ⁊c.
Dingeaḋ .i. sáṫaḋ, brúġaḋ. F. l. 'torann cos na gcapall ġá ḋingeaḋ 'na cluasa' (l. 84); agus, 'do ġlam naċ binn do ḋingfinn féin id ḃráġaid' (A. ó R.)
Díoġḃáil : '. . . . an ḃó gan dul 'sa díoġḃáil air' (l. 40) .i. isteaċ i ngort arḃair nó rl., nó, ṫar teorainn i gcuid na gcomarsan.
Díol truaiġe .i. aḋḃar truaiġe.
Diongḃáil : 'fear a diongḃála' (nó, a diongḃáil d'ḟear) .i. a díol nó a daoṫain d'ḟear. 'Fear diongḃála deiċeanḃair' .i. fear a ḋíonfaḋ é féin ar deiċeanḃar ag troid.
Dísle .i. alea.
Díṫ : 'ar díṫ a ṁisniġ' .i. in euġmais. 'Is díṫ liom' .i. is truaġ liom; 'tá sé do ḋíṫ orm' .i. do ríoċtanas.
Díṫreaḃ .i. fásaċ, tearmann díṫreaḃaiġ.
Diúgaḋ .i. an braon deireannaċ d'ól as soiṫeaċ. F. l. 'ní'l diúg ná deor fágṫa.'
Diúiricíní .i. piasta caola a ṫollann aḋmad.
Dlaoi .i. (1) trillis puilt; (2) an polt féin.
Dliġe cine (l. 29). F. l. an sean-ḟocal : 'dliġe cine póirtint.'
Doġrainn .i. gruaim, lionndúḃ, buaiḋreaṁ.
Doiċ .i. níos muiċe ná moċ. F. l. 'déineann gaċ moċ a ġnó, aċt ní le h-eiriġe doiċ é.'
Dóid .i. láṁ, dorn dúnta.
Domblas .i. an rud is seirḃe droċ-ḃlasta ann. F. l. 'cócaire an domblais' .i. cócaire a ḋeunfaḋ prácais ná h-íospaḋ madra; 'sé fuadaċ an ċait ar an domblas é' .i. naċ againn atá an teugar ann!
Donn-dearḃ .i. deiṁne gan pioc aṁrais ann.
Dornċur .i. áit a ngreamuiġtear claiḋeaṁ, scian, ⁊c.
Doruġa .i. ruaim teugarṫa láidir le h-aġaiḋ iascaireaċta.
Driuċ (< dreaċ) .i. deallraṁ dearóil.
Droċ-ṫáṫall .i. aṁras feill-ḃirte.
Duanaoiseaċ .i. duaḋṁar. F. l. 'duanaois an tsaoġail.'
Duḃar : 'níor ḋuḃar leis an diaḃal ná . . .' (l. 39) .i. ní raiḃ aon rud ba luġa air ná . . . (b'ḟéidir gur truailliú ar an ní is 'níor luġa air' atá ann).
Dul : 'ag dul as' (l. 90) .i. ag imṫeaċt ó'n áit; (l. 40) .i. ag dul ó ṫorṫaṁlaċt

e.

Earráid .i. aiṁleas. F. l. 'ráideaċ' id ḋiaiḋ.
Éiġeaṁ go truaiġ .i. ag gol go geur goirt.
Euraċtaṁail .i. uaṫḃásaċ, fiaḋain (ag tagairt do ḋuine nó d'áit.

F.

Fagairt .i. (1) An cruaḋas a ċuirtear san iarann le-n-a ṫomaḋ dearg san uisce agus an cruaḋas a ṫagann ins an aḋmad arna ḃaint (G. S.). (2) Breo na feirge i súile duine.
Falmaireaċt .i. liúġdaiġeaċt, fóisideaċt.
Faoiseaṁ (nó, faoiṫeaṁ) .i. cáirde ó ṗéin nó ó ċráḋ.
Farraṫas .i. criṫ-eagla.
Fás-ḃuille .i. buille ná cuirtear aḃaile.
Fáscaḋ : 'á ḟáscaḋ ⁊c.' (l. 5) .i. á ċur idteannta agus gorta á léirscrios.
Feairrde (fearr+de .i. fearr de ḃarr). F. l. 'measaide,' 'luġaide,' 'móide,' ⁊c., agus an sean-ḟocal—

'Ní troimide an loċ an laċa,
Ní troimide an t-eaċ a ṡrian,
Ní troimide an ċaora a h-olann,
'S ní troimide an ċolann ciall.'

Fearantas (< fearann) .i. réim talṁan, ceanntar.
Feilmeintí (siuḃail, reaṫa, ⁊c.) .i. faoḃar imṫeaċta.
Feoiṫne .i. leoiṫne, bolaḋ beag gaoiṫe.
Fiaḋta .i. allta, fíoċṁar.
Fiar .i. casta. 'bliaḋanta fiara fuara' .i. bliaḋanta leadránaċa gan suḃaċas ná seascaireaċt.
Fineaṁna .i. na craoḃċa ar a ḃfásann na fíon-ċaora.
Fíoċ buile .i. fraoċ feirge (Aid.—fíoċṁar).
Fionna fuilt .i. foiltne nó ribe gruaige.
Fios : 'go ḃfios di' (l. 84) .i. ba ḋeiṁin léi. 'Gan ḟios di,' a ċodarsna san.
Foirḃṫe .i. caiṫte críona (ag tagairt do ḋuine).
Fóirne .i. iol. ar 'fuireann.'
Folaċaḋ .i. púicín.
Folcaḋ .i. foṫragaḋ .i. niġe nó tomaḋ. F. l. 'Seomra folcṫa'; 'Anais co foilc ⁊ co foṫraiġ' (T. Bó C.) .i. d'ḟan sé le folcaḋ ⁊ le foṫragaḋ (.i. á niġe ⁊ á ġlanaḋ féin).
Forḃais .i. ionsuiḋe, oirċill.
Formna (nó, forṁna) na gualann .i. leirg an tslinneáin.
Forus .i. clár talṁan, tóin na farraige. F. l. 'dul ṫar forus' (ag snáṁ). 'Raġaḋ sé ṫar forus acfuinn a nirt' (l 15.) .i. ṫar cumus a nirt, sár-iarraċt do ḋeunaṁ.
Foṫa .i. bonn tiġe i dtalaṁ.
Fuaid (nó, fuaḋ) .i. taiḋbse, púca.

Fuar-allus .i. allus scannraiḋ.
Fuar-liúiġ .i. garḃ-lóg sceiṁle.
Fuarlóg. F. l. 'fuar-liúiġ,' roṁat.
Fuiliġṫe .i. clúduiġṫe.
Fuineaḋ .i. críoċ nó tuitim, mar atá: 'fuineaḋ nóna'; 'fuineaḋ foġṁair a ṡaoġail' (l. 7). Mar seo a roinntear saoġal an duine:

Earraċ ó ḃreiṫ go fiċid,
Saṁ (.i. Saṁraḋ) a ċoṁ-oiread 'na ḋéiḋ,
Foġṁar as san go seascaid,
Gaṁ (.i. geiṁreaḋ) ó fuin' go h-éag.

Nó,

Fiċe bliadain ag teaċt,
Fiċe bliaḋain fá raṫ,
Fiċe bliaḋain ag meaṫ,
Is fiċe gur cuma ḋó ann nó as.

'Ní aoiḃill a ṡaoġail' ag Céitinn ar an dara ceann.
Fúinniméad .i. bunuḋas, máṫair-aḋḃair.
Futa-fata: F. l. 'futa-fata agus foṫragaḋ' .i. tiomáint agus fuastar ag deunaṁ ruda.

G.

Gaḃaim siar .i. caint ná tuigtear.
Gaeḋealaċ .i. 'gaċ ní muintearḋa nó gnáṫ nó aiṫeanta' (G. S.).
Gáiḃéireaċt .i. turus aoiḃnis.
Gaigiḋeaċt .i. teasbáinteas gaige nó scoiṫe.
Gáirdeaċas .i. mór-áṫas.
Gaise .i. sruṫán sléiḃe.
Gangaid .i. cealg, cuirpṫeaċt éiṫiġ.
Garḃḟonn (f. garaṫun) .i. talaṁ garḃ cuiriceaċ (fonn .i. talaṁ).
Geafar .i. garsún crabanta cruaiḋ.
Geanncóg .i. duine a mbíonn geannc nó srón leaṫan ċasta air.
Geinte glinne .i. deaṁain aeir. F. l. 'd'eitil sé i nglinntiḃ an aeir.'
Geocaċ. · Seo geinealaċ an ġarḃ-ṫeaġlaiġ:

'An seaċtṁaḋ mac deug bacaiġ geocaċ,
'S an seaċtṁaḋ mac deug geocaiġ cóbaċ.'

Gíoscán .i, foṫrom ruda a ḃíttear a luasgaḋ.
Glac .i. greim dóide.
Glam sceoin .i. sceaṁ le sgeiṁle.
Glaoḋfam (l. 87) .i. glaoḋfaimíd. 'Cruinneoċam,' mar a gceudna.
Gleiṫreán .i. fuadar agus fuastar gnóṫa.
Gliogarnaċ .i. clinn cluigín nó foṫrom stánta.
Goiṁ .i. niṁ nó géire (péine, fuaċta, ⁊c.). F. l. 'fás ṫar goiṁ' .i. fás ṫar aois.

Goin galainn .i. cíorrḃaḋ cnáṁ. ('Galann' .i. náṁa.)
Goir: 'ġoir sí agus ṡír sí orra' (l. 84) .i. d'aitċiġ sí agus d'impiġ sí orra.
Goiṫí .i. geáitsí nó cumaí. 'Cleasa clisteaċta gan gáḃaḋ doġní ceardúiḋe do ṫeasbáint a ġaisce.' Iolraiḋ air de ġnáṫ. (G. S.).
Goraḋ .i. teas. F. l. 'goraḋ gréine'; 'déin do ġoraḋ' .i. téiġ do loirgne.
Gustal .i. strus, acfuinn.
Guagaiḋeaċt .i. mí-stuaim, corr-ṡuan.
Guntaċt .i. léireaċt. '. . . a ġuntaċt is . . .' (l. 42) .i. ċoṁ líoṁṫa léiġeanda is . . .
Graiṫ .i. lúiġ le fóirneart.
Gramaisc .i. daoscar-ṡluaġ.
Grean .i. gairḃeul.
Grod .i. gairid.

H agus I.

Hata trí ḃfeirceann .i. hata triḃeannaċ.

Iaḋta .i. dúnta.
Iarṁaiseaċ: 'tiġ iarṁaiseaċ' .i. tiġ a mbeaḋ troscán breáġ agus gaċ aon ċóir dá ḟeaḃas ann.
I ḃfus .i. ar an saoġal so; 'ṫall' .i. ar an tsíorruiḋeaċt.
Ic ḟionnḟuarṫa .i. leiġeas a ṫaḃarfaḋ faoiseaṁ ó ḋóġaḋ.
In éiric .i. indíoġal. Ba í an éiric ná an cúiteaṁ ab'éigin do ḋuine ḋeunaṁ inallód i marḃaḋ duine eile.
Ioḋaltras .i. ioḋal-aḋraḋ.
Iomroll .i. droċ-aimsiú. 'Iomroll aiṫne' (l. 54) .i. mearḃall aiṫne.
Ionraic .i. fíréan, cáiḋ.
Ionṡáṫruiġṫe: 'geasa naċ ionṡáṫruiġṫe' (l. 1) .i. naċ cuiḃe go mbristí iad.
Íota .i. tart traoċta.

L.

Lag: 'ṫuit an lug ar a lag aige' .i. tuitim in iomar an eudóċais.
Láiṁní óir . . . . (l. 40) .i. nárḃ fearr leis saiḋḃreas agus cúraimí—na saiḋḃir ná scléip agus saoirse agus caol-ċuid mic leisce.
Laingcis .i. langaide, cuiḃreaċ cos.
Last .i. ualaċ luinge.
Leaḋb (l. 41) .i. buille, iarraċt. 'Leaḋb is breall' (l. 20) .i. bob buailte air.
Lear .i. muir, farraige. F. l. 'lear gainṁe' (l. 84) .i. díṫreaḃ nó fásaċ.
Leaṫar .i. croiceann tiuġ riġin.
Leicṫe .i. lúbaċ bríoġṁar. 'Gaḃta' is codarsna dó san.

Leun .i. buaḋairt, brón. 'A leun do luaḋ' (l. 69).
Liaṫ-ḃuiḋe .i. galar buiḋe. Deirtear go dtarraingeoċaḋ scannraḋ nó fearg ar ḋuine é.
Liosta (l. 41) .i. leaṁ leadránaċ.
Líṫ .i. báine snóiḋ. 'Mí-líṫeaċ' .i. daṫ mí-ṡláinteaṁail.
Lóċán .i. an brus agus an salaċar a ḋeiġiltear ón arḃar le é ċáiteaḋ.
Loinnir .i. niaṁ, taiṫneaṁ.
Loisc: 'loisc sé air' .i. ċlog sé nó ġoill sé air.
Loitméireaċt .i. léir-scrios.
Lonnṁar .i. fíoċṁar.
Lonnuiġim fúm .i. cuirim fúm, teiġim ċum coṁnuiḋṫe ann.
Luaḋail .i. luadar, gluaiseaċt.
Luaimneaċ .i. lúṫṁar.
Luaṫ: 'mná má luaiṫe' (l. 87) .i. ar a gcroiḋe díṫċill, ag iarraiḋ tosaċ a ḃaint dá ċéile (má < im a).

M.

Macaoṁ .i. mac-caoṁ. Deirtear 'macaoṁ mná,' dála mar adeirtear 'baintreaḃaċ fir,' ⁊c.
Mac-imleisean .i. meall radairce na súile .i. anté is annsa beo liom (l. 9).
Máiléad .i. tuairgín, órd mór adṁaid.
Maoṫán .i. an áit ṁaoṫ (.i. bog) i gcliaṫán duine, idir na h-easnaḋaċa agus an cromán.
Marc-ṡluaġ .i. sluaġ marcaċ.
Marṫain: 'ar a marṫain (nó, marṫaineaċ)' .i. go beo bríoġṁar seascair; 'ag síor-ṁarṫain ar . . .' (l. 75) .i. marnaḋ nó cuiṁneaṁ ar . . .
Máṫair gaoil .i. nádúir gaoil, cosaṁlaċt ḃeag éigin.
Maṫġaṁain .i. beiṫear.
'Mb'áil .i. dá mbaḋ áil (l. 31).
Meang-ġáire .i. gáire ceilge.
Meanmnaċ .i. meiḋreaċ, groiḋe.
Mearḃall: 'ar díṫ mo ṁearḃaill' (l. 13) .i. mearḃall ba ḋíṫ nó ba ġalar dam.
Measc .i. súgaċ suḃaċ.
Meaṫta .i. gan misneaċ. 'Meaṫ-laoċ' .i. laoċ ar a ċaint a ṫaḃarfaḋ a cúl don ċontaḃairt.
Meum .i. puṫ anála nó gaoiṫe. F. l. 'ní raiḃ meum ná cuaċ inte' (l. 84) .i. ní raiḃ aiṫint an anama inte.
Mí-ċreutaṁail .i. creaṫ nó cre[illegible] na mí-ṡláinte ar.
Minic a ṫig. Feuċ leat aḋḃar-scéil a 12.
Mionna .i. mionn, móid, easgaine.
Mí-sciaṁ .i. gráinneaċt.
Moċean .i. mo ġraiḋn, aḋḃar áṫais liom.
Móide: 'naċ móide a géire é' (l. 41) .i. go mbíonn an teanga ag dul i ngéire agus i niṁneaċt ó ṡíor-steallaḋ scannalaċ.

Molaḋ agus cáineaḋ . . . . . (l. 18) : Laeġ ab' ainm do ara (.i. carbadóir) Ċonculainn. B'é cleas a ḃí aige ná a ṁaiġistir a ṁolaḋ nuair a ḃíoḋ cróḋaċt á ḋeunaṁ aige, agus é lascaḋ le cáineaḋ nuair a ḃíoḋ an caṫ ag dul air.

Mombasa .i. caṫair cois farraige in oirṫear na h-Aifrice.

Moṫall .i. stoṫall gruaige gan cíoraḋ ; bulla luaiṫreáin, deataiġ, ⁊c.

Moṫar coille .i. coill ṁoṫaraċ (.i. tiuġ cluṫṁar).

Mrotamus (< mart-mus) .i. feoil 'na cloga agus 'na pluca ar ḋuine. (G. S.)

Múċán .i. port, árdán.

Ṁuiḋ .i. bris. F. l. ' ṁuiḋ a ġean-ġáire air.'

Múirneaċ .i. dil, ceanaṁail. F. l. ' múirnín mná,' ' múirnín dílis.'

Murċaḋ. Adeirtear i dtaoḃ duine a ċífeaḋ scannraḋ : ' ċonnaic sé Murċaḋ agus cuid dá ċuideaċtain ' .i. Murċaḋ Ó Briain, Tiġearna Inse-Ċuinn, a ṫug léirscrios agus ár ar Ċúige Muṁan.

Mursanta .i. madraṁail, mí-ḟáilteaċ.

Mustar .i. gaċ toirtéis dána taiḋḃseaċ (G. S.)

N.

Naoiḋeanán .i. leanḃ an-óg (< naoiḋean < naoiḋe).

Neul : ' ṫáiniġ neul ann ' (l. 5) .i. dásaċt buile. ' Neul níor ċodail ' (l. 19) .i. snóḋ beag codlata.

O.

Oiḋre : ' . . ná raiḃ oiḋre ar a aṫair aċt é ' (l. 40) .i. a ḃí an-ċosṁail len'aṫair. Sliġte eile a ndeirtear an rud ceudna : ' ní'l aon ċasna (nó, pioc) ann aċt a aṫair,' ' sé a aṫair ar aiṫḃreiṫ é.'

Oiḋreata .i. reoiḋte. ' . . . . an tomaḋ sa daḃaċ . . . . ' (l. 19) .i. an rud a ċaiṫtí ḋeunaṁ le Coinċulainn ċum é d'ḟionnḟuaraḋ t'réis dearg-ruaṫair. Slioċt as T. Bó C. so : ' Lasodin atneṫat láiṫ gaile Eṁna ⁊ focerdat i ndaḃaig n-úar-usci. Maitti imbi-som in dabaċ hísin. In dabaċ aile dano irroláḋ, ficis dornaib de. In tress dabaċ indeċaiḋ iarsuiḋiu, fosngert-siḋe combo ċuimse dó a tess ⁊ a úaċt ' .i. leis sin ruġ laoċra gaile na h-Eaṁna air agus ċaiṫeadar isteaċ i ndaḃaiġ uisce fuair é. Bris an daḃaċ san ṫimċeall air' An daḃaċ eile 'nar caiṫeaḋ é, d'eiriġ cluig (méid do ḋuirn) air ag fiuċaḋ. An treas daḃaċ a ndeaċaiḋ sé inte annsan, ṫéiġ sé (.i. an t-uisce) go raiḃ sé all-ḃog.

Oineaċ .i. flaiṫeaṁlaċt ⁊ deise meoin.
Oirḋearcas .i. uaiḃreaċt, suaiċeantaċt.
Olaċoinn .i. riastraḋ feirge.

P.

Pé .i. cibé.
Peig: 'ní ṁaiṫfeaḋ sé peig ná bonn dó' .i. ḃí sé bog beann air.
Pinniúir .i. beann tiġe.
Pléimeanaċ .i. ag baint leis an Tír-Fó-Ṫuinn.
Plúr na mBan .i. toġa na mban ar ḋeiseaċt. F. l. Laoi Oisín:

> Do ṫugas féin dom' ċaoiṁ-inġin
> Re h-aonta Niaṁ ba ṁó gean,
> De ḃuaiḋ a maise 'sa móir-ṁín'
> An t-ainm fíor sin, Plúr-na-mBan.

Port do ḃualaḋ .i. roċtain go ceann conaire.
Preiceall .i. croiceann tiuġ riġin in'ḟillteaċa anuas le leicne agus fa smeig duine.
Preicleaċán .i. donn-duḃsmánuiḋe.
Puḋar .i. dubrón, díṫ.

R.

Radaḋ .i. séideaḋ neartṁar.
Ragairne .i. gleo luċt meisce.
Ráideaċ .i. carráideaċ. 'Greannṁar,' a ġnáṫ-ḃríġ isna Déisiḃ.
Raillsí .i. neul aitis, geilteaċais, ⁊c. Iolraiḋ air de ġnáṫ.
Ráṁan .i. faid ḋá ċoiscéim (5½ troiġṫe).
Rangḃáil .i. caint geilte nó meisceora.
Ranguiġ .i. ráiniġ.
Raon maḋma .i. teiċeaḋ meaṫta ó'éis maḋm (.i. briseaḋ) caṫa.
Réim ruaṫraċ .i. treun-imṫeaċt.
Reoiḋ (l. 26) .i. ċeangail.
Riastraḋ .i. saoḃaḋ feirge nó sceiṁle ar ċeannaċa duine. Ṫugtaí 'in Riastarṫe' (.i. an Riastarṫa) mar leasainm ar Ċoinċulainn, mar ṫagaḋ a leiṫéid sin de riastraḋ air, nuair d'eiriġeaḋ a ḃruṫ caṫa ann, go dteiġeaḋ sé ó aiṫint ar a ṁuintir. Seo mar adeirtear 'na ṫaoḃ sa T. Bó C.:

> 'Ríastarṫae imbi-seom i suidiu. Inda lat ba tindorcun asnort caċ foltne inna ċenn lasa comérge conérraċt. Inda lat ba óibell tened bói for caċ óenḟinnu. Iadais indala súil connárbo leṫiu indaas cró snáṫaite. Asoilgg alaili combo móir béolu midċuaiċ. Doérig dia glainíni corrici a hóu. Asoilg a béolu coa inairdriuċ combo ecnae a ginċróes. Atreċt in lúan láiṫ assa mulluċ.'

.i. Táiniġ riastraḋ air annsan. Dar leat gur é ṫuargain a ḋeineaḋ le gaċ fionna isteaċ 'na ċeann, a ḋíriġeaċt d'eiriġeadar. Dar leat gur sprinġlín teine ḃí ar gaċ aon ḟionna. Ḋún sé súil leis go dtí nár leiṫe í ná cró snáṫaide. D'oscail sé an ceann eile go raiḃ sí ċoṁ mór le beul cuirn. Noċt sé a ġialla siar go cluasa. D'oscail sé a ḃeula go dtí n-a ċorrán go raiḃ a ċraos le peiscint. D'eiriġ an luan láiṫ (.i. solus laoiċ) anáirde as ṁullaċ a ċinn.

Rig a leas .i. ní mór dó. Tá 'ríoċtanas' againn anois ó 'rig' san abairt sin.

Riġ-ċeangal .i. cóir pianta éigin a luaḋtar sa ḃFiannuiḋeaċt.

Rinn .i. bior caol geur. F. l. 'ba rinn gae niṁe . . . leis' (l. 66) .i. ċlog sé go h-ae air. 'Rinn uirre a leigfeaḋ dealg' (l. 3) .i. í ċoṁ caol geur le snáṫaid.

Rosc .i. reiteóiric, caint ċasta fileaḋta. 'Rosc caṫa' .i. gáir caṫa.

Ruaig: 'cad a ruaig di . . . ?' (l. 83) .i. cad a ḃeir di . . . ? nó, dé ċúis di . . . ?

Ruaiṫne .i. fionna, foiltne.

Ruaṫar reaṫa .i. luas éirme (.i. imṫeaċta).

Rúbal .i. bun-ṗíosa airgid na Rúise (=2s. 1½d.).

Rún: 'a rún ag breugnú . . . .' (l. 22) .i. a ḋeiṁin ó ċroiḋe aca ná raiḃ bríġ le n-a nguiḋe.

Rúscaḋ .i. radaḋ, teilgean.

S.

Sannta .i. beárna ċuṁang idir dá ċarraig nó dá oileán (< sound).

Saoḃaḋ .i. meascaḋ, suaṫaḋ, fiaraḋ. F. l. 'saoḃ-ċoire' .i. vorago.

Scafaire .i. fear lúṫṁar meanmnaċ.

Scáiṫteaċ .i. garḃ aċrannaċ gan cíoraḋ gan bearraḋ; nó, ag fás go tanaiḋe.

Sciaṫán: 'sciaṫáin do ṫeaċt ar' .i. árdaċ meanman.

Sciúrdaḋ .i. imṫeaċt i luas lasraċ.

Scléip .i. (1) eugcuimse caiṫeaṁ-aimsire; (2) duine scléipeaċ.

Scoṫaḋ .i. teascaḋ, glan-ġearraḋ. F. l. 'ag stoṫaḋ na gcrann agus á scoṫaḋ' .i. á dtarraingt as na pneuca agus ag glanaḋ na ngeug díoḃ.

Scoṫ-aois .i. aois seanóra.

Scriosaire .i. cleiṫire cruaiḋ a ḋeunfaḋ scrios dá gcuirtí air.

Scriosaṁnaċ .i. gaċ sladaire mór millteaċ borb (G. S.).

Scrogall .i. muineul seang leabair mar a ḃíonn ar ċuirr. F. l. 'scrogall buidéil.'

Scuabaċ .i. lúṫṁar, preabanta.

Seasaṁ le .i. seasaṁ ċum baiste nó ċum pósta le.

Siḃéir .i. an roinn ṁór talṁan atá ar an dtaoḃ ṫoir-ṫuaiḋ den Rúis. Is ann a ḟeoltaí na braiġde ⁊ na cimiḋṫe.

Siḋe-ċeol .i. ceol síreaċtaċ siḋe .i. ceol sár-ḃinn.

Siḋe-reaṫa .i. rioṫ le fuinneaṁ. f. l. 'léim siḋe-reaṫa.'

Siolla, nó sioll-ḟeuċaint .i. súil-ḟeuċaint. f. l. 'siolla dem ṡúil dár ṡaṁluiġeas uaim' (c. an ṁ-O.).

Siosarnaċ .i. crónánaċ, dála uisce reaṫa ṫar cloċa.

Síṙṫe. T. G. ar 'síreaḋ' .i. lorg. 'Cumann Síṙṫe na Síorruiḋeaċna' (l. 1) .i. dream d'imriġeaḋ báṡ orra féin d'réir mar ṫeiġeaḋ an crannċur orra.

Sladaire .i. duine a ḋeunfaḋ slad (.i. marḃaḋ).

Slámaḋ .i. ceud-réiḋteaċ olna, cíoraḋ garḃ. Sean-ḟocal: 'anté ḋein a ṡlámaḋ déineaḋ sé a ċíoraḋ.' .i. anté ċuir crann air cuireaḋ sé críoċ aer, nó, cion do ḋearṁaid ort.

Sliġe na fírinne .i. an tsíorruiḋeaċt.

Slím .i. tanaiḋe maiseaṁail.

Slíoḃaḋ .i. cuimilt, caiṫeaṁ, snasaḋ. f. l. 'slíoḃaḋ síne' (l. 46) .i. cruaiḋte oḋruiġṫe ag soininn is doininn.

Slíobṫa (f. slíopa) .i. sleaṁnuiġṫe, snasta.

Slíogṫa (f. slíocaṫa) .i. sleaṁnuiġṫe.

Sluaġ na farraige .i. an dream a ḃáḋtar. Deirtear gur lia sluaġ na farraige ná sluaġ na tíre.

Smúit .i. ceo, luaiṫreán. f. l. 'smúit na sliġe' (l. 85); 'smúit feartanna' .i. ceoċrán.

Snáṁ in aġaiḋ easa (l. 31) .i. rud ná beaḋ i gcumus duine é ḋeunaṁ. f. l. 'cur gaid um ġainim,' 'tuargain darac de ḋóirne,' ⁊c.

Snáṁ .i. imṫeaċt ar ċeiṫre ċroḃ (l. 71). 'Ag snáṁ leis' .i. ag goid leis.

Snoiġṫe .i. geárrṫa nó greannta (ag tagairt do ċloiċ); seirgṫe ag tinneas nó brón (ag tagairt do ḋuine).

Soċraid: 'aġaiḋ ṡoċraide' (l. 46) .i. gruamḋa gan greann.

Sóġlaistí .i. biaḋa milse so-ḃlasta.

Sop: 'd'ól sé an sop as an sraṫair,' .i. ḃris sé é féin le h-ól.

Sorn .i. teine ċraosaċ 'na leaġtar iarann, ⁊c.

Speaḃraoidí .i. taiḋḃreaṁ oṫair fiaṫrais nó meisceora.

Spleáḋċas .i. beann. Seo mar a ċuireaḋ na 'Carḃataí' agus na 'Sean-ḃestanna' a nduḃ-ṡlán fá n-a ċéile ar an aonaċ:

Carḃat: "Ṡidé an Carḃat ag toḃaċ roġa 's toġa an aonaiġ."

Sean-ḃest: "Ṡidé an tSean-ḃest gan spleáḋċas uaiḋ d'aon ḟear."

Splinc .i. gob no rinn ċaol carraige.

Spóirseaċ .i. teine ṁór. f. l. '. . . míniġṫe tar éis dul tré spóirsiġ scólṫa na sparainn . . .' .i. íde béil na bantraċta á ḃfágaint go mín maol.

Stáir .i. réim ruaṫraċ. 'Ar na stárṫa' .i. ar dearg-ṁeisce.

Stalca .i. (1) rud doċt teann; (2) duine in euġmais a luadair ag sceiṁle nó ag alltaċt.

Stróḋ ċur air .i. moill á ḃaint as, nó é stopaḋ.
Stróinse .i. mac leisce, beag a ṁaiṫ.
Strus : 'tá strus agus geall air' .i. tá talaṁ is táinte aige.
Stuamú .i. ceannsú, ciúnú.
Stuaim .i. ciall ⁊ éifeaċt.
Stuaire .i. óg-ḃean ṁaorḋa ṁaiseaṁail.
Suaiċniḋ (< so-aiṫnid) .i. soiléir, so-aiṫeanta.
Suḃailceaċ .i. glan-ionraic, séiṁ deaḃóideaċ.
Súgán ⁊ ama .i. baill an ṁuiníl de ċulaiḋ asail, ⁊c. Cuirtear san le greann ar 'bóna agus carḃat.'
Suiḃne Geilt. Tá sceul fada mar ġeall air sa Ṁeaḋon-Ġaeḋilg : gur ġaiḃ geilteaċas mire é i gcaṫ, agus go ndeaċaiḋ sé as ar eitilt ; gur ḟás clúṁ agus sciaṫáin air, go gcodluiġeaḋ sé ar ḃarraí na gcraoḃ, agus ná bíoḋ de ḃiaḋ aige aċt biolar agus foċluċt ; gur ḋein sé a ṡliġe go Gleann na nGealt agus gur ṫug tréiṁse ann, ⁊c., ⁊c.
Suncum .i. sásaṁ. f. l. 'bainfead suncum as . . .' (l. 29).

T.

Taḃairt amaċ air (l. 43) .i. a loċta féin agus loċta a ċine agus a ṡinsir a noċtaḋ ós árd dó.
Táiniste .i. (1) an dara mac is sine ('sinsear' .i. an mac is sine, agus 'sóisear' .i. an mac is óige) ; (2) daṁna ríoġ. 'i dtáiniste ḋo' .i. geall le beiṫ ċoṁ maiṫ nó ċoṁ dona le.
Tál .i. ag taoscaḋ amaċ. f. l. 'ag tál na ndeor' .i. ag sileaḋ ; 'tá an ḃó ag tál ar a laoġ,' .i. ag taḃairt bainne dó.
Talaṁ freagartaċ .i. talaṁ tortaṁail.
Táṁ-neul (.i. scamall báis) .i. panntais.
Taoide ṫuille .i. taoide líonta. 'Taoide aiṫḃe' (f. aiṫe) .i. taoide ṫráiġte. Tagann 'roḃarta' le nua-rae agus le lán-rae, agus 'mallúir' (< mall-ṁuir) eatorra.
Taoideaċ taoscaċ .i. go trom-ṡlaodaċ.
Tarrṫáil .i. síoṫċáin, cosaint. 'Fear na tarrṫála' .i. fear na h-eadarġaḃála.
Teann le truaġ ⁊ taise le tréan. A ṁalairt san a ċleaċtaḋ luċt gaisce inallóḋ.
Téarnaṁ .i. filleaḋ.
Teascaḋ. f. l. 'scoṫaḋ' róṁat.
Téiġeaṁ bráṫarḋa .i. aḋaint báiḋe le n-a céile i ndearḃráṫraċa.
Teiṁeal .i. scamall, scáil, rian. f. l. 'ní ḟeacaḋ teiṁeal de' (l. 79).
Teist .i. tuairisc, ainm.
Tiġ-oiġeaḋ .i. tiġ a mbíonn biaḋ ⁊ iosdas le fáġail ann.
Tiodal : d'réir úird a dtiodal is a gcéim (l. 2) .i. ordine dignitatis honorisque.

Tionlacaḋ (nó, tioḋlacaḋ, tionlacain) .i. dul i gcóiṁdeaċt le. 'Tionlacain an ṗilibín ón-a neid' .i. duine ċur amuġa.
Tiontóḋ .i. aistriú ó ṫeangain go teangain eile.
Tír na h-Óige is na Glóire (l. 3) .i. an tsíorruiḋeaċt.
Tnúṫ le .i. coinne le, caiṫeaṁ 'na ḋiaiḋ, eud le.
Toḃaċ : 'ag toḃaċ ar' .i. ag tairisgint do (go leanaṁnaċ). 'Ag toḃaċ cíosa' .i. ag éileaṁ cíosa le fóirneart. (B'ṡiné a ċeud-ḃríġ.)
Toċailt .i. pollaḋ ar nós madra.
Toċt .i. an ḃuaḋairt croiḋe agus aigne ná faġfaí a scéiṫeaḋ amaċ (G. S.).
Toġail .i. gaigeaṁail galánta.
Tógṫa : 'ní tógṫa ar' .i. ní cóir a ṁilleán ċur ar. F. l. 'ní gearránta,' 'ní maoiḋte,' 'ní seunta' .i. non est negandum (Céit.).
Ṫoicim (< feicim). Focal gríosta, ⁊c., san .i. seo leat.
Toirċim .i. neul trom codlata.
Toisc (l. 53) .i. gnó.
Tollaḋ .i. pollaḋ.
Tomanta .i. lán-dáiríriḃ.
Tósdalaċ (< tóiċeastalaċ) .i. maorḋa, uaiḃreaċ.
Treallaṁ .i. cóir, gleus. F. l. 'treallaṁ tráġdála,' 'treallaṁ troda,' ⁊c.
Treascairt .i. leagaint ar lár, cur dá ċois.
Tréiṁse .i. seal (fada).
Tríd síos .i. ó ṫús go deireaḋ.
Trioċa .i. deiċ fiċead. 'An trioċa ḃeiṫ slánuiġṫe aca' (l. 1). .i. 30 bliad'aois ḃeiṫ aca. F. l. 'níor ṡlánuiġ sé na deuga.'
Trioslóg .i. coiscéim ḟada.
Trom-luiġe .i. droċ-ṫaiḋbreaṁ.
Trom-ualaċ .i. dualgas, oibleagáid.
Tuairt .i. leagaint nó tuitim trom traoċta.
Tuar .i. coṁarṫa, páistine. F. l. 'tuar soininne,' 'tuar doininne' (l. 37) .i. coṁarṫa aimsire breáġ, coṁarṫa droċ-aimsire ; 'níor ṫuar me a ṁalairt duit' .i. ná duḃart leat gur mar sin a ḃeaḋ.
Tufálaisc .i. gaċ duine salaċ oitir liobarsaċ (G. S.).
Túismiġṫeoirí .i. aṫair agus máṫair.
Túrnae .i. atúrnae .i. fear dliġe.

U.

Uaill .i. liúiġ caointe nó péine.
Uallḟairt .i. glamġail, garḃ-liúiġ.
Uḃall bráġad .i. meall na scórnaiġe.
Úr .i. cré na roilge.
Urċóid (f. ruċóid) .i. mioscais, droċ-ċroiḋe. F. l. 'coṁ neaṁ-urċóideaċ le leanḃ.'
Úrlaḃra .i. laḃairt, caint.

e

231164

BOSTON COLLEGE

3 9031 01192368 7

O Curren

Boston College Library
Chestnut Hill 67, Mass.

Books may be kept for two weeks unless a shorter time is specified.

Two cents a day is charged for each 2-week book kept overtime; 25 cents a day for each overnight book.

If you cannot find what you want, inquire at the delivery desk for assistance.

2-50